Ba í 2024 an chéad bhliain a raibh orainn tuairisciú faoi Alt 10A, dualgas a tháinig i bhfeidhm ar an 10 Deireadh Fómhair 2022. Deimhníonn an BOO go bhfuilimid ag cloí go hiomlán leis an oibleagáid reachtúil cuid shuntasach dár bhfógraíocht a bheith i nGaeilge mar a ordáitear leis an alt seo.

Acmhainní Daonna

Cuireann an Rannóg Acmhainní Daonna an raon iomlán seirbhísí, feidhmeanna agus tacaíochtaí a bhaineann le AD ar fáil do gach bainistíocht agus ball foirne ar fud na heagraíochta. In 2024, rinne an Rannóg AD bainistiú ar earcú 387 ceapachán, rud a chinntigh go raibh soláthar leanúnach de chatagóirí éagsúla foirne ann chun freastal ar riachtanais ár ndaltaí agus ár bhfoghlaimoirí inár Scoileanna agus inár nIonaid BOaA go léir.

Áirítear thuas gur cheap an BOO 73 Post Ceannaireachta agus Bainistíochta in 2024. Rinne an Rannóg Acmhainní Daonna an próiseas earcaíochta inmheánach sin a bhainistiú, agus treisíodh na foirne ceannaireachta agus bainistíochta inár scoileanna dá bharr, agus béim á leagan ar na caighdeáin is airde i ndáil le torthaí oideachais a bhaint amach do scoláirí ionas go gcothófaí timpeallacht a bhfuil ardcháilíocht cúraim scoláirí, foghlama agus teagaisc ina bunchloch di.

Lean an Rannóg Acmhainní Daonna de chur i bhfeidhm ár modúl Ionduchtaithe ar líne a bhainistiú in 2024 do gach ball foirne nuacheaptha.

Soláthar, Aeráid, Caipitil & Bainistíocht Eastáit

Lean an BOO ar aghaidh ag infheistiú i mbonneagar oideachais ar fud Luimnigh agus an Chláir in 2024. Le linn 2024, ghlac baill foirne ón Rannóg Aeráide, Caipitil & Bainistíochta Eastáit (an Rannóg Caipitil & Soláthair roimhe seo) páirt i bhforbairt ghairmiúil fhoirmiúil agus

neamhfhoirmiúil, agus chuir baill foirne oiliúint ar fáil chomh maith d’Fhoirne Ardbhainistíochta BOaO agus scoileanna, agus do bhaill foirne riaracháin scoilbhunaithe agus ionadbhunaithe maidir leis an mBeartas Náisiúnta Soláthair agus Plean Soláthair Ilbhliantúil an BOO.

Dearbhaíonn an Cathaoirleach go gcloítear leis an mbeartas agus na nósanna imeachta soláthair ábhartha agus go bhfuil an Plean Soláthair Corparáideach á fhorbairt agus á chur i bhfeidhm.

Coinníodh leis an dlúthchomhar idir an Rannóg Aeráide, Caipitil agus Bainistíochta Eastáit agus an Rannóg Airgeadais in 2024. Thug an tOifigeach Airgeadais tuairisc don Choiste Iniúcháireachta agus don Choiste Airgeadais maidir leis an gClár Caipitil agus ar an bhfeidhm Sholáthair le linn 2024, agus tá tuairiscí faoi thairiscintí os cionn €100,000 fós á n-eisiúint ag gach cruinniú den Choiste Airgeadais.

Straitéis Airgeadais

Is é cuspóir na Rannóige Airgeadais tacaíocht a thabhairt don Bhord chun na cuspóirí atá leagtha síos sa Phlean Seirbhíse bliantúil a bhaint amach faoi shrian an bhuiséid. Áirítear leis an tacaíocht airgeadais tacaíocht maidir le cinnteoireacht, rialú corparáideach ar airgead poiblí, próiseáil idirbheart agus cuntasacht, agus a chinntiú gur chomhlíon an BOO a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach. Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird gur chloígh an Bord lena oibleagáidí faoin dlí cánach.

Cuntasacht Reachtúil

Deimhníonn an Bord go bhfuil sé de fhreagracht air an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú agus measann sé go gcuirtear i láthair go cuí sna ráitis airgeadais ioncam agus caiteachas an údaráis agus staid chúrsaí an údaráis.

Foinsí Maoinithe

Is féidir miondealú mionsonraithe ar fhoinsí maoinithe a fheiceáil inár Ráitis Airgeadais Bhliantúla (RAB).

Ráitis Airgeadais 2024

Tá sé de fhreagracht ar an BOO an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú, agus, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil dó, measann sé go gcuirtear i láthair go cuí sna ráitis airgeadais ioncam agus caiteachas an údaráis agus staid chúrsaí an údaráis.

Tá Ráitis Airgeadais Bhliantúla an BOO don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 faoi réir a n-íniúchta ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nuair a bheidh an t-íniúchadh sínithe ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, foilseoidh an BOO na ráitis airgeadais iniúchta laistigh de mhí tar éis iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtair.

Fuinneamh & Gníomhú ar son na hAeráide

- **Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa**

Laghdaigh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir astaíochtaí CO₂ iomlána ón mbonnlíne in 2016 de 3,808,758 (kgCO₂) go 2,882,589 (kgCO₂) in 2023. Is laghdú 926,169 (kgCO₂) san iomlán é seo. Ionas go mbainfidh an BOO spriocanna 2030 amach, ní mór laghdú 1,633,426 (kgCO₂) ar CO₂ a dhéanamh faoi 2030. Tá sonraí astaíochtaí CO₂ 2024 á dtiomsú faoi láthair agus tá nuashonrú le teacht i lár 2025.

Cur i bhFeidhm an tSainordaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide

Ár Spriocanna-

- ✓ Ní mór an t-iomlán (CO₂) a laghdú faoi 56.7% ó leibhéal 2023 laistigh den chéad 7 mbliana eile chun spriocanna 2030 a bhaint amach.
- ✓ Tá feabhas 100% tagtha ar éifeachtúlacht fuinnimh ó bhonnlíne 2016.
- ✓ D'fhoilsigh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a dhara Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide in 2024.

Ár nDaoine-

- ✓ Tá an Rannóg Aeráide, Caipitil & Bainistíochta Eastáit freagrach as Straitéis Aeráide agus Fuinnimh an BOO a chur i bhfeidhm.
- ✓ Tá Foirne Glasa bunaithe agus acmhainní curtha ar fáil i láithreacha tábhachtacha chun éifeachtúlacht fuinnimh agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn.
- ✓ Tá Seaimpín na hAeráide agus na hInbhuanaitheachta atá ina bhall den Fhoireann Ardbhainistíochta ainmnithe ag an BOO.
- ✓ Tá Teastas Gairmiúil an Fhorais Riaracháin i nGníomhú ar son na hAeráide agus i dTuairisciú Inbhuanaitheachta curtha i gcrích ag Foireann Bainistíochta Fuinnimh BOO Luimnigh agus an Chláir.
- ✓ Tá baill foirne á gclárú in oiliúint ar ghníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht.
- ✓ Is ball de Ghrúpa Oibre BOOÉ um Ghníomhú ar son na hAeráide agus na hInbhuanaitheachta an tOifigeach Feidhmíochta Fuinnimh.
- ✓ Tá grúpa Stiúrtha an BOO um an Aeráid & an Inbhuanaitheacht bunaithe agus is grúpa ionadaíoch trasfheidhmeach é a bunaíodh chun tacú leis an BOO agus é ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin atá roimh an eagraíocht i ngach ábhar a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide agus na hinbhuanaitheachta.

Ár Slí Oibre

- ✓ In 2024, thuairiscigh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ar úsáid an fhuinnimh ar fud na heagraíochta chuig Córas Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&T) Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.
- ✓ De réir S.I.426, beidh Iniúchtaí Fuinnimh agus Deimhnithe Taispeána Fuinnimh ag an BOO d'fhoirgnimh in 2024.
- ✓ Breithníodh critéir um Sholáthar Poiblí Glas i gcomórtais soláthair in 2024.
- ✓ Chuir an BOO feachtas 'Laghdaigh d'Úsáid' i bhfeidhm sna háiteanna sin le linn míonna an gheimhridh.
- ✓ Leanadh le cur i bhfeidhm an digitithe in 2024 chun an éifeachtúlacht a uasmhéadú i dtéarmaí bealaí oibre agus laghdú fuinnimh, lena n-áirítear socruithe cianoibre.
- ✓ Chríochnaigh an BOO an Clár Rannpháirtíochta Daoine de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann i gcomhar leis an aonad eacnamaíochta iompraíochta.
- ✓ Déantar bailiúcháin dramhaíola a dheighilt mar bhruscar ginearálta, bruscar athchúrsála agus bruscar orgánach i suíomhanna BOO.

Ár gcuid Foirgneamh agus Feithiclí-

- ✓ In 2024, rinne an BOO athbhreithniú ar roghanna soláthair maidir le pointí luchtaithe feithiclí leictreacha a sholáthar inár n-oifigí, inár scoileanna agus ar champais Bhreisoideachais agus Oiliúna i gcomhthráth le córas póilótach Bainistíochta Fuinnimh.
- ✓ Cuirtear Deimhnithe Taispeána Fuinnimh ar taispeáint i bhfoirgnimh an BOO.

- ✓ In 2024, scoir an BOO de bhreoslaí iontaise a úsáid i gcórais téimh ar thionscadail chaipitil nua agus ar thionscadail chaipitil mhóra.
- ✓ Bhí an BOO i dteagmháil leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) agus le SOLAS in 2024 ar an gClár Pathfinder an BOaO.
- ✓ In 2024, thosaigh an BOO ag glacadh páirte i dtionscadal T&F Dícharbónaithe DEC02 arna maoiniú ag an Eoraip.

Gníomhaíochtaí Inbhuanaitheachta-

- ✓ Ghlac an fhoireann páirt sa Chlár Luasghéaraithe Rannpháirtíochta Daoine.
- ✓ In 2024, sheol Rannóg Aeráide an BOO an comórtas Laghdaigh, Athúsáid, Athchúrsáil ar a dtugtar, **'Make a Switch'**.
- ✓ Tá grúpa Stiúrtha an BOO um an Aeráid & an Inbhuanaitheacht bunaithe agus is grúpa ionadaíoch trasfheidhmeach é a bunaíodh chun tacú leis an BOO agus é ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin atá roimh an eagraíocht i ngach ábhar a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide agus na hinbhuanaitheachta.
- ✓ Lean foireann an BOO orthu ag baint leasa as an gcúrsa oiliúna faoi bhunghnéithe NZEB (Foirgnimh Beagnach Nialasacha Fuinnimh) ar Champas Nuálaíochta Glas an BOO.
- ✓ Sheol an BOO a thionscnamh píolótach Foirne Glasa i mbliana. Díríodh an tionscadal píolótach ar Iar-bhunscoil amháin (1), 2 Champas BOaO agus 2 oifig Riaracháin ionas go bhféadfadh foirne abhcóideacht a dhéanamh ar son an dea-chleachtais chomhshaoil

**Achoimre Airgeadais
don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024.**

**Limerick and Clare Education and Training Board
Ráiteas Oibriúcháin don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2024**

Ullmhaítear Ráitis Airgeadais an BOO i leith 2024 agus cuirtear faoi bhráid na Roinne Oideachais agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh. Tar éis don Ard-Reachtaire an t-
iniúchadh a shíniú agus tar éis don Roinn Oideachais na cuntais a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais, foilseofar na Ráitis Airgeadais ar shuíomh gréasáin an BOO agus beidh siad nasctha leis an Tuarascáil Bhliantúil.

Tá sonraí airgeadais maidir leis an méid seo a leanas san áireamh sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil

- ✓ Táillí neamh-thuarastail a íocadh i leith chomhaltaí an Choiste;
- ✓ Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha fostaithe;
- ✓ Sochair iarfhostaíochta;
- ✓ Sochair foirceanta;
- ✓ Cúiteamh don phríomhfhoireann bainistíochta, más ann dóibh;
- ✓ Líon na bhfostaithe a raibh sochair fostaithe iomlána idir €0 agus €59,999 acu;
- ✓ Líon na bhfostaithe a raibh sochair fostaithe iomlána idir €60,000 agus €69,999 acu agus laistigh de gach banda pá de €10,000; agus
- ✓ An figiúr foriomlán le haghaidh ranníocaíochtaí pinsin fostóirí.

Roinn na Scoileanna



Tá an BOO freagrach as 3 scoil náisiúnta pobail, seomra ranga satailíte de chuid Scoil Náisiúnta Pobail Mhol an Óige sa Ghleann Rua, Contae Luimnigh, 17 iar-bhunscoil i Luimneach agus sa Chlár agus 1 Scoil Speisialta Pobail a bhainistiú agus a oibriú. Tá an BOO ina chomhphátrún ar 5 Phobalscoil. Chomh maith le bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna a bhainistiú, tá an rannóg freagrach chomh maith as Seirbhísí Oibre don Aos Óg, as an bhFoireann Oideachais agus Teanga Réigiúnach (REALT) agus as an gComhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach (CÁOI).

Tacaíocht a thabhairt do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Oideachais Bhreise acu

Tá an BOO tiomanta do thacaíocht a thabhairt do dhaltaí a bhfuil riachtanais oideachais bhreise acu trí réimse acmhainní agus seirbhísí a chur ar fáil agus iad oiriúnaithe do riachtanais aonair. Áirítear leis seo mapáil soláthair, bunú Ranganna Speisialta, úsáid teicneolaíochtaí cúnta, agus foireann thiomnaithe atá oilte chun tacú le riachtanais foghlama éagsúla. Comhoibríonn an BOO go dlúth le scoileanna, teaghlaigh agus eagraíochtaí ábhartha chun a chinntiú go bhfaigheann daltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu an tacaíocht riachtanach chun a gcuid spriocanna oideachais a bhaint amach. Trí chleachtais chuimsitheacha agus trí bhéim a chur ar inrochtaineacht, déanann an BOO iarracht timpeallacht a chruthú inar féidir le gach dalta dul chun cinn a dhéanamh agus a lánacmhainneacht a bhaint amach. Oibríonn an BOO go dlúth leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) chun feabhas a chur ar rochtain ar ranganna speisialta agus ar ranganna do dhaltaí a bhfuil neamhord de chuid speictream an uathachais orthu a fheabhsú i Luimneach agus sa Chlár.

Leibhéal Bunscoile

Is bunscoileanna páistelárnacha, ionchuimsitheacha, ilchreidmheacha faoi thacaíocht an stáit iad ár dtrí scoil náisiúnta pobail agus soláthar ranganna satailíte (Gleann Rua, Co. Luimnigh) a sholáthraíonn oideachas bunscoile ardchaighdeáin do gach leanbh i gcomhréir le Curaclam Náisiúnta na Bunscoile de chuid na Roinne Oideachais. I Meán Fómhair 2024, osclaíodh Scoil Speisialta Pobail nua i Mungairit agus Scoil Náisiúnta Pobail athchumraithe – Scoil Náisiúnta Pobail Fheadamair, Feadamair, Co. Luimnigh. Bhí 278 dalta ar an iomlán cláraithe sna scoileanna in 2024.

Glacann gach scoil páirt sa líonra tacaíochta náisiúnta arna eagrú ag BOOÉ maidir leis an gclár *Ar Mhaithe Liomsa, Ar Mhaithe Leatsa* do Scoileanna Náisiúnta Pobail.

Rollú Iarbhír agus Rollú Réamh-Mheasta (Bunscoileanna)			
Uimhir Rolla	Scoil	Líon ar an Rolla 2024	Réamh-mheastachán ar an Líon Daoine a Chuirfear leis an Rolla in 2025
20313J	Scoil Náisiúnta Phobail Mol an Óige, Inis Díomáin, Co. an Chláir	99	97
	Seomra ranga satailíte an Ghleanna Rua, an Gleann Rua, Co. Luimnigh (faoi scáth S.N.P. Mol an Óige, Inis Díomáin, Co. an Chláir)	46	54
20312H	Scoil Náisiúnta Phobail Choill na Ráithíní, Tuaim Gréine, Co. an Chláir	97	92
	SNP Fheadamair (Croí na Coille)	6	15
14067L	Scoil Speisialta Phobail Luimnigh	30	48
	Iomlán	278	306

Iar-Bhunscoil

Cuireann an BOO timpeallacht fháilteach agus ionchuimsitheach ar fáil, tá sé tiomanta don tsármhaitheas sa teagasc agus san fhoghlaim, tá sé thar a bheith nuálach agus freagrúil do riachtanais na bpobal áitiúil agus soláthraíonn sé ceannaireacht láidir scoile. Tá cáil ar ár scoileanna as cultúr scoile fáilteach agus ionchuimsitheach a bheith acu agus táimid tiomanta dá chinntiú go mbainfidh gach dalta a lánacmhainneacht amach. I mí Mheán Fómhair 2024, bhí 9,932 dalta ar an rolla i scoileanna de chuid an BOO.

Is é aidhm fhoriomlán Rannóg na Scoileanna ná luach a chur le héifeachtúlacht gach ceann de na scoileanna BOO trí réimse tacaíochtaí a sholáthar chun tuilleadh feabhais a chur ar eispéireas agus torthaí na scoláirí. Baintear é seo amach trí chomhairliúchán le Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí, grúpaí fóram sonracha (Fóram Chomhordaitheoirí na Bliana Idirbhliana, Fóram na gComhairleoirí Treorach, Fóram na gComhordaitheoirí Oideachais Speisialta (SENCo), Fóram na bPríomhoidí Cúnta, Fóram na gCeannairí Digiteacha, Fóram na gCeannairí Curaclaim, fóram Chomhordaitheoirí DEIS agus Fóram Chomhordaitheoirí na Foirne Tacaíochta Daltaí), múinteoirí, agus ár bhfoireann tacaíochta trí réimsí tosaíochta a aithint.

Tacaíonn Rannóg na Scoileanna le scoileanna maidir le riachtanais na Roinne Oideachais a chur i bhfeidhm agus trí dhlúthchomhpháirtíocht leis na príomhsholáthraithe ó sheirbhísí tacaíochta na Roinne Oideachais amhail Oide, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Tusla, an

Chomhairle Náisiúnta um Riachtanais Oideachais Speisialta, an tIonad um Cheannaireacht Scoile, agus comhlachtaí ábhartha eile. Cuireann Rannóg na Scoileanna tacaíochtaí ar fáil ar 3 phríomhbhealach soláthraithe seirbhísí, is iad sin: Ceannaireacht sna Scoileanna, Foghlaim, Teagasc agus Measúnú Ardchálíochta, agus Tacaíocht do Dhaltaí agus don Fhoireann.

Tugann an BOO tacaíocht do scoileanna aonair chun a ról sna pobail a fheabhsú trí chomhoibriú agus cumarsáid mhéadaithe leis na páirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear scoláirí, tuismitheoirí, eagraíochtaí áitiúla spóirt agus pobail, agus eagraíochtaí deonacha.

Baineann iar-bhunscoileanna an BOO leas as líonra tacaíochta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí agus roinnt pobal cleachtas arna n-eagrú ag Stiúrthóir na Scoileanna. Tacaíonn Foireann Tacaíochta Rannóg na Scoileanna le forbairt ghairmiúil do bhaill foirne agus le treoir agus cúnamh do scoileanna. Cuireadh oiliúint ar bhoird bhainistíochta gach scoile maidir lena bhfreagrachtaí agus a bhfeidhmeanna i rith 2024 trí chruinnithe Zoom ar mhaithe le háisiúlacht na rannpháirtithe.

Clár Iar-Bhunscoile

I measc na gclár atá ar fáil in Iar-bhunscoileanna an BOO, tá:

- An tSraith Shóisearach (Leibhéal 3, 2 agus 1 agus TSCS (Teastas Sóisearach - Clár Scoile))
- Clár Idirbhliana
- An Ardteistiméireacht
- Gairmchlár na hArdteistiméireachta
- Clár Ardteistiméireachta Feidhmí

Áirítear ar na hábhair atá ar fáil ar churaclam na scoileanna eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, matamaitic (STEM) teangacha, daonnachtaí, agus ealaíona ar an leibhéal sóisearach agus an leibhéal sinsearach araon. Dírímid ar fhorbairt iomlánaíoch ár ndaltaí agus chuige sin, spreagaimid ár ndaltaí chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim lena n-áirítear spórt, drámaíocht, ceol, eolaíocht, fiontraíocht, díospóireacht agus tionscadail ilmheán

Tuairiscí Cigireachta

In 2024, rinne Cigireacht na Roinne Oideachais cigireachtaí i ndeich gcinn dár scoileanna. Cuireann an BOO seo fáilte mhór roimh an aiseolas agus an tacaíocht a chuir an Chigireacht ar fáil. Is féidir na tuarascálacha seo a fheiceáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais <https://www.gov.ie/en/school-reports/>.

Rollú Iarbhír agus Réamh-Mheasta (Iar-Bhunscoil)

Leagtar amach sa tábla thíos na rolluithe méadaithe inár scoileanna in 2024 agus na rolluithe réamh-mheasta do Mheán Fómhair 2025.

Uimhir Rolla	Scoil	Rollú 30 Meán Fómhair '24	Líon ar an Rolla Rollú Réamh-mheasta 30 Meán Fómhair '25
70830N	Coláiste Pobail na hInse, Inis, Co. an Chláir	613	625
70860W	Coláiste Pobail Chill Mhichíl, Cill Mhichíl, Co. an Chláir	291	287
70880F	Coláiste Pobail Naomh Iósaf, Cill Chaoi, Co. an Chláir	171	173
70900I	Coláiste Pobail na Scairbhe, An Scairbh, Co. an Chláir	458	434
70901 K	Coláiste Pobail Naomh Áine, Cill Dalua, Co. an Chláir	719	744
71700F	Coláiste Mhuire, Eas Géitine, Co. Luimnigh	294	271
71790J	Coláiste Dheasumhan, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh	515	529
71840V	Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh	783	841
71850B	Coláiste na Collchoille, Drom Collachair, Co. Luimnigh	563	570
76061W	Coláiste na Trócaire, Ráth Caola, Co. Luimnigh	533	538
76070A	Coláiste Iósaef, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh	508	501
76073G	Coláiste Chaladh an Treoigh, Caladh an Treoigh, Luimneach	1329	1375
76075 K	Coláiste Pobail Naomh Eoin Bosco, Cill an Dísirt, Co. an Chláir	301	298
76093M	Coláiste Íde agus Iósaf, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh	692	680
76101I	Gaelcholáiste Luimnigh, Meala Sir Harry, Luimneach	616	620
76414G	Coláiste Pobail Thuamhain, Páirc Mhaoilis, Luimneach	606	610
76476 F	Coláiste Pobail Mhungairit, Mungairit, Co. Luimnigh	940	988
	IOMLÁN	9932	10084

Comhionannas Oideachais a Chur i bhFeidhm ar Scoil (DEIS)

Tá Clár DEIS (Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh) á chur ar fáil i 6 gcinn dár gcuid scoileanna. Tairgeadh réimse thar a bheith leathan ábhar, lena n-áirítear teangacha, na daonnachtaí, na healaíona, teicneolaíochtaí agus eolaíocht, sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach araon. Spreagadh na daltaí páirt a ghlacadh i ngach gné de shaol na scoile, lena n-áirítear gníomhaíochtaí seach-churaclaim ar nós na n-ealaíon cócaireachta, drámaíocht, ceol, teicneolaíocht agus spórt. Chun an caighdeán teagaisc agus foghlama is airde a chinntiú, agus an t-eispéireas oideachais is fearr is féidir dá daltaí, thairg Rannóg na Scoileanna tacaíochtaí do gach scoil i réimsí na Forbartha Gairmiúla Leanúnaí, Ionduchtaithe Múinteoirí, Litearthachta Teanga agus Uimhearthachta, Oideachais Speisialta, Teagasc agus Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta, an clár Múinteoirí agus Ceannaireachta, Béarla mar Theanga Bhreise, chomh maith le Clár Forbartha agus Tacaíochta Ceannaireachta do Phríomhoidí, Leas-Phríomhoidí agus sealbhóirí poist sa Mheánbhainistíocht. Eagraíodh cruinnithe le príomhoidí agus le comhordaitheoirí DEIS na scoileanna DEIS le linn 2024 chun dea-chleachtas a scrúdú agus a chur chun cinn maidir le tacú le daltaí i scoileanna DEIS.

Soláthar Reatha & Pleanáilte do dhaltaí a bhfuil Riachtanais Oideachais Bhreise acu

Tá scoileanna an BOO tar éis líon na ranganna speisialta a mhéadú ó 5 in 2019 go 28 i Meán Fómhair 2024. Is méadú suntasach é seo chun freastal ar riachtanais na ndaltaí inár bpobail. Tá Rannóg na Scoileanna ag obair go dlúth le CNOS chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ngá atá le ranganna breise i scoileanna ar fud an réigiúin.

Bíonn múinteoirí a bhfuil taithí agus na cáilíochtaí cuí acu, agus a bhfuil cúlra acu oibriú le daltaí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu, ag teastáil ó dhaltaí i ranganna speisialta. Bíonn scoileanna fíor-réamhghníomhach ó thaobh freastal ar riachtanais forbartha gairmiúla leanúnaí a múinteoirí ranga speisialta, chomh maith le beartais na scoile uile a fhorbairt agus a athbhreithniú i ndáil le hoideachas agus cuimsiú daltaí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu.

Tacaíochtaí do Scoileanna

Tacaíodh le scoileanna ó thaobh cleachtas scoile ionchuimsitheacha a fhorbairt, lena n-áirítear tacaíocht leanúnach ó Chomhordaitheoirí Riachtanas Oideachais Speisialta (CROSanna), Fóram Ceannairí Curaclaim, Foirne Riachtanas Breise Oideachais i scoileanna, Boird Bhainistíochta, ceannairí scoile, múinteoirí, agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna). Áirítear i ngach Polasaí Iontrála don BOO eolas soiléir do thuismitheoirí/caomhnóirí maidir le daltaí a bhfuil Riachtanais Bhreise Oideachais acu.

Comhoibriú le Scoil Oideachais Ollscoil Luimnigh

D'éagraigh Rannóg na Scoileanna roinnt seimineár ar líne agus seimineár amháin duine le duine do mhic léinn Scoil Oideachais Ollscoil Luimnigh sula ndeachaigh siad amach ar shocrúchán scoile. Thug gach seimineár ar líne léargas ar réimsí ábhartha do na múinteoirí faoi oiliúint seo amhail Beartas Náisiúnta & Treoirínite agus tacaíochtaí do mhúinteoirí.

Tacaíonn an Dr Jennifer McMahon ó Choláiste Mhuire Gan Smál leis an gclár Síceolaí Cúnta atá i bhfeidhm i 7 n-iar-bhunscoil BOO.

Tionscadal arna maoiniú ag Erasmus+ - Rannóg na Scoileanna agus Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach

Tá Rannóg na Scoileanna agus Dámh an Oideachais i gColáiste Mhuire Gan Smál (MIC) i mbun tionscnaimh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh faoi láthair ina bhfuil 16 institiúid nua um

Acadamh Múinteoirí Erasmus+ , a bhaineann leas as €22.5 milliún ó bhuiséad Erasmus+ thar trí bliana chun deiseanna foghlama a chur ar fáil do mhúinteoirí i ngach céim dá ngairmeacha beatha, lena n-áirítear soghluaisteacht, ardáin foghlama agus pobail ghairmiúla. Tacóidh sé le múinteoirí réamhsheirbhíse, múinteoirí i mbun seirbhíse agus ceannairí oideachais. Tagann an grúpa le chéile chun machnamh a dhéanamh ar na dúshláin a bheidh roimh an oideachas amach anseo, agus fíis a fhorbairt bunaithe ar a gcreideamh aonair agus ar riachtanais a bpobal scoile, trí chomhoibriú leis an earnáil oideachais agus teicneolaíochta níos leithne. Tá na grúpaí ag obair chun dúshláin shonracha a bhaineann le ceannaireacht oideachais dhigiteach a réiteach ag an am agus na scileanna agus an saineolas riachtanach a fháil trí fhorbairt ghairmiúil fhoirmiúil ar líne.

Tá Acadamh Múinteoirí IDEAL Futures ag forbairt réimse gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla agus mol digiteach comhoibríoch chun deiseanna a chur ar fáil d'oideachasóirí forbairt mar cheannairí oideachais dhigitigh amach anseo. Tá acmhainní deartha cheana féin aige chun tacú le múinteoirí réamhsheirbhíse, múinteoirí i mbun seirbhíse agus ceannairí oideachais. Tacaítear leis an ngrúpa chun dúshláin shonracha a bhaineann le ceannaireacht oideachais dhigiteach a réiteach go comhuaineach agus na scileanna agus an saineolas riachtanach a fháil trí fhorbairt ghairmiúil fhoirmiúil ar líne. Is iad na príomhchuspóirí ná:

- tacú le comhoibriú ardchaighdeán idir Ollscoileanna ITE, soláthraithe FG Múinteoirí, eagraíochtaí fostaíochta múinteoirí, Lucht Déanta Beartas, agus soláthraithe Teicneolaíochta Oideachais
- na príomhdhúshláin, fadhbanna agus aincheisteanna atá roimh mhúinteoirí réamhsheirbhíse agus inseirbhíse i ré dhigiteach a aithint i gcomhthéacs éiceachóras na ceannaireachta digití. Tagann siad seo ó pheirspictíochtaí beartais, cleachtais, oideolaíocht
- agus deiseanna aitheantais do mhúinteoirí chun cur chuige claochlaitheach i leith ceannaireachta digiteach san oideachas a athshamlú agus a threorú,
- samhail oideolaíoch il-leibhéil ardchaighdeán a fhorbairt agus a mheasúnú a thacaíonn le hidirphlé claochlaitheach agus a threoraíonn cur chuige comhoibríoch agus comhtháite chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna atá roimh an oideachas maidir le ceannaireacht dhigiteach oideolaíoch,
- réimse ábhar forbartha gairmiúla, gníomhaíochtaí agus cúrsa micridhintiúir ghaolmhara a chruthú chun an tsamhail oideolaíoch a chur i bhfeidhm. Tacaíonn siad seo le hoideoirí ar fud gach leibhéal oideachais chun scileanna i gceannaireacht oideachais dhigiteach a chothú, lena n-áirítear acmhainní oideachais oscailte foirmiúla, ceardlanna sioncronacha, haiceatóin, breathnuithe piaraí, tionscadail foghlama claochlaitheacha agus gníomhaíochtaí taighde bunaithe ar dhearadh.

Tharla malartú amhain múinteoirí i mbliana, an chéad cheann go Rennes i mí na Nollag 2024.- Bhí múinteoirí páirteach san obair chun an t-ardán malartaithe digitigh a reáchtáil ar bhonn píolótach. Téama lárnach ab ea comhtháthú lánbhí na hintleachta saorga san oideachas, go háirithe an chaoi a bhféadfadh sé tacú le measúnú.

Éiteas

Bhunaigh na scoileanna páirteacha go léir Ambasáid Éiteas agus toghfaidh siad Ambasadóirí Éiteas na nDaltaí. Feidhmíonn Ambasadóirí Éiteas mar bhaill réamhghníomhacha i bpobal na scoile ag cur Éiteas chun cinn trí ghníomhaíochtaí/imeachtaí éagsúla do dhaltaí (duine aonair do gach scoil) bunaithe ar na Croíluachanna agus ar na ráitis chleachtais éifeachtacha. Tá sé de rogha ag scoileanna béim a chur ar na Croíluachanna is gá díriú isteach orthu, dar leo féin. Tá sé de chúram ar Ambasadóirí Éiteas athbhreithniú a dhéanamh ar an mBeartas Frithbhulaíochta ina

scoil féin ionas go mbeidh sé úsáideach do gach scoil atá ag díriú ar an bPlean Gníomhaíochta Bí Cineálta agus é a chur i gcomhréir leis na ráitis i gCreat na bPátrún maidir le hÉiteas. Lorgaítear rannpháirtíocht/athbhreithniú tuismitheoirí maidir leis an mbeartas ó Ambasadóirí Éiteas. Déanann Foirne Ceannaireachta Éiteas maoirseacht ar an obair seo ina scoileanna aonair.

Seimineáir um Meáncheannaireacht

Eagraíodh trí sheimineáir ar líne d'fhoirne Ceannaireachta agus Bainistíochta Scoileanna an BOO le linn 2024. Ba é cuspóir na seimineáir seo spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do rannpháirtithe chun fiosrú a dhéanamh ar a bhfuil i gceist leis an Meáncheannaireacht agus a éilíonn múinteoirí a oibríonn ag an leibhéal seo, agus tá teoiric an dea-chleachtas agus foghlaim fheidhmeach ó thaithí mar bhonn leis an méid sin go léir. Thacaigh an tsraith seo le rannpháirtithe a n-inniúlacht agus a muinín a fheabhsú agus iad ag freagairt d'athruithe i scoileanna.

Muintearas inár Scoileanna

D'éagraigh Rannóg Scoileanna an BOO seimineáir ar líne do bhaill foirne na scoileanna uile ar an 30 Samhain 2024 leis an Dr cáiliúil Coleman Noctor. Seisiún an-spreagúil agus inspioráideach a bhí san ócáid seo agus eagraíodh í chun aitheantas a thabhairt don ranníocaíocht agus don tiomantas den scoth gach ball foirne inár scoileanna.

Seimineáir do Thuismitheoirí & Caomhnóirí

D'éagraigh an BOO sraith seimineáir speisialta ar líne do thuismitheoirí/caomhnóirí leanaí a fhreastalaíonn ar scoileanna maidir le hábhair thábhachtacha. Bhí an chéad cheann díobh seo ar siúl faoi thábhacht an chodlata agus mar is féidir linn a chinntiú go mbainfidh ár bpáistí leas as dea-ghnáthamh codlata leis an gcomhairleoir, Tom Coleman. Rinne FSS seimineáir ar líne do thuismitheoirí a éascú chomh maith maidir le vápáil.

Gradaim BD STEM Stars

Chuir Rannóg Scoileanna an BOO tús le comhoibriú comhpháirteach trí bliana ó shin ar a dtugtar BD STEM STARS mar thionscnamh chun rannpháirtíocht in ábhair ETIM a chur chun cinn. Tugann an tionscadal deis do dhaltáí a dhéanann staidéar ar ábhair eolaíochta léiriú a dhéanamh ar an tslí is féidir ETIM a úsáid chun fíorfhadhbanna sláinte a réiteach. Agus é ina thríú bliain anois, tá an tionscnamh oscailte do gach meánscoil san Iarthar Láir.

Is príomhchuideachta teicneolaíochta leighis domhanda í BD ina bhfuil breis is 70,000 duine ar fud an domhain fostaíthe. Bhunaigh BD Ionad Taighde Éireann, Luimneach i mí Feabhra 2017 mar mhol taighde agus forbartha domhanda. Bhain Coláiste Dheasumhan an chéad áit amach ag an mbabhta ceannais in Ionad Taighde Éireann i Luimneach Déardaoin, an 30 Márta 2024: bhain Coláiste Chiaráin an tríú háit amach.

Comhoibriú le BOOÉ

Tá ár scoileanna, le tacaíocht ó rannóg na scoile, ag glacadh páirte go gníomhach in dhá chomhoibriú le BOOÉ. Tá scoileanna ag gabháil do thacaíochtaí i ndáil le croíluachanna agus éiteas chomh maith le mapáil soláthair.

Comhoibriú le hIonaid Oideachais Allamuigh na Boirne agus Chill Fhíonáin agus Scoileanna an BOO

Tacaíodh Ionaid Oideachais agus Oiliúna Allamuigh na Boirne agus Chill Fhíonáin lenár scoileanna trí champáil lae agus cónaithe a chur ar fáil do dhaltáí. Ina theannta sin, d'óstáil siad Measúnuithe

Bunaithe sa Seomra Ranga agus chomhordaigh siad imeacht Treodóireachta don Dara Bliain i bPáirc Foraoise na Cora a raibh breis is 500 rannpháirtí i láthair ann.

Buaicphointí Scoile in 2024

Imeacht 'Luathghairme Acadamh na nEolaíochtaí Sláinte Sóisearacha

D'oibrigh Rannóg Scoileanna an BOO leis an Acadamh Eolaíochtaí Sláinte, comhpháirtíocht idir Ollscoil Luimnigh, Grúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh agus Eagraíocht Cúraim Sláinte Pobail an Iarthair Láir de chuid FSS, chun an t-imeacht thar a bheith rathúil seo a eagrú. Rinne Ionad Oideachais Luimnigh an t-imeacht a chur chun cinn do lucht féachana náisiúnta; is leathnú ar an bhfócas réigiúnach é seo in 2024. Chuir an t-imeacht eolas ar fáil do dhaltáí faoi ghairmeacha beatha in earnáil na sláinte. Rinne Rannóg Scoileanna an BOO coincheap an imeachta a fhorbairt i gcomhpháirt le hAcadamh na nEolaíochtaí Sláinte in Ollscoil Luimnigh mar fhreagairt chomhoibríoch chun teagmháil a chothú le scoileanna agus le daltaí, go háirithe na daltaí sin san Idirbhliain nach féidir leo cuairt a thabhairt ar ospidéal ná ar shuíomhanna clínicíúla eile chun taithí oibre a dhéanamh. Dearadh é le bheith chomh faisnéiseach agus chomh hidirghníomhach agus ab fhéidir, ag cur béime ar chúram sláinte mar chonair ghairme do dhaltáí na hIdirbhliana. Chuir taighde deisce, grúpaí fócais daltaí agus múinteoirí i scoileanna an BOO agus rannpháirtíocht níos leithne Ionad Oideachais Luimnigh bonn eolais faoin imeacht. D'fhreastail breis is 17,00 Dalta ar an imeacht seo.

An Tionscadal Care Aware Crew - Iniúchadh ar Thaithí Daltáí

Is comhoibriú atá sa Tionscnamh Care Aware Crew idir BOO, Acadamh na nEolaíochtaí Sláinte Sóisearaí, Ollscoil Luimnigh, Ospidéal na hOllscoile Luimnigh agus Cúram Sláinte Pobail FSS an Iarthair Láir.

In 2024, ghlac Príomhoidí agus Múinteoirí Ranga as trí scoil déag i Luimneach agus sa Chlár (lena n-áiríodh 17 rang / thart ar 400 dalta san iomlán) páirt i gCéim 2 den Scéim Phíolótach Care Aware Crew chun fiúntas agus éifeachtúlacht an chlár a thástáil Tá cúig cheacht in-íoslódáilte sa chlár agus iad deartha go nuálach (formáid MP4) - gach ceann díobh faoi ghné dhifriúil den Gharchabhair - ullmhaithe ag gairmithe leighis atá lonnaithe go háitiúil tar éis dul i gcomhairle leis na múinteoirí agus na daltaí a ghlac páirt sa chlár. Tá na ceachtanna beartaithe lena n-úsáid le daltaí i Rang 3 agus/nó Rang 4. Chuir an Fhoireann Tionscadail leabhair oibre saincheaptha, trealamh leighis agus ábhair eile ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltáí chun feabhas a chur ar eispéiris teagaisc agus foghlama.

Faoi threoir an Dr Jennifer McMahon, rinne foireann Ollscoil Luimnigh taighde ar thaithí múinteoirí agus daltaí ar Chéim 2 den Tionscadal Care Aware Crew (chun a fháil amach cad a d'oibrigh go maith, cad a d'fhoghlaim na daltaí, etc.). Trí thuiscint níos fearr a fháil ar thaithí na ndaltaí agus na múinteoirí ar an gclár Care Aware Crew, táthar ag súil go n-aithneofar a láidreachtaí agus a laigí agus go gcuirfear bonn eolais faoi fhorbairt an chlár amach anseo.

Bhronn Iontaobhas JP McManus maoiniú ar Care Aware Crew chun dul ar aghaidh go Céim 3 den Scéim Píolótach (a bheidh ar siúl i rith na scoilbhliana 2024-2025). Ainmníodh an Clár Care Aware Crew do Ghradam Cúraim Sláinte na hÉireann (2024).

Seimineár Gréasáin ar Dheontas Bonneagair TFC 2024 arna óstáil ag Rannóg Scoileanna an BOO

I gcomhar le BOOÉ agus Oide, Teicneolaíocht san Oideachas, d'óstáil an BOO seimineár gréasáin do scoileanna an BOO a dhírigh ar Dheontas Bonneagair TFC 2024. Bhí an seimineár gréasáin seo dírithe ar Choláistí Pobail, Scoileanna Náisiúnta Pobail, agus Scoileanna Speisialta Pobail agus cuireadh fáilte roimh phríomhoidí, leas-phríomhoidí, baill foirne foghlama digiteacha, agus

sealbhóirí poist TFC. Rinne an seimineár gréasáin athbhreithniú ar shonraíochtaí an Deontais Bonneagair TFC, rinne sé iniúchadh ar straitéisí chun úsáid an Deontais Bonneagair TFC a uasmhéadú, cheangail sé Pleanáil um Fhoghlaim Dhigiteach leis an Straitéis Digiteach do Scoileanna, rinne sé teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú i ngach gné den fhoghlaim, den teagasc agus den mheasúnú agus chuidigh sé le hachóimre a dhéanamh ar na tacaíochtaí teicneolaíochta digiteacha, lena n-áirítear tacaíochtaí foghlama gairmiúla, atá ar fáil do scoileanna.

Spreagann ‘Cócaire Sóisearach na Bliana i Réigiún na Sionainne, 2024’ an chéad ghlúin eile de Réaltaí Cócaireachta

Tá an tionscnamh seo, arna éascú ag Campas Fáilteachais Choláiste BOaO an BOO i Luimneach agus ag Rannóg na Scoileanna, i gcomhréir leis an straitéis náisiúnta BOaO chun cúrsaí gairmoideachais ‘blaiseadh’ a chomhtháthú san oideachas dara leibhéal.

Ghlac scoileanna an BOO páirt in dhá bhlascúrta fáilteachais éagsúla a forbraíodh go sonrach do na blianta idirthréimhseacha: ‘blasphrintíseacht’ do chócaire sóisearach agus blaschúrta ar scileanna barista. Bhí na cúrsaí dírithe ar dhaltaí a bhfuil suim acu in earnáil an fháilteachais mar shlí bheatha, nó i scileanna riachtanacha don saol a fhoghlaim.

Reáchtáladh cúrsa ‘Blasphrintíseachta’ an Chócaire Shóisearaigh ag foireann cócairí feidhmiúcháin gairmiúla ó Champas Fáilteachais an BOO agus ó Phainéal Cócairí na hÉireann. Cuireadh clabhsúr leis an mblaschúrta seo le comórtas a bhí dírithe go sonrach ar dhaltaí na hidirbhliana – Cócaire Sóisearach na Bliana i Réigiún na Sionainne 2024. Sheol an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris, TD, físteachtaireacht speisialta chun ceiliúradh a dhéanamh ar an imeacht tionscnaimh seo.

Rollú in Iar-bhunscoileanna Inse

D'oibrigh an BOO go dlúth le pátrúin (CEIST, Deoise Chill Dá Lua, ERST agus an BOO) na gceithre iar-bhunscoil in Inis chun an próiseas céanna a chur i bhfeidhm a d'oibrigh go héifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar an gceist maidir le daltaí ag fáil áiteanna scoile in iar-bhunscoileanna Inse.

D'oibrigh na pátrúin agus príomhoidí na scoile leis an éascaitheoir (an tUasal Eamon Stack, iar-Phríomhchigire sa Roinn Oideachais) chun an Próiseas Iontrála Aontaithe a chur i bhfeidhm maidir le rollú in iar-bhunscoileanna Inse do Mheán Fómhair 2024. Tá na pátrúin an-bhuíoch de na príomhoidí as a gcomhoibriú leis an bpróiseas nua seo i mbliana, próiseas ar éirigh go han-mhaith leis. Fuair gach dalta tairiscint ar áit scoile de réir a rogha scoile tríd an bhfoirm iarratais chomhchoiteann.

Eolaí Óg BT 2024

D'éirigh le tionscadail ó roinnt Coláistí Pobail agus Scoileanna Pobail de chuid an BOO ina n-iarratais chun cáiliú do Thaispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT ag Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath, ar an 10-13 Eanáir 2024. Tá achoimre ar na scoileanna, líon na dtionscadal agus teidil na dtionscadal ar éirigh leo luaite sa tábla ar an gcéad leathanach eile:

Ainm na Scoile	Teideal	Catagóir	Cineál an Tionscadail
Coláiste Pobail Naomh Eoin Bosco, Co. an Chláir	Anailís Staitistiúil ar an Eolas ar Shláinte na mBan agus ar Stádas na Seirbhísí Cúraim Sláinte do Mhná in Éirinn	Sláinte & Folláine	Grúpa
Coláiste Chaladh an Treoigh, Luimneach	Ag fiosrú fachtóirí céadfacha chun ár scoil a dhéanamh níos cuimsithí	Sláinte & Folláine	Grúpa
Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh	Éifeachtúlacht Frithaigéad Éagsúla a Thástáil	Eolaíochtaí Ceimiceacha, Fisiceacha & Matamaiticiúla	Duine Aonair
Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh	VerifyMe: Cur chuige nua maidir le húdaracht aitreabúideach sa ré iar-ChatGPT	Faoi threoir na teicneolaíochta	Duine Aonair
Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh	Ag múineadh IS chun cultúir bhaictéaracha ar phlátaí agair a aithint.	Faoi threoir na teicneolaíochta	Duine Aonair
Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh	Fabraicí bitheolaíochta inbhuanaithe a dhéanamh as feamainn	Eolaíochtaí Ceimiceacha, Fisiceacha & Matamaiticiúla	Duine Aonair
Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh	Blocáil amach é? An mbíonn tionchar ag spreagthaí inchloiste seachtracha ar ár n-aird, ag brath ar MBTI - imscrúdú	Eolaíochtaí Sóisialta & Iompraíochta	Duine Aonair
Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh	PORTANOS - Diagnóisic Iniompartha, Inbheisithe	Faoi threoir na teicneolaíochta	Grúpa
Coláiste Íde agus Iósaf, Mainistir na Féile. Co. Luimnigh	Ag fiosrú Scileanna Idirphearsanta na hIntleachta Saorga agus a Gaolmhaireacht leis an gCine Daonna	Eolaíochtaí Sóisialta & Iompraíochta	Duine Aonair
Coláiste Íde agus Iósaf, Mainistir na Féile. Co. Luimnigh	Tionchar gléasanna soghluaiste ar dhaoine óga.	Faoi threoir na teicneolaíochta	Grúpa
Coláiste Iósaef, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh	Feasacht a Mhúscailt ar Neamhoird Fola & a Leitheadúlacht i measc Déagóirí a Scrúdú	Sláinte & Folláine	Grúpa
Coláiste Iósaef, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh	Forleithne i measc déagóirí an iomarca ama a chaitheamh ar scáileán teilifóin agus fachtóirí gaolmhara i scoil in Éirinn	Eolaíochtaí Sóisialta & Iompraíochta	Grúpa

Coláiste Iósaef, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh	Imscrúdú ar mhadraí a thabhairt isteach go tearmainn i ndiaidh phaindéim COVID-19 agus na fachtóirí gaolmhara	Eolaíochtaí Sóisialta & Iompraíochta	Grúpa
Coláiste Dheasmhumhain, an Caisleán Nua, Co. Luimnigh	"Saol i bPlaisteach, NÍL sé Iontach!"	Eolaíochtaí Ceimiceacha, Fisiceacha & Matamaiticiúla	Grúpa
Coláiste Dheasmhumhain, an Caisleán Nua, Co. Luimnigh	ChatGPT – Mallacht na foghlama, nó cuid d'éabhlóid na foghlama?	Faoi threoir na teicneolaíochta	Duine Aonair
Coláiste Dheasmhumhain, an Caisleán Nua, Co. Luimnigh	Réiteach Frithluasctha "Sábháilteacht Feirme/Bóthair a Mhéadú"	Faoi threoir na teicneolaíochta	Grúpa
Coláiste Dheasmhumhain, an Caisleán Nua, Co. Luimnigh	Otoscóp Cliste	Faoi threoir na teicneolaíochta	Duine Aonair
Coláiste Dheasmhumhain, an Caisleán Nua, Co. Luimnigh	Machnamh ar sholas agus ar an bhfisic a bhaineann le scátháin.	Eolaíochtaí Ceimiceacha, Fisiceacha & Matamaiticiúla	Grúpa
Gaelcholáiste Luimnigh	Sruthú nó Gan Sruthú: Forbairt nó meath ar chultúr na tíre seo	Eolaíochtaí Sóisialta & Iompraíochta	Grúpa
Gaelcholáiste Luimnigh	Beartais Aeráide: Misean nó Réimse Intinne?	Eolaíochtaí Sóisialta & Iompraíochta	Grúpa
Scoil Phobail Eoin Baiste, Cill an Dísirt, Co. an Chláir	Cén tionchar a bhíonn ag spórt ar an meabhairshláinte?	Sláinte & Folláine	Grúpa

Bronnadh an príomhdhuais ag Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT 2024 ar Sheán O'Sullivan, dalta i mBliain 5 i gColáiste Chiaráin. Bhain Seán, agus é 17 mbliana d'aois, an príomhdhuais amach lena thionscadal, VerifyMe: Cur chuige nua maidir le húdaracht aitreabúideach sa ré iar-ChatGPT. Bhronn an tAire Oideachais, Norma Foley TD agus Stiúrthóir Bainistíochta BT Ireland, Shay Walsh buanchorn Thaispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT 2024 ar Sheán i gCumann Ríoga Bhaile Átha Cliath.

Ba ócáid speisialta í, ní hamháin don scoil, dá mhúinteoirí, dá mheantóir agus dá chomhscoláirí ach dá athair, an Príomhoide Gerard O'Sullivan chomh maith.

Is é Seán an 60ú faighteoir a bhain an corn a bhfuil an-tóir air amach, agus an príomhdhuais €7,500. I ndiaidh an Taispeántais, rinne Seán ionadaíocht ar Éirinn ag Comórtas an Aontais Eorpach d'Eolaithe Óga (EUCYS) a bhí ar siúl i gCathair Eorpach na hEolaíochta 2024 – Katowicena na Polainne.

Níorbh é bua Sheáin an t-aon rath a bhí ag Coláiste Chiaráin ag Taispeántas Eolaithe Óga & Teicneolaíochta BT 2024, bhain an scoil an gradam don Scoil is Fearr i bPoblacht na hÉireann amach, chomh maith le Gradam Comhpháirtí Óir, 1ú Catagóir Teicneolaíochta an Ghrúpa Shinsearaigh, Gradam Teicneolaíochta Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh agus Teicneolaíocht Ardmholta.

Bunú Scoil Speisialta nua i Luimneach

Chuir an BOO fáilte roimh fhógra an Aire Oideachais, Norma Foley TD, agus ón Aire Stáit atá freagrach as Oideachas Speisialta agus Cuimsiú, Josepha Madigan TD, i mí na Nollag 2023 ag deimhniú go mbunófaí scoil speisialta pobail nua i Luimneach. Tá an Roinn Oideachais, i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS), ag obair leis an BOO agus le páirtithe leasmhara eile chun socrúcháin scoile speisialaithe breise a sholáthar do leanaí i gceantar Luimnigh a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu. Cuireadh tús leis an bpleanáil idir oifigigh na Roinne, an BOO agus CNOS i mí na Nollag 2023 maidir leis an scoil speisialta nua a bhunú.

Feidhmíonn an scoil nua faoi phátrúnacht an BOO agus osclaíodh i Meán Fómhair 2024 í. Freastalaíonn an scoil ar leanaí a bhfuil míchumas foghlama ginearálta meánach agus riachtanais chasta orthu suas go hocht mbliana déag d’aois, agus díritear ar dtús ar na leanaí sin nár tairgeadh áit i scoil speisialta dóibh go fóill do Mheán Fómhair 2024.

Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach (CÁÓI)

Is clár é an Chomhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach arna thionscnamh ag Éire Ildánach; tionscnamh faoi stiúir an rialtais atá dírithe ar chruthaitheacht agus rannpháirtíocht chultúrtha a chur chun cinn ar fud na hÉireann. Dírionn Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Chruthaitheach go príomha ar dhaoine óga a spreagadh chun dul i mbun gníomhartha cruthaitheacha agus chun deiseanna a thabhairt dóibh a gcuid scileanna agus spéiseanna ealaíonta a fhiosrú. Go hiondúil, oibríonn rialtais áitiúla, eagraíochtaí pobail, scoileanna, grúpaí óige agus ealaíontóirí le chéile ar na comhpháirtíochtaí seo chun cláir chruthaitheacha atá saincheaptha do riachtanais agus do shuimeanna na n-óg a fhorbairt agus a sholáthar. Is é an sprioc ná go gcuirfear ar chumas dhaoine óga iad féin a chur in iúl ar bhealach cruthaitheach, go gcuirfear lena gcuid féinmhuiníne, go bhforbróidh siad scileanna nua, go gcothófar bród iontu dá gcultúr agus dá n-oidhreacht áitiúil.

Leanadh le tionscadail in 2024. Tá iarratais ar mhaoiniú ar siúl trí Luathbhlianta agus Scannán, chomh maith le hobair leanúnach i bPodchraoltaí, Amharclann Óige Chill Chaoi agus Amharclann Óige Thuamhan. Tá áthas orainn chomh maith a thuairisciú go bhfuiltear ag méadú na hoibre le grúpa daoine óga a bhfuil riachtanais éagsúla acu trí Bhráithre na Carthanachta in Inis, i bhForóige an Chaisleáin Nua agus i Dance Limerick.

Gnéithe an Chláir	Suíomh/Dátaí	Stádas	Líon na Rannpháirtithe
Moil Chruthaitheacha	Tá Moil Chruthaitheacha CÁÓI á mbunú faoi láthair, ag tosú le Mol Cruthaitheach Mhainistir na Féile. Beidh an Mol Cruthaitheach seo i gcomhar le Music Generation Chontae Luimnigh agus Coláiste Mhainistir na Féile. Tá Mol Cruthaitheach CÁÓI Cheann Léime á bhunú faoi láthair chomh maith, agus tá naisc	Leanúnach	20/30

<p>Mol Cruthaitheach Cheann Léime</p>	<p>láidre aige le Seirbhísí Óige Chill Rois agus Chill Chaoi.</p> <p>Seoladh Campa Scannán na Cásca i Mol Cruthaitheach Cheann Léime agus beidh ceardlanna ealaíne seachtainiúla ar siúl i gcomhar le disciplíní eile do dhaoine idir 9 agus 18 mbliana d'aois.</p>	<p>Ceardlanna le linn na Cásca agus i mí Iúil/Lúnasa</p>	<p>Thart ar 24</p>
<p>Mainistir na Féile Mol Cruthaitheach</p>	<p>Mol Cruthaitheach Mhainistir na Féile i gColáiste Mhainistir na Féile Le tacaíocht ó Choláiste Mhainistir na Féile agus Music Generation Chontae Luimnigh Seoladh Mol Cruthaitheach Mhainistir na Féile i mí an Mhárta agus é ar an gcéad Mhol Cruthaitheach CÁÓI. Reáchtálfar ceardlanna seachtainiúla i ndisciplíní éagsúla ann mar aon le Ceardlanna Music Generation do dhéagóirí atá ag freastal ar Choláiste Mhainistir na Féile.</p>	<p>Ceardlanna le linn na Cásca Le 2 champa samhraidh i mí Iúil/Lúnasa</p>	<p>Thart ar 24</p>
<p>Cill Mocheallóg Mol Cruthaitheach</p>	<p>I gcomhar le Music Generation Chontae Luimnigh, Amharclann Gheata na mBráthar agus Foróige Chill Mocheallóg. Luathchéimeanna Ag fiosrú smaointe.</p>		
<p>Naomh Mhuire / Garraí Eoin</p>	<p>Tionscadal ‘FoneFilmz’ Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE) le rannpháirtithe ó Thionscadail Athstiúrtha Óige Gharda Síochána Naomh Muire agus Gharraí Eoin. Léirigh daoine óga i gCraobh Shráid Nioclás agus i gCraobh Gharraí Eoin de Sheirbhís Óige Luimnigh spéis i ndéanamh scannán agus in aisteoireacht do scannáin. Chun na críche seo, d’éirigh le hiarratas CÁÓI ar mhaoiniú CSIE chun comhoibriú leis an tionscadal seo agus é a fhorlónadh, agus fuair siad €4,000 ó CSIE 2024.</p>	<p>Céim T&F</p>	<p>Thart ar 24</p>
<p>IPAS agus Soláthar Díreach</p>	<p>Ceardlanna seachtainiúla i ndiaidh na scoile. Tar éis comhairliúcháin chruthaitheacha le rannpháirtithe i mí Dheireadh Fómhair 2024, rinneadh iarratas ar dhrámaíocht a chur ar siúl agus tá sí ar fáil anois le ceardlanna seachtainiúla ar siúl i Scoil Corpus Christi, Maigh Rois.</p>	<p>Ar siúl ó 2022 Dráma Samhain 2024</p>	<p>8 - 12</p>

Dance Limerick	Tá comhpháirtíocht déanta ag CÁÓI le Dance Limerick chun Club Rince Ionchuimsitheach a bhunú. Leis an gcomhoibriú seo, tá ag leanúint ar aghaidh le ranganna club rince ionchuimsitheacha seachtainiúla do pháistí idir 7-16 bliana d’aois ag Stiúideo Dance Limerick agus scoileanna samhraidh i gceantair uirbeacha agus tuaithe araon, i gcomhpháirtíocht le CÁÓI.	Iúil 2024.	12
INSPIRE: Cláir Luathbhlianta	INSPIRE: Draíocht Tá na ceardlanna rince tagtha chun críche i Nursery Times leis an Taibheoir Rince. Ar an drochuair, níor éirigh le hiarratas ar Mhaoiniú ón gComhairle Ealaíon ag an am seo. Lorgófar maoiniú in áiteanna eile agus díreofar an tionscadal ar ELCanna i Luimneach agus sa Chlár. Seans go n-oibreodh an tionscadal Inspire Dance in ELCanna ar fud na tíre. Ag tosú le ELCanna i gceantair CÁÓI eile. TINY TAKEOVER: Tionscadal atá i mbun taighde agus forbartha a éascaíonn rochtain ar spásanna poiblí dár mbaill is óige den tsochaí agus a chinntíonn go bhfeictear iad agus go gcuirtear fáilte rompu ar bhealach cruthaitheach. Tá an tionscadal seo curtha ar fionraí ach seans go dtosóidh sé an athuair faoin teagmhálaí i Ráth Caola.	Lúnasa – Nollaig 2024 Seó agus ceardlanna idirghníomhacha in ELCanna	Suas le 400 tuismitheoir agus leanbh. Lucht féachana naíonán/ leanaí óga agus daoine fásta in 8 n-ionad oideachais leanaí ar fud Luimnigh agus an Chláir Ceardlanna agus léirithe curtha ar siúl i 17 ELC
Podchraoladh ‘LINKS’ Podchraoladh Tionscadal	Podchraoladh: Bhí podchraoltaí ar siúl i nGarraí Eoin, Seirbhís Óige an Tuaiscirt agus Ógtheagmháil in Ascaill Uí Chonaill. Tá grúpaí ag forbairt eipeasóidí dár dtionscadal ‘LINKS’. Leanfaidh an tionscnamh seo ar aghaidh in 2025.	Samhain 2024, fós ag leanúint ar aghaidh Tionscadal LINKS Samhain 2024 – Nollaig 2025	30+ 100+ timpeall
Riachtanais Bhreise Scoil Speisialta Pobail Luimnigh agus Ennis Voices for Autism EVA	Ceardlanna do rannpháirtithe a bhfuil riachtanais bhreise agus míchumais acu: D’éirigh go han-mhaith leis na ceardlanna rince i Scoil Speisialta Pobail Luimnigh agus tá am rince sceidealaithe anois mar chuid de churaclam na scoile.	Samhain 2024, fós ag leanúint ar aghaidh	30

	Tá ceardlanna súgartha céadfach/praiticiúla/ealaín iarrtha do dhaltaí óga.		12
Paint Punch in Iarthar Luimnigh agus sa Chlár	<p>Reáchtáladh an tionscadal Paint Punch i gcomhpháirtíocht le The GAFF a fuair maoiniú breise chun an clár seo a leathnú in 2024 go Mainistir na Féile, Cill Mocheallóg, Cathair Luimnigh agus Inis. Is féidir íomhánna don tionscadal a fheiceáil san fhíseán seo a seoladh le linn Glao & Freagairt LCYP Boxin' Trottin' by Abbeyfeale Crew - YouTube</p> <p>Tá CÁÓI i mbun cainteanna leis an GAFF maidir le dáileadh inrochtana an Tionscadail Paint Punch i Luimneach agus sa Chlár agus an fhéidearthacht chomh maith an clár seo a chur i bhfeidhm ar fud CÁÓI go léir ar fud na tíre.</p>	Meitheamh 2024	Thart ar 16 fear agus bean óga den Lucht Siúil agus rannpháirtithe socraithe idir 9 agus 20 bliain d'aois i gceithre shuíomh
Bráithre na Carthanachta, Inis	<p>Críochnaíodh ceardlanna seachtainiúla leis an ngrúpa 'Streetwise' de chuid Bhráithre na Carthanachta in Inis ag deireadh mhí na Bealtaine 2024. D'oibrigh an tionscadal seo le déagóirí níos sine agus daoine óga ar chlár amharcealaíne.</p> <p>Tar éis dóibh Gradam Doiciméadúcháin Thairseach na nEalaíon san Oideachas ón gComhairle Ealaíon a fháil chomh maith, rinne siad cur i láthair i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna 2024. Léiríodh an scannán in The GAFF i mí na Nollag 2024.</p>	Fómhar 2023 - Samhradh 2024	10
Ceardlanna Breise	Reáchtáladh ceardlanna beochana i mí na Samhna agus i mí na Nollag 2024.	Ceardlanna nua sa rapcheol/scannánaíocht ag tosú go luath	40+
Fáinleog Ráth Caola	Tá ceardlanna ealaíne tosaithe i Scoil Fháinleog, Ráth Caola i ndiaidh comhairliúchán cruthaitheach i bhfómhar na bliana 2024.		10+
Seirbhís Óige Chill Rois agus Chill Chaoi le grúpaí Úcránacha	Ceardlanna seachtainiúla le Seirbhís Óige an Chláir le déagóirí Úcránacha i gCill Chaoi agus grúpaí i Seirbhís Óige Chill Rois.		40+
Ógtheagmháil Ascaill Uí Chonaill	Bhí ceardlanna ealaíne ar siúl i nGarraí Eoin i mí na Samhna ag féachaint ar choincheap an Bhaile trí líníocht agus dealbhóireacht.	OCA Chathair Luimnigh Ar siúl ó mhí na	20+

<p>Straitéis agus Oiliúint Teagascóirí</p>	<p>Ceardlanna mar fhreagra ar an nglao ‘Missing Pieces’ d’Fhéile CÁÓI.</p> <p>Beidh léiriú i gCill Mocheallóg mar chuid d’Fhéile Glaoigh & Freagair 2025.</p> <p>Tá an dara comhairliúchán maidir leis an bPlean Straitéiseach um Chomhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach ar siúl agus foilseofar é go luath in 2025.</p> <p>Tá oiliúint teagascóirí ar siúl ó Shamhradh 2024 ar aghaidh. Tá Oiliúint ar Spásanna Laethúla agus Oiliúint ar Chosaint Leanaí agus Feasachta curtha i gcrích ag teagascóirí.</p>	<p>Samhna 2024</p>	
---	---	---------------------------	--

Gréasáin náisiúnta Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach (CÁÓI)

Bhí an BOO i gceannas ar shuíomh gréasáin a dhearadh agus a fhorbairt chun na lógónna agus na naisc chuig na trí Chomhpháirtíocht Fhíolótacha BOO a óstáil - www.lcyp.ie. Tá an suíomh gréasáin seo leathnaithe ó shin agus déantar é a nuashonrú go rialta.

Feidhmeanna Obair Óige

Tagann forbairt Seirbhísí Oibre don Óige i Luimneach agus sa Chlár faoi shainchúram Stiúrtóir na Scoileanna. Tá achoimre san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, ina bhfuil sainmhíniú ar obair don óige mar atá leagtha amach san Acht um Obair don Aos Óg 2001, ar phríomhról na hearnála reachtúla maidir le tacú le forbairt clár agus seirbhísí oibre don aos óg agus maidir le comhordú níos fearr le soláthraithe oibre don aos óg a chur chun cinn.

Is é feidhm reachtúil an BOO, mar atá leagtha amach san Acht, ná ‘tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú a dhéanamh ar sheirbhísí oibre don aos óg ina limistéar feidhme agus cibé faisnéis a sholáthar a iarrfaidh an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige maidir leis an tacaíocht sin’. De réir Alt 44 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013, bhunaigh an BOO Coiste um Obair don Óige, a dhéanfaidh moltaí don údarás maidir lena chuid feidhmeanna faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (Alt 10).

- a) *Tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú a dhéanamh ar sheirbhísí oibre don aos óg ina limistéar feidhme agus cibé faisnéis a sholáthar a iarrfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir leis an tacaíocht sin.*
- b) *Measúnú a dhéanamh le féachaint an bhfuil an modh ina gcomhlíonann sé a chuid feidhmeanna eacnamaíoch, éifeachtúil agus éifeachtach.*

Agus é ag comhlíonadh a chuid feidhmeanna reachtúla maidir le hobair don óige, oibríonn an BOO i gcomhpháirtíocht le raon gníomhaireachtaí tábhachtacha, idir ghníomhaireachtaí deonacha agus ghníomhaireachtaí reachtúla, a bhfuil ról acu i seirbhísí do dhaoine óga a sholáthar sa réigiún.

Baineann cuid shuntasach den mhaoiniú a riarann feidhm Oibre Óige an BOO leis an scéim UBU Your Place Your Space. Cuireann UBU Your Place Your Space tacaíochtaí lasmuigh den scoil ar fáil do dhaoine óga. Cuireann na tacaíochtaí seo réimse leathan gníomhaíochtaí ardchaighdeán ar

fáil, atá bunaithe sa phobal den chuid is mó. Tríd an áit agus an spás seo a chur ar fáil, tá sé mar aidhm ag UBU cur ar chumas gach duine óg a lánacmhainneacht a bhaint amach.

Faoi láthair, tá 26 tionscadal UBU ar fud na réigiún. Oibríonn foireann Obair Óige BOO i ndlúthchomhar leis na heagraíochtaí uile chun tacú leo ina gcuid oibre le daoine óga.

Riaradh réimse scéimeanna maoinithe ag an bhfoireann um Obair Óige in 2024:

Sruthanna Maoinithe 2024	Leithdháileadh
UBU - D'Áit, Do Spás	€ 3,389,853
Ionaid Eolais don Aos Óg	€ 114,864
Maoiniú ón Scéim Deontas Beag	€72,000
Leithdháileadh Maoinithe Breise UBU Your Place Your Space 2024 – Athléimneacht agus Éifeachtúlacht	€ 36,229
- Tionscnamh Spriocdhírthe um Infhostaitheacht Óige	€ 43,333.33
Leithdháileadh maoinithe chun daoine óga atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin a imeascadh	€250,000
Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla	€160,140
Tionscadail Drugaí agus Alcóil	€ 151,948.00

D'oibrigh Coiste Oibre don Aos Óg de chuid an BOO agus réimse leathan páirtithe leasmhara pobail agus deonacha chun Plean Oibre don Aos Óg 2023– 2026 a chur i bhfeidhm. Tá sé d'aidhm ag an bplean a chinntiú go n-éiríonn leis an BOO a fhreagrachtaí a chomhlíonadh chun tacú le seirbhísí oibre don óige a sholáthar, a chomhordú, a riar agus mheas i réigiún Luimnigh agus an Chláir.

Is iad seo a leanas baill an Choiste Oibre don Aos Óg:

An BOO	Sarah-Lee Kiely	Údarás Áitiúil
	An tUas. Sean McMahon	BOO Luimnigh agus an Chláir
	Gabriel Keating	Comhairleoir
Eagraíocht Dheonach don Aos Óg	Maurice Walsh	Seirbhís don Óige Luimnigh
	Eric OBrien	Foróige
	Margaret Slattery	Seirbhís Óige an Chláir
	Evelyn Hayes	Banóglaigh na hÉireann
	Noel Leahy	Gasóga na hÉireann
Earnáil Reachtúil	David Studer	TUSLA an Ghníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach-CYPSC

	Follamh	Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
	Sandra Heelan/Padraig Tobin	Rannán an Gharda Síochána
Comhairle na nÓg	Saoirse Sexton	Comhairle na nÓg
	Eoin Connolly	Comhairle na nÓg
Comhalta Comhthofa	Suzi Cronin	Fórait/Líonra Óige
I láthair	Oifigh Óige agus Oifigeach Tacaíochta agus Faisnéise don Óige	

REALT (Foireann Réigiúnach Oideachais agus Teanga) - Ag Tacú le Tairbhíthe Leanaí faoi Chosaint Shealadach (BOTP) agus faoi Chosaint Idirnáisiúnta (IP) i Luimneach agus sa Chlár

Tá Foirne Réigiúnacha Oideachais agus Teanga (REALT) á reáchtáil ag na boird réigiúnacha oideachais agus oiliúna ar fud na hÉireann agus tá pearsanra tacaíochta oideachais atá lonnaithe go réigiúnach mar fhoireann acu.

Tacaíonn REALT le scoileanna sa cheantar chomh maith chun freastal ar riachtanais na bpáistí seo de réir mar a thagann siad chun cinn, chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Roinn Oideachais maidir le hacmhainn nua a fhorbairt nuair is gá, agus chun comhordú a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí oideachais do scoileanna agus do theaghlaigh ar fud a gceantair shainithe.

Díríonn na REALTanna (Foireann Réigiúnach Oideachais agus Teanga) ar dtús ar a chinntiú go dtugtar cúnamh do leanaí áiteanna scoile a aimsiú nuair a bheidh siad réidh le dul i ngleic leis an gcóras scoile. Tacaíonn Foireann REALT le seirbhísí atá ann cheana féin agus comhordaíonn siad na réimsí oibre seo a leanas:

- Cabhrú le teaghlaigh agus scoileanna rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi áiteanna scoile do leanaí agus daoine óga BOTP agus IP atá tar éis bogadh isteach sa cheantar.
- Cabhrú le teaghlaigh agus scoileanna teacht ar fhaisnéis i dtaobh seirbhísí na Scéime Iompair Scoile a bheith ar fáil do pháistí Úcránacha agus do dhaoine óga a d'aistrigh isteach go dtí an ceantar.
- Cabhrú le teaghlaigh agus scoileanna teacht ar acmhainní agus tacaíochtaí le haghaidh riachtanais bhreise acmhainneachta, folláine, teanga agus oideachais.
- Cabhrú le hobair maidir le soláthar foirne, lena n-áirítear teagascóirí Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (BCTE) de réir mar is gá, chun freastal ar riachtanais teanga leanaí ón Úcráin, daoine óga agus a gcuid tuismitheoirí/caomhnóirí, le teagmháil le Comhordaitheoirí BCTE sna BOOnna.
- Acmhainneacht scoile reatha a chur i gcomhréir leis na háiteanna ina bhfuil teaghlaigh Úcránacha curtha, a oiread agus is féidir.
- Acmhainneacht bhreise a aimsiú laistigh dá limistéir thíreolaíocha chun ullmhú do chásanna ina bhféadfadh gur mhó an t-éileamh ná an acmhainneacht scoile, agus obair leis an Roinn agus le heagraíochtaí eile, más gá, d'fhonn an acmhainneacht bhreise seo a chur ar fáil.
- Dul i dteagmháil le struchtúir chomhordaithe eile a d'fhéadfadh a bheith bunaithe chun soláthar seirbhísí poiblí do theaghlaigh Úcránacha a chomhordú.

Struchtúr

Tá REALTanna lonnaithe sna BOOnna agus faigheann siad tacaíocht riaracháin uathu. Tá líonra de ghníomhaireachtaí tábhachtacha eile i ngach REALT, lena n-áirítear:

- Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS)

- Pearsanra réigiúnach de chuid SSNO (an tSeirbhís Síceolaíochta Náisiúnta Oideachais)
- Pearsanra réigiúnach de chuid CNOS (an Chomhairle Náisiúnta d'Oideachas Speisialta)
- Ainmnithe áitiúla an chomhlachta bainistíochta
- agus comhpháirtithe tábhachtacha eile, de réir mar is iomchuí

Ina theannta sin, comhoibríonn na REALTanna go dlúth le daoine ó réimse seirbhísí eile, ag brath ar riachtanais na leanaí a thagann go hÉirinn agus na dúshláin a bhíonn roimh scoileanna. D'fhéadfadh na gníomhaireachtaí agus na comhlachtaí seo a leanas a bheith i gceist:

- Seirbhísí tacaíochta do mhúinteoirí, lena n-áirítear SFGM (an tSeirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí) agus SSM (an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí)
- Líonra na nIonad Oideachais
- Comhairlí/údaráis contae áitiúla

REALT BOO Luimnigh agus an Chláir

Reáchtálann Foireann REALT an BOO cruinniú míosúil chun aghaidh a thabhairt ar chlárú leanaí a bhfuil áiteanna scoile ag teastáil uathu i Luimneach agus sa Chlár.

Tá athlonnúcháin déanta i lárionaid chóiríochta éagsúla BOTP i Luimneach agus sa Chlár araon. Mar thoradh air sin, tá teaghlaigh BOTP bogtha go hionaid eile laistigh den chontae céanna, chun a chinntiú go bhféadfadh daltaí leanúint ar aghaidh sa scoil chéanna chun comhtháthú a chur chun cinn. Mar sin féin, chuidigh Foireann REALT an BOO le haon teaghlach BOTP a raibh cúnamh ag teastáil uathu chun socrúchán scoile nua a fháil dá leanbh/leanaí mar gheall ar athlonnú.

D'oibrigh an Fhoireann REALT go dlúth le pearsanra réigiúnach ag NCSE chomh maith chun socrúcháin scoile a fháil d'aon leanbh BOTP nó IP a raibh riachtanais bhreise nó míchumas aige. Bíonn sé casta uaireanta áit scoile a fháil i rang speisialta, toisc nach gcomhlíonann tuarascálacha leighis ón tír dhúchais na critéir le haghaidh socrúchán den sórt sin anseo in Éirinn i gcónaí.

Thairg Clár Athlonnaithe Dídeanaithe in Éirinn tithe do 22 teaghlach ón Afganastáin agus ón tSiria i gceantair éagsúla ar fud chathair agus chontae Luimnigh. Bhí 45 leanbh agus duine óg sa chlár agus d'oibrigh Foireann REALT leis na teaghlaigh chun rochtain a fháil ar shocrúcháin scoile agus ar iompar scoile. Cláraíodh leanaí in aois bunscoile sna scoileanna seo a leanas: Scoil Náisiúnta an Ospidéal, Scoil Náisiúnta Chnoc Loinge, Scoil Náisiúnta Átháin agus Scoil Náisiúnta Buachaillí Naomh Pádraig, Scoil Náisiúnta Cailíní Naomh Pádraig, Scoil Náisiúnta Naomh Bríd, Scoil Náisiúnta Eoin Baiste i gcathair Luimnigh agus cláraíodh daoine óga iar-bhunscoile i gColáiste Naomh Clements, Coláiste Mhuire, Eas Géitine, Luimneach agus Meánscoil Mhuire, an Port Nua.

Rinne an REALT sa BOO cur i láthair ag Comhdháil na bPríomhoidí ar an 18 Aibreán chun plé a dhéanamh ar thorthaí Thuarascálacha na Cigireachta ón Roinn Oideachais: Freastal ar Riachtanais Teanga Bhreise agus Cáilíocht an Oideachais do Leanáí agus Daoine Óga ón Úcráin.

D'eagraigh Foireann BCTE (Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile) REALT dhá sheisiún eolais: Intleacht Shaorga agus Uirlisí Digiteacha Eile le haghaidh Aistriúcháin agus Múinteoireachta Teangacha ar an 17 agus 18 Meán Fómhair agus Tacaíocht a thabhairt d'Fhoghlaimoirí Béarla i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna ar an 24 agus 25 Meán Fómhair idir 4 agus 5pm ag Ionad Oideachais an Chláir, Inis. Ba é an aidhm athbhreithniú a dhéanamh ar uirlisí IS amhail aipeanna aistriúcháin agus ChatGPT, tástálacha socrúcháin na Comhairle Náisiúnta um Churaclam agus Measúnú, agus spriocanna teanga sonracha a bhunú do dhaltaí ag leibhéal éagsúla i gcomhréir leis an gCreat Tagartha do Theangacha (CEFR).

Tá an REALT sa BOO, i gcomhar le Mary Kenny, Oifigeach Forbartha BCTE i mBord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire, ag reáchtáil an TKT, Tástáil Eolais Múinteoirí. Baineann an tástáil seo le múinteoirí iar-bhunscoile i scoileanna BOO. Cuirfidh an cúrsa ar chumas múinteoirí an TKT a dhéanamh; is sraith cáilíochtaí teagaisc modúlacha ó Bhéarla Cambridge iad a dhéanann tástáil ar eolas múinteoirí i réimsí sonracha de theagasc an Bhéarla. Clúdaítear ann chomh maith gnéithe tábhachtacha de rannóg EAL a reáchtáil in iar-bhunscoil in Éirinn agus ábhair a oiriúnú don chomhthéacs Éireannach. Tá trí cinn de na cúig lá den chúrsa curtha i gcrích ag grúpa de chúigear múinteoirí ó cheithre iar-bhunscoil BOO.

Úsáideann teagascóirí BCTE de chuid an BOO ELLII, Timpeallacht Fhíorúil Foghlama (TFF), chun an Béarla a fhoghlaim agus a mhúineadh ar fud champas na gcoláistí BOaO faoi láthair. Is acmhainn sholúbtha í ina bhfuil na mílte ceacht is féidir a úsáid i seomraí ranga ar líne agus fisiciúla, sa rang nó le haghaidh féinstaidéir. I gcomhar leis an bhfoireann um Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta, tá ELLII á phiólótú ag dhá iar-bhunscoil: Coláiste Thuamhan i gCathair Luimnigh agus Coláiste Dheasumhan i gCaisleán Nua Thiar.

Tá eolas maidir le rochtain a fháil ar áiteanna scoile ar fáil do thuismitheoirí in Úcráinis agus i Rúisis ar www.lcetb.ie

Seo a leanas baill Fhoireann REALT do 2024:

Ainm	Ról	Eagraíocht Ainmniúcháin
George O'Callaghan	Príomhfheidhmeannach	An BOO
Donncha Ó Treasaigh	Stiúrthóir Scoileanna (Cathaoirleach)	
Aobhán Haverty	Oifigeach Oideachais Aosaigh	
Deirdre Honan	Comhordaitheoir REALT	
Aisling Wheeler	Comhordaitheoir REALT BCTE	
Debbie McDonagh	Oifigeach Sinsearach Leasa Oideachais	TUSLA
Emma Fahy	Oifigeach Sinsearach Leasa Oideachais	
Follamh		Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha (CPSMA)
Alan Cunningham	Príomhoide Iar-Bhunscoile	Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha (ACCS)
Mona Hynes	Príomhoide Iar-Bhunscoile	Comhlacht Bainistíochta Comhpháirteach (JMB)
David Quinn	Príomhoide Bunscoile	Ag Foghlaim Le Chéile (Inis)
Richard Egan	Síceolaí Sinsearach	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
Deirdre Folan	Síceolaí Sinsearach	
Orla Donnellan	Bainisteoir Foirne	CNOS
Marie Clifford	Bainisteoir Foirne	
Stephanie Ryan	Bainisteoir Réigiúnach Iompair Scoile	Bus Éireann

Dhearbhaigh an Roinn Oideachais gur cláraíodh 17,562 dalta BOTP i scoileanna ar fud na hÉireann faoi dheireadh mhí na Nollag 2024. Ón bhfigiúr sin, cuireadh socruithe ar fáil do 10,475 dalta i mbunscoileanna agus cláraíodh 7,087 dalta in iar-bhunscoileanna.

Sonraí Clárúcháin do BOTP i Luimneach agus sa Chlár

Bunscoil		Iar-Bhunscoil	
An Clár	468	An Clár	309
Luimneach	325	Luimneach	293

Cuireadh 18,561 iarratas isteach ó iarratasóirí IP (Cosaint Idirnáisiúnta) idir 01/01/2024 agus 31/12/24. Is ionann an t-iomlán agus méadú 40% ar an bhfigiúr don tréimhse chéanna in 2023.

Sonraí Clárúcháin d'Iarratasóirí IP i Luimneach agus sa Chlár

Bunscoil		Iar-Bhunscoil	
An Clár	50	An Clár	34
Luimneach	44	Luimneach	22

Go dtí seo, tá gach leanbh BOTY agus IP a tháinig isteach sa réigiún cláraithe. Cuireadh an-fháilte rompu sna scoileanna agus tugadh an-tacaíocht do na daltaí BOTP agus IP a cláraíodh le déanaí. Mar sin féin, is fiú a lua go bhfuil limistéir faoi bhrú acmhainne i dTuaisceart an Chláir, in Inis agus i gcathair Luimnigh in iar-bhunscoileanna.

An Rannóg Breisoideachais agus Oiliúna (BOaO)

In 2024, bhí 42,881 tairbhí de sholáthar BOaO de chuid an BOO ar fud Luimnigh agus an Chláir. Tá an Coláiste BOaO freagrach as 28 Campas BOaO i Luimneach agus sa Chlár, ina bhfuil 37 ionad atá cláraithe le DCCÉ, a bhainistiú agus a fheidhmiú, áit a soláthraíonn an BOO sraith seirbhísí tacaíochta agus soláthair lánaimseartha agus páirtaimseartha.



42,881 tairbhí den Choláiste BOaO de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, 2024*		
Printíseachtaí	Printíseacht 2016+	144
Printíseachtaí	Céimeanna Printíseachta (2,4,6)	1,918
Printíseachtaí	Céim 7 den Phrintíseacht	222
Lánaimseartha	Ionaid Oiliúna Pobail	312
Lánaimseartha	Ceardlann um Cheartas	37
Lánaimseartha	Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	53
Lánaimseartha	IAT	2,497
Lánaimseartha	Soláthraithe Oiliúna Speisialaithe	212
Lánaimseartha	Oiliúint Sainscileanna	624
Lánaimseartha	Cúrsaí Oiliúna: Fostaithe	96
Lánaimseartha	Cúrsaí Oiliúna: Oiliúint	421
Lánaimseartha	Bunchúrsaí SDOG	349
Lánaimseartha	Ógtheagmháil	511
Lánaimseartha	Bóthar den tríú grád	40
Páirtaimseartha	Grúpaí Litearthachta d'Aosaigh	7,351
Páirtaimseartha	Oideachas Pobail	8,120
Páirtaimseartha	ESOL	8,712
Páirtaimseartha	Oiliúint Tráthnóna	3,264
Páirtaimseartha	Uaireanta Comhair BOaO	15
Páirtaimseartha	Conairí chuig an BOaO ón scoil	1637
Páirtaimseartha	Forbairt Scileanna Gairme agus Fostaithe	3,046
Páirtaimseartha	Scileanna le dul chun cinn a dhéanamh	897
Páirtaimseartha	Aitheantas Réamhfhoghlama	90
Páirtaimseartha	Clár Athlonnaithe Dídeanaithe	54
Páirtaimseartha	Ríomhfhoghlaim	37
Páirtaimseartha	Ríomhcholáiste Ar Líne	22
Páirtaimseartha	MSC Féinmhaoinithe	2,200
*Sonraí Clárúcháin 2024 bainte as CTFC (gan phrintíseachtaí agus MSC Féinmhaoinithe a áireamh)		

Forbairt Scileanna

In 2024, trí líonrú a dhéanamh le Fóram Scileanna Réigiúnach an Mheán-Iarthair, an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail (GFT), na Comhairlí áitiúla, IBEC, Cuideachtaí Forbartha Pobail áitiúla, Comhpháirtíocht PAUL, Fiontair OFÁ, tionscail agus FBManna, etc., rinne Seirbhís Tacaíochta Rannpháirteachas le Fostóirí an Choláiste BOaO idirghabhálacha spriocdhírthe a fhorbairt trí Scileanna chun Dul Chun Cinn a Dhéanamh (STA) agus soláthar eile. Mar thoradh ar rannpháirteachas leanúnach le braislí tionscail, glacadh le cláir Scileanna chun Dul Chun Cinn a Dhéanamh le cuideachtaí ar nós Conack, Samco, Aughinish Alumina, Vitalograph, Coimpléasc Spóirt Iarthar Luimnigh agus Johnson & Johnson.

Tá roinnt ionad barr feabhais forbartha ag Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna (BOaO) BOO Luimnigh agus an Chláir le blianta beaga anuas chomh maith. Cinntíonn an meascán d'áiseanna den scoth agus saineolas foirne go ndírítear ar phríomhearnálacha scileanna sa réigiún.

Scileanna Glasa

Cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir béim láidir agus méadaitheach ar Scileanna Glasa agus ar sholáthar Foirgnimh Beagnach Nialasacha Fuinnimh (NZEB). Is mór an uaimhian atá ann leanúint den soláthar seo a fhás i gcomhréir leis na gealltanais náisiúnta a leagtar amach sa Straitéis Tithíochta do Chách agus sa Phlean Náisiúnta um Théarnamh agus Athléimneacht.

Is í an fhorbairt is suntasaí i gcúrsaí aistrithe glas an Choláiste BOaO ná an Campas Nuálaíochta Glas a fhorbairt in 2022 i mBaile an Róistigh - ceann de 6 ionad barr feabhais do scileanna glasa ar fud na tíre. Cuirtear cúrsaí oiliúna scileanna agus ardú feasachta ar fáil maidir le hAthfheistiú agus Foirgnimh Beagnach Nialasacha Fuinnimh (NZEB), lena n-áirítear oiliúint i mbunghnéithe NZEB, Athfheistiú, Inslíú Ballaí Seachtracha, Aerdhíonacht & Rialú Gaile, Suiteáil Inslithe Teirmigh agus Aeráil.

In 2024, thosaigh an Coláiste BOaO ag forbairt micreacháilíochtaí glasa chomh maith. Go deimhin, bunaíodh painéal nua d'Oideachasóirí Aosach um Rialachas Comhshaoil agus Sóisialta chun cabhrú le clár nua micridhintiúr scileanna glasa a thabhairt isteach, arna ndearadh ag an tSeirbhís Tacaíochta um Rannpháirteachas Fiontar i gcomhairle le SOLAS.

In 2024, bhain Campas Shráid Mulgrave an Marc Taistil Níos Cliste amach ag leibhéal Cré-umha as a thiomantas do thionscnaimh taistil inbhuanaithe. Is tionscnamh faoi chúram an Údaráis Náisiúnta Iompair é an gradam Taisteal Níos Cliste.

Fáilteachas agus Turasóireacht

Is é Campas Fáilteachais an Choláiste BOaO an chéad champas BOO in Éirinn ar bronnadh ballraíocht i gCumann Scoileanna Óstán agus Turasóireachta na hEorpa air. D'éirigh go han-mhaith le foghlaimeoirí agus baill foirne i gcomórtais náisiúnta agus idirnáisiúnta arís in 2024. Éilíonn comórtais ardleibhéal scileanna agus cruinnis, agus cuireann siad go leor buntáistí ar fáil d'fhoghlaimeoirí, lena n-áirítear forbairt scileanna feabhsaithe, bainistíocht ama feabhsaithe, cruthaitheacht agus nuálaíocht a chothú, deiseanna líonraithe a leathnú, muinín a threisiú, aitheantas agus poiblíocht a fháil, foghlaim ó phiaraí, agus ag ullmhú do dhúshláin sa saol mar atá.

I mí Feabhra 2024, rinneadh ionadaíocht ar an gCampas Fáilteachais ag Comórtas Oilimpeach Cócaireachta IKA sa Ghearmáin, áit ar ghlac Foirne Cócaireachta Sóisearacha agus Sinsearachta Náisiúnta na hÉireann páirt sa chomórtas cócaireachta is airde rangú ar Domhan.

- Rinne ochtar Cócairí Sóisearacha ionadaíocht ar Éirinn ar an bhFoireann Náisiúnta Cócaireachta Sóisearach le cúigear foghlaimeoirí ón Choláiste BOaO, Campas an Fháilteachais.
- Bhain an Fhoireann Shóisearach bonn cré-umha amach i mBialann na Náisiún agus iad ag dul san iomaíocht i gcoinne 66 náisiún eile agus breis is 1,800 cócaire ag glacadh páirte san imeacht. Cháiligh an Fhoireann Shóisearach don dara comórtas, Tábla na Tine, chomh maith, agus bhain siad Pláta Ór na gCluichí Oilimpeacha amach.;
- Cháiligh beirt teagascóirí, Carol Dollery agus Will King, chun dul san iomaíocht san Fhoireann Náisiúnta Sinsearach Cócaireachta agus bhain siad an bonn cré-umha amach;
- Ghlac Will King, Teagascóir Cócaireachta, páirt i gcomórtais i gcoinne 44 tír agus fuair sé bonn cré-umha in Ealaíontacht Chócaireachta sna comórtais aonair le píosa ime;
- Bhuaigh an Campas Fáilteachais dhá bhonn cré-umha ag comórtais na bPrintíseachtaí Cócaireachta i gCill Airne i mí Feabhra 2024 chomh maith;
- Fuair Bernadette Enright, Bainisteoir, gradam mar aitheantas ar a cuid iarrachtaí maidir le cócairí na Todhchaí a dhearadh agus a spreagadh ag Comhdháil Worldchef 2024 i Singeapór;
- Bhain Freddie Cullen, Printíseach Cócaire Commis, gradam Phrintíseach Fáilteachais na Bliana 2024 amach.

Earnáil na hEitlíochta

Is é Campas Shionainne, atá bunaithe le fada, lárionad barr feabhais an BOO d’earnáil na heitlíochta. I measc bhuaicphointí 2024, tá na nithe seo a leanas:

- Leanadh le hOiliúint ar Conradh i gcomhpháirtíocht le Atlantic Aviation Group agus PAM chun Teicneoirí Cothabhála Aerárthaí a oiliúint. Cuireadh tús le dhá chúrsa bhreise in 2024, sa bhreis ar na ceithre chúrsa atá ar siúl faoi láthair.
- I gcomhpháirtíocht le Atlantic Aviation Group, chuir EESS clár léasaithe teicniúil aerárthaí saincheaptha nua ar fáil d’fhostaithe Grant Thornton.
- In 2024, chuaigh AirNav Ireland i dteagmháil le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, a sholáthraíonn seirbhísí bainistíochta aerthráchta chun tacú le hiarratasóirí ar Phoist Oifigigh Raidió chun a líofacht i dtadhallchlóscríobh a fheabhsú lena chinntiú go gcomhlíonann siad an caighdeán iontrála le bheith ina nOifigigh Raidió faoi oiliúint. Tar éis comhpháirtíochta rathúla, tá comhairle agus tacaíocht bhreise iarrtha ag Air Nav Ireland ina n-earcaíocht leanúnach agus tá sé beartaithe tuilleadh a sholáthar do 2025.
- In 2024, fuair Campas Shionainne Insamhlóir Eitilte Boeing 737 Max a chuireann áiseanna oiliúna den scoth ar fáil do bhaill foirne agus d’fhoghlaimeoirí a chabhróidh tuilleadh lenár stádas mar Ionad Barr Feabhais Eitlíochta in Éirinn a neartú.

Scannáin agus na Meáin Dhigiteacha

In 2024, neartaigh an Coláiste BOaO a chomhpháirtíochtaí chun é féin a bhunú mar Ionad Barr Feabhais don tionscal Scannánaíochta agus na Meán Digiteach i réigiún an Iarthair Láir. Lean sé d’oibriú go dlúth le comhpháirtithe tionscail agus réigiúnacha chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí scileanna reatha sa tionscal agus chun tacú leo agus chun níos mó criú áitiúil ó gach cúlra agus disciplín a mhealladh isteach san earnáil. Seo cuid de bhuaicphointí 2024:

- I mí Aibreáin 2024, bhain Film in Limerick/Innovate Limerick, le tacaíocht ó Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, Tionscnamh Choimisiún Scannán na Bliana amach ag BAFTA i Londain. Baineann an gradam le tionscnamh ó Choimisiún Scannán áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta a bhfuil tionchar suntasach déanta aige ar a gcríocha agus a chruthaigh togra suimiúil do phríomhscannán, scannán teilifíse, sraith theilifíse, eipeasóid, fógra nó gearrscannán.

- Osclaíodh an dara Féile Ealaíon Bhliantúil ar Champas Shráid Mulgrave , Coláiste BOaO, i nGairdíní Léibheann Luimnigh i mí Aibreáin 2024 agus ba cheiliúradh iontach é ar na tairiscintí cruthaitheacha go léir ón gcampas. Den chéad uair, d'fhorbair an campas comhpháirtíochtaí nua le hionaid chultúrtha Chathair Luimnigh ar nós Amharclann Belltable agus Músaem Hunt, rud a chuir níos mó doimhneachta leis an eispéireas féile.
- Lean Croíscileanna ar Champas Ascaill Uí Chonaill agus Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne (OTS) lena gcomhoibriú ag baint úsáide as cur chuige feidhmiúil i leith an teagaisc. Insamhlaíonn an stiúideo cruthaitheach timpeallacht oibre ghairmiúil, agus cuireadh 2 chúrsa páirtaimseartha nua leis in 2024: Podchraoladh agus Grianghrafadóireacht Dhigiteach. Tá an stiúideo ealaíon cruthaitheach ina thríú bliain anois agus tá 8 gcúrsa neamhchreidiúnaithe ann a rachaidh ar aghaidh go modúil chomhpháirte leibhéal 2 DCCÉ faoin gclár Foghlama Ginearálta Leibhéal 2 in 2025. Chuir 90 foghlaimeoir, an méid ba mhó riamh, isteach ar na cúrsaí stiúideo i rith míonna an tsamhraidh. Ar an 20 Samhain 2024, tionóladh ócáid in Amharclann Mílaoise OTS chun na gearrscannáin a chríochnaigh foghlaimeoirí stiúideo sa chéad bhliain agus sa dara bliain a léiriú. Ba é 'Falling Forward' an scannán a rinneadh sa chéad bhliain; ba é 'DIRT' an dara scannán ar a ndearnadh staidéar.

Earnáil na Tógála

In 2024, chuir an Campas Nuálaíochta Glas oiliúint ar fáil do 1,000 foghlaimeoir. Cuireann sé oiliúint scileanna ar fáil do dhaoine atá dífhostaithe agus do dhaoine atá i bhfostaíocht ar mian leo a gcuid scileanna a fheabhsú. Chuir forbairt an Bhá Tógála nua i gcrích ar an gcampas chun an soláthar a fhorbairt i gcomhréir leis na gealltanais náisiúnta sa Straitéis Tithíochta do Chách agus sa Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta. I Meán Fómhair 2024, thug Feidhmeannach agus Bord SOLAS cuairt ar Champas na Nuálaíochta Glaise chun an infheistíocht shuntasach sa Champas a fheiceáil.

I mí Iúil 2024, chríochnaigh grúpa foghlaimeoirí ag Campas Acadamh Óige Mhaigh Rois an dara hatriall den Chúrsa Conairí chun na Tógála (arna chreidiúnú ag City & Guilds) . Áirítear ar phrífíil na bhfoghlaimeoirí ar an gcúrsa seo: luathfhágálaithe scoile, daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, baill den lucht siúil, daoine a bhfuil stádas dídeanaí acu. Bhí an t-oidreachas dara leibhéal curtha i gcrích ag cuid den chohórt ach ní raibh siad réidh tabhairt faoi phrintíseacht. Cuireann an cúrsa Conairí chun na Tógála bealach malartach nua ar fáil d'fhoghlaimeoirí isteach sa bhreisoideachas agus san ardoideachas.

Tugadh Clár Éifeachtúlachta Pearsanta nua isteach sa chúrsa chun tacú le foghlaimeoirí athléimneacht, cumas déileála le deacrachtaí, feidhm feidhmiúcháin agus scileanna trasnaí a fhorbairt. D'oibrigh baill foirne go gníomhach le foghlaimeoirí ar réimsí amhail tábhacht an ghnáthaimh, treoracha a leanúint, féinmheas agus féinmhuinín.

Earnáil na Róbataice

Chomh maith le héagsúlacht na bprintíseachtaí agus na hoiliúna atá ar fáil, tá Campas an Ráithín forbartha mar ionad barr feabhais sa Róbataic, ag seachadadh agus ag léiriú réimse cúrsaí san earnáil. In 2024, tugadh cuireadh do dhaltaí iar-bhunscoile ó scoileanna éagsúla an Mol Xplore nua a thástáil agus bualadh leis na róbónna, Pepper agus Nao. Úsáidfear an Mol seo le haghaidh cúrsaí Conairí ón scoil chuig cúrsaí BOaO. Cuirfear blaschúrsaí deimhnithe agus neamhdheimhnithe ar fáil do dhaltaí mar bhlaiseadh ar shaol na hinnealtóireachta agus na teicneolaíochta. Déanfaidh daltaí iniúchadh ar réitigh ar dhúshlán an tsaoil mhóir trí leas a bhaint as róbataic, dearadh, intleacht shaorga agus go leor brainsí eile den innealtóireacht. Is é an príomhchuspóir léargas a thabhairt ar luach, ábharthacht agus spreagadh chúrsaí BOaO chomh maith le bacainní a bhriseadh síos agus cosáin shoiléire a bhunú isteach sa Bhreisoideachas agus Oiliúint ar fud Luimnigh agus an Chláir.

Earnálacha Eile

- Ar Champas Shionainne, bhí soláthar suntasach á dhéanamh ar oiliúint scileanna sonracha a bhfuil deimhniú aitheanta go hidirnáisiúnta ag gabháil léi. Mar shampla:
 - Tá oiliúint F-Gháis tagtha chun cinn mar earnáil fairs scileanna le blianta beaga anuas. Is é Campas Shionainne an t-aon champas ar fud na tíre atá bailíochtaithe chun an oiliúint seo a sheachadadh agus tá sé ag obair le 80 cuideachta faoi láthair. In 2024, ainmníodh oiliúint Ghás-F i Sionainn do ghradam oiliúna ag Institiúid Cuisniúcháin Éireann agus ghlac 669 foghlaimoir páirt san oiliúint an-speisialaithe seo.
 - Le linn 2024, faoi sholáthar oiliúna ar conradh, chuir an Coláiste BOaO roinnt cúrsaí ar fáil don earnáil iompair. Áiríodh orthu seo cúrsaí tiomána d'fheithiclí Altacha, Dolúbtha agus Busanna a chuidigh le foghlaimoirí a gceadúnais tiomána a bhaint amach sna catagóirí ábhartha. Ina theannta sin, cuireamar cúrsaí tiomána ar fáil a thug deis do dhaoine a gceadúnas B a bhaint amach. Cuireadh na cúrsaí seo ar fáil do dhaoine i gceantair ard-dífhostaíochta i Luimneach agus sa Chlár. Cuireann soláthar na gcúrsaí seo daoine atá ceadúnaithe go hiomchuí ar fáil le haghaidh fostaíochta san earnáil iompair agus comhlíonann sé na riachtanais do chuideachtaí ar nós Bus Éireann atá ag lorg líon mór tiománaithe lánaimseartha agus páirtaimseartha ar fud na tíre faoi láthair.
 - Cuireadh roinnt cúrsaí oiliúna rothair ar fáil tríd an Acadamh Innealtóireachta Rothar chomh maith. Baineann creidiúnú City and Guilds leis an gcúrsa seo agus is féidir le foghlaimoirí a chríochnaíonn an cúrsa go rathúil iontráil dhíreach a fháil isteach sa dara bliain d'Innealtóireacht Uasghluaisneach agus Meicniúla in OTS. Go dtí seo, tá 5 fhoghlaimoir tar éis dul ar aghaidh chun a gcéim san Innealtóireacht a bhaint amach.
- Is é Campas na Ceapaí Móire an tIonad Sármhaitheasa i gCeardaíocht sa Ghaibhneacht Dhubh agus Iarann. Is é an t-aon chúrsa Deimhnithe Leibhéal 2 dá leithéid in Éirinn é ó City & Guilds.

Forbairt Printíseachtaí agus Cúrsaí Oiliúna

In 2024, mhéadaigh an Coláiste BOaO a thairiscintí printíseachta agus oiliúna, atá anois ar an gceann is mó in Éirinn, lena n-áirítear meascán de phrintíseachtaí ceardaíochta agus printíseachtaí faoi stiúir comhghuaillíochta (an BOO mar sholáthraí comhordaitheach nó comhoibríoch).

In 2024, suiteáladh cúig cheardlann leictreacha nua ar Champas Bhóthar Chill Mocheallóg, agus cuireadh tús leis an gcéad iontógáil de 14 phrintíseach nua agus glaoth ar 70 printíseach eile dá bPrintíseacht Leictreach Céim 2 i rith na bliana.

Printíseachtaí

- Bríceadóireacht agus Saoirseacht Chloiche
- Cearpantóireacht agus Siúinéireacht
- Ionstraimíocht Leictreach
- Leictreach
- Uathobriú Meicniúil agus Feistiú Cothabhála
- Déantúsaíocht Miotail
- Mótarmheicneoireacht
- Pluiméireacht
- Cuisniú agus Aerchóiriúcháin
- Déanamh uirlisí
- Déantúsaíocht agus Críochnú Adhmaid
- Printíseacht do Commis Chef
- Teicneoir Cuntasaíochta
- Déantúsaíocht Trealamh Bunaidh (OEM)



Cúrsaí Oiliúna

- Máistir Bád Oibre
- Innealtóireacht Ríomhchuidithe (CNC)
- Táthú
- Teicneoir Cothabhála Aerárthaí
- Péinteáil Spraeála Aerárthaí
- Córais Ríomhaireachta agus Líonraí
- Buneolas ar an Intleacht Shaorga agus Slándáil
- Diplóma i bhForbairt Bogearraí (Feidhmchláir Ríomhthráchtála)
- Forbróir Uathoibríthe Próiseas Bogearraí
- Teicneolaíocht Mótair
- Déantúsaíocht Leictreonaice
- Cóireálacha Speisialtóirí Áilleachta
- Gruagaireacht
- Scileanna Cócaireachta
- Innealtóir Rothar
- Seirbhís do Chustaiméirí laistigh den Tionscal Seirbhíse
- Forbróir Uathoibríthe Próiseas Bogearraí
- Oibreoir Uirlisí Meaisín
- Tiománaí Gairmiúil Feithiclí Earraí Troma
- Forbróir Uathoibríthe Próiseas Róbatach



- Cuireadh an chéad Chúrsa Oiliúna san Áilleacht i gcrích go rathúil i mí Aibreáin 2024 le 7 Speisialtóir Áilleachta láncháilithe ó Chontae an Chláir, ag fáil teastais ITEC agus DCCÉ Leibhéal 5 araon. I mí Lúnasa 2024, rinne Campas Inse 16 fhoghlaimeoir a earcú ar a gcéad Chúrsa Oiliúna eile san Áilleacht.
- Printíseacht faoi stiúir Comhghuaillíochta:
 - Iarratas athbhailíochtaí rathúil don *Phrintíseacht Náisiúnta sa Ghruagaireacht* agus teastas Athbhailíochtaí eisiúcháin ag DCCÉ i mí an Mheithimh 2024.
 - Bunaíodh Líonra Printíseachtaí nua agus reáchtáil an Coláiste BOaO ceardlann lae ar Champas Bhóthar Chill Mocheallóg i mí na Nollag 2024. Phléigh 35 ionadaí ó phrintíseachtaí faoi stiúir chomhghuaillíochtaí ar fud na tíre bealaí éagsúla chun pobal cleachtas a fhorbairt, foghlaim óna chéile agus cleachtas oibríochtúla, riaracháin agus measúnaithe níos sruthlínithe a fhorbairt.
- In 2024, chruthaigh an Oifig Náisiúnta Printíseachta Bunachar Sonraí Fostóirí Printíseachta ina raibh 300 cuideachta liostaithe do cheantar Luimnigh agus an Chláir.
- Ar Champas an Ráithín, seoladh printíseachtaí nua faoi stiúir comhghuaillíochtaí in 2024 lena n-áirítear: Cúram Sóisialta (Leibhéal 9), Ailtire Réitigh Bogearraí (Leibhéal 9), Margaíocht Dhigiteach (Leibhéal 6).
- Forbraíodh Cúrsa Oiliúna nua san Obair don Aos Óg ar Champas an Ráithín i gcomhpháirtíocht le hoifigigh agus comhpháirtithe óige áitiúla. Agus é ar an gcéad cheann dá leithéid sa réigiún, cuirfidh comhpháirtithe grúpa óige áitiúla na 3 mhí de thaithí oibre a theastaíonn ar fáil, chomh maith le deiseanna fostaíochta dóchúlú nuair a bheidh an oiliúint curtha i gcrích. Forbraíodh an cúrsa seo chun cabhrú le dul i ngleic leis an nganntanas Oibríthe Óige sa réigiún agus go náisiúnta. Tá sé beartaithe go dtógfáir an chéad ghrúpa isteach in Earrach 2025.
- Rinneadh ionadaíocht mhaith ar an BOO ag an imeacht 'Printíseach na Bliana' le 25 iomaitheoir sna babhtá deiridh ó réimsí na fáilteachais, an leictreachais agus na pluiméireachta, etc.

- Bhain Peter Duffy, a d'fhreastail ar an gColáiste BOaO, Campas an Ráithín (Printíseacht Innealtóireachta OEM), an gradam Innealtóireachta amach i mbliana.
- I mí Dheireadh Fómhair 2024, fuair 71 printíseach ó Champas an Ráithín a dteastais ag an Searmanas Céime a roinneadh le Coláiste Chiarraí i gCill Airne, i láthair a gcuid teaghlach agus cairde.
- In 2024, lean an Coláiste BOaO ar aghaidh ag cur rannpháirtíocht na mban i bprintíseachtaí chun cinn, agus mhéadaigh rannpháirtíocht na mban ar Champas an Ráithín i bprintíseachtaí Leictreacha, Mótarmheicneoirí agus EI. Ina theannta sin, rinne an Campas 20 sparánacht inscne a phróiseáil.
- Mar chuid de Explore Engineering, rinne an tSeirbhís Tacaíochta um Rannpháirteachas Fiontar bainistiú ar chur chun cinn agus poiblíocht an imeachta bhliantúil Inspire Women in Engineering i mí na Nollag 2024. Spreagann an t-imeacht seo, a mbíonn daltaí óga baineann ó iar-bhunscoileanna ar fud an Iarthair Láir páirteach inti, a rannpháirtíocht san innealtóireacht.

Tacaíochtaí d'Fhoghlaimoirí

Tá an tSeirbhís Tacaíochta um Ionchuisiú Gníomhach (STIG) i gceannas ar chur chuige an Choláiste BOaO i leith tacaíochtaí foghlaimoirí agus cinntíonn sí, nuair is féidir go réasúnta, go gcuirtear na tacaíochtaí riachtanacha ar fáil do gach foghlaimoir chun go mbeidh siad in ann leas iomlán a bhaint as na deiseanna oideachais atá ar fáil agus iad ag glacadh páirte i gclár a sheachadann an Coláiste BOaO i Luimneach agus sa Chlár.

Clárúcháin Iomlána: 1,869 (Eanáir – Samhain 2024) agus Treochtaí in 2024

Cineál Tacaíochta	Líon	% den Iomlán
Míchumas Diagnóisithe	246	13.2%
Freastal Réasúnta	156	8.3%
Cothromas Gléasanna	938	50.2%
Tacaíocht Foghlama	515	27.6%
Faisnéis/Treoir	181	9.7%
Comhairleoireacht Shíceolaíoch	144	7.7%
Eile/Neamhchinnte	184	9.8%

In 2024, rinneadh Creat Tacaíochta Foghlaimoirí an Choláiste BOaO a nuashonrú chun cur chuige iomlánaíoch a leagan amach maidir le tacú le foghlaimoirí ar fud Champas BOaO, ag freastal ar riachtanais acadúla, sóisialta agus forbartha pearsanta. Leagann sé béim ar chuimsiú digiteach, ar shláinte mheabhrach agus ar fholláine chun a chinntiú gur féidir le gach foghlaimoir a lánacmhainneacht a bhaint amach.

Ina theannta sin, táirgtear doiciméad nua dar teideal 'Measúnú ar Shaincheisteanna faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí'. Sa mheasúnú cuimsitheach seo, aithnítear dúshláin agus deiseanna do dhaoine ó na naoi gcúis agus míbhuntáiste socheacnamaíoch (an 10^ú foras) a bhaineann le hoibleagáidí an BOO faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí. Feidhmíonn an foilseachán mar acmhainn luachmhar don fhoireann chun comhlíonadh a chinntiú agus prionsabail chomhionannais á leabú i gcleachtas laethúil ag an am céanna.

Cur i bhFeidhm Toiliú Gníomhach sa Choláiste BOaO

Díríonn an clár um Thoiliú Gníomhach ar an bhfaisnéis, na scileanna agus an tacaíocht a theastaíonn ó bhaill foirne san earnáil BOaO a chur ar fáil dóibh chun ceardlanna a éascú ina n-institiúidí maidir le toiliú dearfach, gníomhach a chur chun cinn, chomh maith le hoiliúint a chur orthu maidir le conas déileáil go hiomchuí le nochtadh foréigin ghnéasaigh.

In 2024, tháinig Foireann Toiliú Gníomhach Ollscoil na hÉireann, Gaillimh chuig an gColáiste BOaO chun roinnt ceardlann a réachtáil, lena n-áirítear seisiún eolais agus oiliúint ar an acmhainn físe nua 20 nóiméad. Ina dhiaidh sin, réachtáladh oiliúint a raibh an-tóir uirthi leis an bhfoireann agus le hIonad Éigeandála na Gaillimhe um Éigniú, bhí dírithe ar dhea-chleachtas i gcás nochtadh foréigin ghnéasaigh. San iomlán idir 2023 agus 2024, ghlac níos mó ná 100 ball foirne páirt i gcruinnithe eolais agus in oiliúint éascaitheoirí sa réimse seo agus tá Leibhéal 9 i dToiliú Gníomhach curtha i gcrích ag 6 bhall foirne.

I ngluaiseacht shuntasach, ghlac an tSeirbhís Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach ceannas maidir le tionscnamh an Toiliú Gníomhaigh a chur i bhfeidhm trí chur chun cinn agus feachtas a mhúscailt. Áiríodh leis seo seisiúin eolais, ábhair chur chun cinn, agus rannpháirteachas leanúnach le foghlaimeoirí chun béim a chur ar luach na rannpháirtíochta. D'oibrigh an tSeirbhís Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach go dlúth le héascaitheoirí chomh maith chun ábhair agus formáidí seisiún a oiriúnú chun freastal ar riachtanais éagsúla foghlaimeoirí, lena n-áirítear iad siúd faoi mhíchumas nó bacainní teanga. Chinntigh an cur chuige saincheaptha seo go bhféadfadh gach foghlaimeoir páirt iomlán a ghlacadh sa chlár. Tugann an clár um Thoiliú Gníomhach an t-eolas agus na scileanna do na foghlaimeoirí chun páirt a ghlacadh i gcaidrimh mheasúla eolasacha. Leagann sé béim ar thábhacht na cumarsáide soiléire, an chomhaontaithe fhrithpháirtigh, agus tuiscint ar theorainneacha pearsanta, rud a chuireann ar chumas foghlaimeoirí cinntí eolasacha a dhéanamh.

Faoi mhí na Samhna 2024, bhí beagnach 400 foghlaimeoir tar éis páirt a ghlacadh sa chlár um Thoiliú Gníomhach, agus uirlisí luachmhara acu chun caidrimh idirphearsanta a láimhseáil le muinín agus le meas. Tacóidh an tSeirbhís Tacaíochta F&FG (Forbairt agus Forbairt Ghairmiúil) le hoiliúint leanúnach éascaitheoirí, agus tá ionadaíocht á déanamh orthu chomh maith ar an nGrúpa Oibre um Thoiliú Gníomhach nuabhunaithe.

Foghlaim Theaghlaigh

Is soláthar suaitheanta í an Fhoghlaim Theaghlaigh i mBord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, atá i gceannas ar chur i bhfeidhm na dTreoirínte maidir le Litearthacht Teaghlaigh in BOOnna (SOLAS, NALA agus BOOÉ, 2020).

I measc na bpríomhthionscnamh in 2024, bhí:

- Feachtas Clárúcháin Vótálaithe i mí na Bealtaine 2024 roimh na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha.
- Chuir foireann na Foghlama Teaghlaigh dhá lá oiliúna ar fáil i gCathair Chorcaí i mí Aibreáin 2024 do 11 ball foirne litearthachta do dhaoine fásta ó áiteanna ar fud Chathair agus Chontae Chorcaí.
- Réachtáil Foghlaim Theaghlaigh cruinniú Páirtithe Leasmhara i mí an Mhárta 2024 do ghrúpaí a n-oibríonn siad i gcomhpháirtíocht leo.
- Rinne foireann Bhaile Munna Óg an oiliúint don tionscnamh 'Hug Your Book' a sheachadadh in Inis i mí an Mhárta 2024, do bhaill foirne foghlama teaghlaigh ar fud an BOO, do chomhpháirtithe áitiúla agus bhí triúr ball foirne ó BOO Laoise agus Uíbh Fhailí ann chomh maith.

- Ghlac Campas Ascaill Uí Chonaill páirt chomh maith i dTionscadal Foghlama Teaghlaigh dar teideal “Tacaíocht a thabhairt do leanaí agus teaghlaigh easáitithe, faoi mhíbhuntáiste agus imeallaithe san Oideachas i gCathair Luimnigh”, a reáchtáladh idir Deireadh Fómhair 2023 agus Aibreán 2024. I measc na mbuntáistí iomadúla a bhain leis an tionscadal seo, dhírigh sé ar na deiseanna atá ar fáil do thuismitheoirí sa Bhreisoideachas agus Oiliúint a léiriú.

Conairí a Chruthú

Tá feasacht agus tuiscint ar scileanna gairme a chothú ina chuid den obair leanúnach atá ar bun ag Seirbhís Tacaíochta Faisnéise, Earcaíochta agus Treorach an Choláiste BOaO le foghlaimoirí atá ar sholáthar BOaO, agus leo siúd atá ag smaoineamh ar fhilleadh ar an oideachas chun athoiliúint a dhéanamh nó scileanna nua a fhoghlaim ar mhaithe leis an bhforbairt phearsanta.

Déanann an tSeirbhís Tacaíochta um Rannpháirtíocht Fiontar comhordú ar imeachtaí speisialta chun tacú le Pathways i gcomhar le comhpháirtithe réigiúnacha tionscail agus oideachais. I measc na samplaí in 2024, bhí:

- I mí an Mhárta 2024, mheall an **taispeántas Explore Engineering** na céadta cuairteoir chuig Aerfort na Sionainne.
- Reáchtáladh an **Chéad Seóthaispeántas Capstone den chlár Printíseachta Gruagaireachta Náisiúnta** ar Champas an Ráithín chun scileanna Printíseachta Gruagaireachta a léiriú ag imeacht cur i láthair i salón oiliúna den scoth sa Choláiste BOaO.
- I mí na Samhna 2024, thacaigh an tSeirbhís Tacaíochta um Rannpháirtíocht Fiontar leis an **Seóthaispeántas Gairme Printíseachta**. D’fhreastail 2,000 dalta iar-bhunscoile ó réigiún Luimnigh agus an Chláir ar an Seóthaispeántas Printíseachta idirghníomhach bliantúil. Freastalaíonn ár gcomhpháirtithe oideachais, OTS agus Ollscoil Luimnigh, ar an ócáid seo in óstán Radisson chomh maith chun rogha na printíseachta a chur chun cinn mar fhíor-rogha do lucht fágála scoile sa réigiún. D’fhreastail breis is 25 treoirchomhairleoir ar an imeacht agus reáchtáladh pléití idirghníomhacha le printísigh reatha sa réigiún.

Conairí ón Scoil

Le linn 2024, d’ullmhaigh an Coláiste BOaO pacáiste faisnéise atá ceaptha chun faisnéis riachtanach a sholáthar do phríomhoidí, do leas-phríomhoidí, do chomhordaitheoirí críochnaithe scoile, do chomhordaitheoirí teagmhála baile, scoile agus pobail agus do threoirchomhairleoirí faoin tairiscint atá ar fáil d’fhoghlaimoirí iar-bhunscoile tríd an gColáiste BOaO.

Bhí **blaschláir** ar siúl ar fud na gCampas BOaO chomh maith, áit a raibh deis ag daoine bualadh le teagascóirí, foghlaimoirí reatha, scileanna nua a thriail, incháilitheacht a sheiceáil agus clárú do chúrsaí.

- Tá an clár nua um Blas-shraith Conairí ón Scoil, a seoladh i mí na Samhna 2022, dírithe go háirithe ar dhaltaí iar-bhunscoile. Is é príomhchuspóir an chláir léargas a thabhairt do na daltaí seo ar luach, tábhacht, ábharthacht agus spreagadh na gcúrsaí BOaO sa Choláiste. Tá an tsraith dírithe ar dhaltaí na hIdirbhliana mar aon le daltaí na hArdteistiméireachta Feidhmí agus daltaí Bhliain 5 is Bhliain 6. Reáchtáladh 33 clár rathúil in 2024 i réimsí an Spóirt/Teiripe Áilleachta/Teiripe Chruthaithigh agus na Gruagaireachta. Ghlac 13 scoil páirt ann agus bhí 275 dalta i láthair i rith an chláir.
- In 2024, ghlac scoileanna ar fud an réigiúin páirt in dhá bhlascúrsa fáilteachais éagsúla a forbraíodh go sonrach do na blianta idirthréimhseacha: ‘Blasphrintíseacht do Chócairí Sóisearacha’ agus ‘Blaschúrsa ar Scileanna Barista’. Thug breis is 300 dalta idirbhliana faoi na cúrsaí seo, a bhfuil suim acu san earnáil fáilteachais agus turasóireachta mar rogha gairme féideartha nó chun scileanna saoil a fhoghlaim.

Chríochnaigh an t-eispéireas leis an tríú comórtas bliantúil de chuid Chócaire Sóisearach na Bliana 2024 i Réigiún na Sionainne a reáchtáladh i mí Aibreáin in Óstán na Trá, Luimneach. Fógraíodh Laura Naughton, dalta idirbhliana ó Choláiste Cuimsitheach an Chorráin mar bhuaiteoir foriomlán an chomórtais agus bronnadh an Bonn Óir uirthi as an gCéad Áit a bhaint amach.

Cláir Chonairí Réamh-Phrintíseachta: Lean an Coláiste BOaO de Chonairí chun Printíseachtaí a fhorbairt. Is tionscnamh é a sholáthraíonn réimse cúrsaí is féidir le foghlaimeoirí a dhéanamh sula dtugann siad faoi phrintíseacht. Soláthraíonn na cúrsaí seo scileanna riachtanacha chun cabhrú le foghlaimeoirí printíseacht iomlán a rochtain agus aistriú chuici. Ar an gcuma chéanna le printíseacht ó thaobh struchtúir de, cuirtear conairí chuig cúrsaí printíseachta ar fáil mar chumasc d'oiliúint fhostóirbhunaithe ar an láthair oibre agus oiliúint lasmuigh den láthair oibre ar Champas an Choláiste BOaO.

Conairí chuig an Ardoideachas

In 2024, lean an Coláiste BOaO ar aghaidh ag forbairt dlúthnasc leis an earnáil ardoideachais, d'fhonn conairí dul chun cinn a fhorbairt chun leasa foghlaimeoirí BOaO agus Ardoideachais araon. Lean an Coláiste BOaO ar aghaidh ag forbairt naisc láidre le hInstitiúidí Ardoideachais sa réigiún.

D'ullmhaigh Seirbhís Tacaíochta an Bhreisoideachais agus Oiliúna um Ionchuimsiú Gníomhach Plean Gníomhaíochta BCTE agus Foghlaimeoirí Imirceacha 2024–2026. Agus aitheantas á thabhairt do riachtanais éagsúla BCTE (Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile) agus foghlaimeoirí imirceacha, tá an plean gníomhaíochta seo bunaithe ar fhianaise ó Mheasúnú ar Dhualgais na hEanála Poiblí 2024 agus leagann sé béim ar thábhacht an chomhoibrithe le heagraíochtaí pobail agus ar chomhtháthú cur chuige atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir.

Bhí trí lá eolais sceidealaithe ar Champas an Choláiste BOaO, Ascaill Uí Chonaill, Inis agus Mainistir na Féile idir Eanáir agus

béim á leagan ar Fhor-rochtain, Rochtain agus Aistrithe. Cumasófar cur chuige ar fud an Choláiste BOaO chun tacú le haistrithe foghlaimeoirí.

- Tá dea-theist ag an BOO maidir le tacú le **cuimsiú litearthachta, uimhearthachta agus digiteach** ar fud a réigiúin, ach mar thoradh ar thionchar na paindéime, tá laghdú suntasach tagtha ar an soláthar seo. Thar thréimhse an Chomhaontaithe seo, geallfaidh an BOO i dtosach go bhfillfidh sé ar leibhéil 2019, agus a haidhm ina dhiaidh sin ná go gcuirfear méadú 10% leis na leibhéil chéanna, rud a chuirfidh leis an leathnú foriomlán in infheistíocht litearthachta atáthar á éileamh i straitéis Litearthacht d'Aosaigh Don Saol (ALL). Beidh riachtanas ann mar chuid den leathnú seo, tacaíocht Béarla a chur ar fáil do theifigh ón Úcráin.

Márta 2024. Ba é an príomhchuspóir ná an pobal imirceach a chur ar an eolas agus a chumhachtú maidir leis na conairí oideachais a chuireann Institiúidí BOaO agus Institiúidí Ardoideachais (IAO) ar fáil, agus léargas a thabhairt ag an am céanna ar na deiseanna maoinithe atá ar fáil.

Ba gharspíoc thábhachtach eile í 2024 i rannpháirtíocht an Choláiste BOaO i Suaitheantas Digiteach i nDearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF) an Fhóraithe Náisiúnta Teagaisc agus Foghlama.

Is í seo an cúigiú huair a thairgimid an suaitheantas agus an ceathrú huair a ghlacaimid páirt sa chur i bhfeidhm náisiúnta. Thug foireann tiomanta de cheathrar éascaitheoirí céaduaire tacaíocht dár rannpháirtithe i mbliana, a thagann den chuid is mó ón gColáiste BOaO agus ó BOOnna eile. Tá áthas orainn chomh maith baill foirne ó Choláiste Cheatharlach, Coláiste SIPTU, an Líonra Foghlama Náisiúnta, Disléicse Éireann, Fís Éireann, agus an Foras Riaracháin a óstáil mar chuid dár ngrúpaí piaraí.

Ina theannta sin, chláraigh cohórt nua sa chéad chur i bhfeidhm den chlár Dearadh Uilíoch Níos Faide i gCéin ná an Seomra Ranga. Tá an suaitheantas seo deartha go sonrach do bhaill foirne a thacaíonn le foghlaimeoirí i róil lasmuigh den seomra ranga agus ar mian leo cur chuige an Dearaidh Uilíoch a úsáid chun oideachas agus oiliúint bhreise a dhéanamh níos cuimsithí.

Tá an Straitéis náisiúnta Litearthachta do Dhaoine Fásta ar Feadh an tSaoil (ALL) ina dara bliain anois. Tá Comhordaitheoir Litearthachta Réigiúnach i bhfeidhm i Luimneach agus sa Chlár agus tá Comhghuaillíocht Litearthachta Réigiúnach bunaithe, atá comhdhéanta d'ionadaithe áitiúla, chun comhoibriú chun

	<p>(ar lean)</p>	<p>freagairtí litearthachta saincheaptha a fhorbairt do gach réigiún. I mBord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, tá oiliúint ar Fheasacht Litearthachta agus ar Theanga Shimplí curtha ar siúl, mar aon le cruinnithe Comhrialtas.</p> <p>Chuir Ciste Comhoibrithe agus Nuálaíochta ALL 2024 €99K ar fáil chun tacú le 10 dtionscadal a bhí dírithe ar dhaoine fásta a bhfuil riachtanais litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digiteacha neamhchomhlíonta acu i Luimneach agus sa Chlár.</p>
	<p>Tosaíocht BOaO: Conairí BOaO a shimpliú, agus oibriú i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara chun réitigh a aimsiú chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar rochtain agus ar fhorchéimniú foghlaimeora.</p> <p>Tá ról ag an tSeirbhís Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach (STIG) i bhforbairt rannpháirteachais an Choláiste BOaO le grúpaí a ndéantar tearcionadaíocht orthu chun aistriú ón iar-bhunoideachas go dtí an tríú leibhéal a éascú. I measc na ngníomhartha tá oibriú le comhghleacaithe i Pathways agus Dearbhú Cáilíochta chun tionscnaimh a fhorbairt a thacaíonn le haistrithe ón scoil go dtí Breisoideachas agus Oiliúint, ag cur le múnlaí comhpháirtíochta áitiúla uathúla le grúpaí pobail chun foghlaimeoirí nua a mhealladh, agus ceardlanna forlíontacha saincheaptha a dhearadh agus a sheachadadh bunaithe ar riachtanais an champais áitiúil i gcomhar leis an soláthar.</p> <p>In 2024, leanfaimid orainn ag cinntiú go gcuireann ár gCampas BOaO timpeallacht chuimsitheach agus thacúil ar fáil dár bhfoghlaimeoirí den Lucht Siúil agus den phobal Romach trí obair oideachasóir aosach STIG.</p>	<p>In 2024, chomhoibrigh an tSeirbhís Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach (STIG) agus Soláthar BOaO go fairsing chun tacú le pobal an Lucht Siúil agus pobal na Romach ar fud Luimnigh agus an Chláir araon.</p> <p>I measc Príomhéachtaí na bliana seo, tá na nithe seo a leanas: Chomhoibrigh STIG agus Soláthar le Líonra Lucht Siúil Luimnigh (LTN) agus le heagraíochtaí Lucht Siúil an Chláir chun seisiúin eolais a reáchtáil faoi dheiseanna BOaO agus ról tacaíochta do Lucht Siúil agus do Romaigh a chur chun cinn.</p> <p>Bhain foghlaimeoirí sa dá réigiún leas as deiseanna líonraithe, amhail turas foghlaimeoirí Cúraim Chapail go Campas Chromadh agus rannpháirtíocht i Sárthaispeántas Printíseachta i Luimneach, rud a chuir feabhas ar rochtain ar oiliúint ghairmiúil agus ar chonairí gairme.</p> <p>Chuidigh STIG agus Soláthar go rathúil le Líonra Lucht Siúil Luimnigh agus le grúpaí Lucht Siúil an Chláir maoiniú REACH a fháil, rud a d'éascaigh rannpháirtíocht agus dul chun cinn níos fearr san oideachas.</p> <p>I gContae an Chláir, chuir STIG agus Soláthar seisiúin eolais buail isteach ar fáil, lena n-áirítear comhoibriú le hAltra Ceantair Lucht Siúil FSS, Oibrí Tacaíochta Lucht Siúil Chomhairle</p>

Leanfaidh an Coláiste BOaO ar aghaidh ag obair go leanúnach chun **Conairí chun Cláir Phrintíseachta**– a fhorbairt agus réimse cúrsaí á dtairiscint a bheidh ar fáil ag foghlaimeoirí sula dtabharfaidh siad faoi phrintíseacht.

Contae, agus Tacaíocht Teaghlaigh Tusla, chun rochtain ar acmhainní pobail a fheabhsú.

I mí Iúil 2024, chuir grúpa foghlaimeoirí an dara hatriall de **Chonairí chuig Cúrsa Tógála** (creidiúnaithe ag City & Guilds) ag Campas Acadamh Óige Mhaigh Rois. Áirítear ar phróifíl na bhfoghlaimeoirí ar an gcúrsa seo: luathfhágálaithe scoile, daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, baill den lucht siúil, agus daoine a bhfuil stádas dídeanaí acu.

Thug foghlaimeoirí ó na Cúrsaí Conairí chun Tógála a sheachadann Campas Shráid an Chláir (Tógáil Chathair Luimnigh) agus Campas Acadamh Óige Mhaigh Rois cuairt ar Champas an Ráithín agus ar Champas na Nuálaíochta Glaise i mBaile an Róistigh chomh maith chun foghlaim faoi na deiseanna printíseachta agus oiliúna atá ar fáil dóibh.

In 2024, reáchtáil Campas Shionainne sraith **de chúrsaí Pathways** i réimse disciplíní i gcomhar le Scoil Inis Díomáin. Méadaíodh raon na gcúrsaí chun Cothabháil Aerárthaí, Déantúsaíocht Miotail, Buneolas ar Tháthú, Buneolas ar Phluiméireacht, Dearadh Innealtóireachta, Buneolas ar Leictreachas, Ábhair Chomhcheangailte, Áilleacht, Pábháil & Obair Chloiche agus Gruagaireacht a áireamh. In 2024, bhí beagnach 300 foghlaimeoir ar ár gcúrsaí conaire ó 9 scoil ar fud an réigiúin.

I mí na Samhna 2024, reáchtáladh **Sárthaispeántas Printíseachtaí agus Cúrsaí Oiliúna** bliantúil in Óstán Radisson i Luimneach. Thar dhá lá, bhí Oiliúnaithe agus Printísigh an Choláiste BOaO i mbun na seastán agus chuir siad a gcuid ceardaíochta agus scileanna roghnaithe i láthair do dhaltaí, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí. Rinne breis is 30 scoil

	(ar lean)	turaiis agus blaiseadh de Champas an Ráithín a lorg mar thoradh air sin.
	<p>Tosaíocht BOaO: Rannpháirteachas cuimsitheach le BCTE agus le Pobail Foghlaimeoirí Imirceacha a chur chun cinn agus a thacú chun go mbeidh siad in ann páirt a ghlacadh go rathúil i mBreisoideachas agus Oiliúint.</p> <p>In 2023, faoinár gCreat BCTE agus Foghlaimeoirí Imirceacha, tugadh cuireadh do bhaill foirne ón gColáiste BOaO Curaclam BCTE Leibhéal 1 agus 2 DCCÉ a mheas do BOO an Chabháin agus Mhuineacháin. Nuair a bheidh sé ceadaithe ag DCCÉ, beidh an Coláiste BOaO in ann iarratas a dhéanamh ar bhailíochtú difreálach in 2024, rud a chuirfidh ar chumas an Choláiste a raon roghanna deimhniúcháin in BCTE a leathnú.</p> <p>Buaileann foireann freagartha BOaO na hÚcráine go seachtainiúil leis an STIG agus le hOifigigh Soláthair Oideachais Aosach. Tá Clár Athlonnaithe Dídeanaithe BCTE beartaithe do 2024 i Luimneach. De réir mar a fheabhsaíonn leibhéil an Bhéarla, tá foghlaimeoirí ag dul ar aghaidh chuig na deiseanna gairmoideachais níos leithne atá ar fáil ar fud an Choláiste BOaO.</p> <p>Áireofar lenár bhfócas in 2024 breathnú ar chosáin agus roghanna dul chun cinn do na grúpaí seo isteach i gColáiste an tSoláthair BOaO go ginearálta.</p>	<p>In 2024, rinne Aonad Curaclaim an Choláiste BOaO bailíochtú difreálach ar roinnt clár nua (Dámhachtainí Cuspóra Speisialta) lena n-áirítear BCTE L1 & L2.</p> <p>In 2024, d’ullmhaigh an tSeirbhís Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach Plean Gníomhaíochta BCTE agus Foghlaimeoirí Imirceacha 2024–2026. Agus aitheantas á thabhairt do riachtanais éagsúla BCTE (Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile) agus foghlaimeoirí imirceacha, tá an plean gníomhaíochta seo bunaithe ar fhianaise ó Mheasúnú ar Dhualgais na hEanála Poiblí 2024 agus leagann sé béim ar thábhacht an chomhoibríthe le heagraíochtaí pobail agus ar chomhtháthú cur chuige atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir.</p> <p>Ina theannta sin, earcaíodh Treoirchomhairleoir nua a bhfuil freagracht shonrach air/uirthi as soláthar don Óige ar Champas Oirthear an Chláir, Campas Chill Rois agus Campas Inse. Bhí tacaíocht leanúnach agus saincheaptha ar fáil chomh maith do na foghlaimeoirí Úcráinis agus BCTE go ginearálta.</p> <p>In 2024, dhírigh tionscnaimh ar fud an champais ar nasc agus spiorad pobail a chothú, lena n-áirítear tacaíocht d’Fhoghlaimeoirí BCTE. Chuir Mol Foghlama Champas OCA tacaíocht shaincheaptha ar fáil d’foghlaimeoirí BCTE, ina raibh teagascóirí BCTE tiomnaithe a bhí sceidealaithe chun cabhrú le foghlaimeoirí ag amanna sonracha.</p>

	(ar lean)	<p>Cuireadh rogha leabhar léitheoireachta BCTE ar fáil, rud a thug deis d’fhoghlaimoirí a gcuid scileanna teanga a chleachtadh i dtimpeallacht fháilteach agus shuaimhneach idir ranganna.</p> <ul style="list-style-type: none"> - Léirigh Laethanta Idirnáisiúnta bliantúla tiomantas campais BOaO maidir le héagsúlacht chultúrtha a cheiliúradh agus cuimsiú a chothú. - Bhí trí lá eolais sceidealaithe ag Campas an Choláiste BOaO, Ascaill Uí Chonaill, Inis agus Mainistir na Féile idir Eanáir agus Márta 2024, chun an pobal imirceach a chur ar an eolas agus a chumhachtú maidir leis na conairí oideachais a chuireann Institiúidí BOaO agus Institiúidí Ardoideachais ar fáil, agus léargas a thabhairt ar na deiseanna maoinithe atá ar fáil ag an am céanna. - Ar Champas na Ceapaí Móire agus Bhaile Chill Mocheallóg, rinneadh iarracht mhór in 2024 chun cúrsaí deimhnithe a chur ar fáil d’fhoghlaimoirí Úcránacha atá ina gcónaí in Oirthear Luimnigh. Bronnadh 225 dámhachtain Foghlama Ginearálta ag Leibhéal 1 DCCÉ, arna n-oiriúnú do riachtanais agus leasanna foghlaimoirí BCTE. Fuair breis is 35 foghlaimoir dámhachtain mhór Leibhéal 1 i bhFoghlaim Ghinearálta. - I gCampas Bhaile Chill Mocheallóg, lean an cúrsa Infhostaitheachta le Tacaíochtaí Teanga Béarla Leibhéal 3 de bheith coitianta i measc Úcránach agus Brasaíleach a bhí ina gcónaí sa Bhrú, sa Ráth agus i gCill Mocheallóg. - Bhí Croí-Scileanna i gCo. an Chláir páirteach i dtionscadal náisiúnta foghlama teaghlaigh chun dámhachtain nua speisialta DCCÉ Leibhéal 3 a rolladh amach – Foghlaim chun Tacú le Leanaí sa Bhunscoil. Dearadh an clár seo chun cosán a chruthú ó chúrsaí Foghlama Teaghlaigh neamhchreidiúnaithe go cláir dheimhnithe agus fanacht laistigh den réimse ábhair Foghlama Teaghlaigh. Chríochnaigh grúpa foghlaimoirí atá ag iarraidh cosaint
--	-----------	--

	(ar lean)	<p>idirnáisiúnta i mBaile Uí Bheacháin modúl amháin ón gclár seo, Tacaíocht a thabhairt do Leanaí le Litearthacht sa Bhunscoil. Cabhróidh an clár seo le tuismitheoirí leochaileacha tacú lena bpáiste agus iad i dteagmháil córas oideachais na hÉireann den chéad uair agus cruthóidh sé conairí do thuismitheoirí isteach sa bhreisoideachas.</p>
	<p>Tosaíocht BOaO: Tacaíocht agus meantóireacht ábhartha a sholáthar do bhaill foirne i réimse an mhíchumais lena n-áirítear forbairt acmhainní, cur chun cinn thuarascáil LENS agus seachadadh PLD.</p>	<p>In 2024, ceapadh Oifigeach Míchumais nua don Choláiste BOaO chun rochtain agus tacaíocht chothrom a chinntiú d'fhoghlaimoirí faoi mhíchumas, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta cuimsitheacha a fhorbairt, comhlíonadh reachtaíochta ábhartha a chinntiú, agus cúnaimh a thabhairt don fhoireann chun cleachtais chuimsitheacha a leabú.</p> <p>Forbraíodh Acmhainn nua um Fheasacht ar Mhíchumas do Chleachtóirí BOaO chomh maith chun uirlisí agus léargais riachtanacha a sholáthar do chleachtóirí BOaO chun tacú go héifeachtach le foghlaimoirí faoi mhíchumas. Feidhmíonn sé mar uirlis forbartha gairmiúla chomh maith, ag cothú tuiscint níos doimhne ar na bacainní a bhíonn roimh fhoghlaimoirí faoi mhíchumas agus conas aghaidh a thabhairt orthu.</p> <p>Bhí 19 ball foirne ar conradh ag Campas Choláiste BOaO Shráid Mulgrave chun tacaíocht bhreise a sholáthar d'fhoghlaimoirí ar fud na Roinne uile faoin Scéim Chiste na nDaltaí faoi Mhíchumas, a bhí ríthábhachtach d'fhoghlaimoirí incháilithe chun cabhrú leo a lánacmhainneacht a bhaint amach.</p> <p>Bhí ról lárnach ag STIG i bhforbairt agus i seachadadh réimse leathan oiliúna speisialaithe do bhaill foirne ar fud an Choláiste BOaO chun cumhacht a thabhairt d'oideachasóirí leis an eolas agus na huirlisí chun tacú go héifeachtach le gach foghlaimoir, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riochtaí</p>

	(ar lean)	<p>néareolaíochta éagsúla agus difríochtaí foghlama sonracha orthu. I measc na hoiliúna in 2024, bhí:</p> <ul style="list-style-type: none"> - Tacú le Foghlaimeoirí Néar-Éagsúla I gcomhréir le tionscnaimh náisiúnta a chuireann cuimsiú chun cinn, dearadh an oiliúint seo chun feachtas a mhéadú ar riachtanais uathúla foghlaimeoirí a bhféadfadh riochtaí amhail Uathachas, NHEA (Neamhord an Easnamh Airde agus na Hipirghníomhaíochta), agus difríochtaí néarfhorbartha eile a bheith orthu. - Cúrsa Disléicse do Chleachtóirí BOaO Dhírigh an cúrsa seo ar riachtanais foghlaimeoirí disléicseacha, a d'fhéadfadh suas le 10% den daonra a léiriú. Tá sé mar aidhm ag an gcúrsa seo, atá deartha i gcomhar le foghlaimeoirí agus cleachtóirí néar-éagsúla, eolas teoiriciúil agus straitéisí praiticiúla a chur ar fáil d'oidoírí chun timpeallachtaí foghlama níos cuimsithí a chruthú. - Léirmhíniú Tuarascálacha LENS Chomh maith leis sin, d'fhorbair agus sheachaid STIG oiliúint ar léirmhíniú agus cur i bhfeidhm Thuarascálacha Achoimre ar Riachtanais Foghlama Oideachais (LENS), ina leagtar amach na riachtanais foghlama sonracha agus na cóiríochtaí réasúnta atá riachtanach d'fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas. Mar thoradh air sin, tá tacaíocht níos pearsantaithe bainte amach ag foghlaimeoirí a fheabhsaíonn a gcumas páirt a ghlacadh ina gcúrsaí agus iad a chur i gcrích go rathúil.
	<p>Leagann Plean Gníomhaíochta an Choláiste BOaO um Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta amach 11 ghníomh ar leith faoin gceannteideal: Foghlaimeoirí agus TEL. Baineann na gníomhartha seo le cinntiú go bhfuil guth an fhoghlaimeora i gcoilár ár bhforbairt maidir le húsáid teicneolaíochta, trí chur chuige atá bunaithe ar fhianaise agus atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir ar fud an</p>	<p>In 2024, chomhoibrigh an TELSS le STIG chun sraith físeán a chruthú chun tacú le hlonduchtú Digiteach Foghlaimeoirí FCT comhsheasmhach agus éifeachtach. Is treoracha céim ar chéim iad na beochana seo maidir lenár bpríomhardáin foghlama, lena n-áirítear Microsoft 365, MS Teams, MS Outlook, MS OneDrive, agus Moodle. Tá doiciméid agus treoracha úsáideacha ag gabháil leis na físeáin chun tacú le foghlaimeoirí</p>

Bhreisoideachais agus Oiliúna (lena n-áirítear prionsabail an Dearaidh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF) agus foghlaimeoirí a bheith páirteach i gcomhdhearadh na foghlama). Baineann siad le cuimsiú digiteach agus lena chinntiú nach mbíonn foghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste ná eisiámh mar gheall ar theicneolaíocht ach ina ionad sin go n-úsáidtear an teicneolaíocht chun cuimsiú agus rochtain a fháil. Baineann siad le húsáid leanúnach na teicneolaíochta ag foghlaimeoirí BOaO a chur chun cinn le haghaidh foghlama féinstiúrtha, rannpháirteachas i bpobail foghlama, féinmheasúnú agus pleanáil a gcosáin foghlama pearsanta. Baineann siad chomh maith le measúnú tosaigh ar scileanna digiteacha agus forbairt leanúnach scileanna digiteacha ar fud an turais foghlama.

In 2024, díreofar go príomha ar ionduchtú foghlaimeoirí agus beidh forbairt agus glacadh le pacáiste ionduchtaithe digiteach coiteann le húsáid ar fud an Bhreisoideachais agus Oiliúna mar phríomhspríoc.

agus iad ag úsáid na n-uirlisí digiteacha seo. Scaoileadh na hacmhainní seo i Meán Fómhair 2024 agus tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choláiste BOaO do gach foghlaimeoir gan gá le síniú isteach.

Chomh maith leis sin, tá tús curtha againn anois le hobair ar shuíomh SharePoint a chruthú go sonrach d'foghlaimeoirí tar éis dul i gcomhairle le Seaimpíní Digiteacha, foghlaimeoirí agus cleachtóirí foghlama. Táthar ag súil go bhfásfaidh an suíomh seo mar 'Chrios Foghlaimeoirí' ar líne nó mar thairseach d'foghlaimeoirí inar féidir leo rochtain a fháil ar an bhfaisnéis uile a theastaíonn uathu. Leanfaidh TELSS leis an obair ar an tionscadal seo in 2025 chun feabhas a chur ar thaithí ionduchtaithe digiteach fhoriomlán an fhoghlaimeora.

Inrochtaineacht sa Bhreisoideachas agus Oiliúint: Ba dhíriú suntasach ar obair na Seirbhíse Tacaíochta FCT in 2024 ná inrochtaineacht. Bhí fócas lárnach ag ceardlanna tábhachtacha FGL an tsamhraidh agus an fhómhair ar úsáid na ngnéithe inrochtaineachta in Teams agus Moodle. Tá an fócas ar inrochtaineacht comhtháite anois i ngach tairiscint PD áit a gcuirimid úsáid gnéithe inrochtana tábhachtacha chun cinn amhail PowerPoint Live agus léitheoir tumtha in Teams agus seiceálaithe inrochtaineachta in Office 365 agus Moodle.

In 2024, chuir TELSS tús le tionscadal píolótach in úsáid threalamh inrochtaineachta Brickfield i Moodle, ag cur béime ar thábhacht an deartha chuimsithigh in ardáin foghlama ar líne, ag soláthar léargais luachmhara agus uirlisí praiticiúla chun ábhar oideachasúil inrochtana a chruthú.

Tionscadal Bonneagair Dhigitigh Pobail: In 2023 agus 2024, thug Seirbhís Tacaíochta FCT tacaíocht agus ceannaireacht ríthábhachtach do thionscnamh comhpháirtíochta inar oibrigh

	(ar lean)	<p>an BOO le Lónra Oideachais Pobail Luimnigh (LCEN) chun iniúchadh bonneagair a dhéanamh ar shuíomhanna pobail ag baint úsáide as maoiniú ó chiste Comhoibríthe agus Nuálaíochta Straitéise ALL. Ní hamháin gur fhéach an t-iniúchadh seo le bonneagar TF a fheabhsú ach bhí sé ailínithe chomh maith leis an misean náisiúnta chun eisiámh digiteach a dhíothú agus daonra atá liteartha go digiteach a chothú. In 2024, bhain na hionaid phobail úsáid as maoiniú REACH i dtionscnamh straitéiseach comhordaithe chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh agus infheistíocht a dhéanamh i ngach ceann dá n-ionaid ionas go mbeidh socrú seomra ranga den scoth ag gach ionad anois a chuireann ar chumas ranganna litearthachta digiteacha a sheachadadh go héifeachtach agus foghlaim dhigiteach a chomhtháthú i soláthar oideachais pobail.</p>
	<p>Mar chuid de Phlean Gníomhaíochta FCT, tá an BOO ag forbairt straitéis foghlama cumaisc, polasaithe agus nósanna imeachta atá dírithe ar an bhfoghlaim, cuimsitheach agus solúbtha agus a mhéadaíonn rochtain trí dheiseanna foghlama cumaisc agus ar líne ardchaighdeán a thairiscint mar chuid lárnach den soláthar.</p>	<p>Críochnaíodh an Clár Dearaidh Foghlama Cumaisc i mí na Bealtaine 2024. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár, rinneadh é a athdhearadh mar shraith suaitheantais lena n-áirítear suaitheantas ar Bhuneolas Dearaidh Foghlama Cumaisc agus go hiomlán ar Líne agus suaitheantas Dearaidh Ranga Fíorúla. Seoladh an cúrsa micridhintiúr seo le suaitheantas F&FG i mí an Mheithimh 2024 agus thosaigh 23 cleachtóir foghlama BCTE ag obair i dtreo na suaitheantas a bhaint amach. Faoi Mheán Fómhair 2024, bhí na Bun-Suaitheantas curtha i gcrích ag 20 cleachtóir foghlama agus bhí Suaitheantas Dearaidh Ranga Fíorúil curtha i gcrích ag 11 den ghrúpa.</p> <p>Ina theannta sin, forbraíodh Straitéis Foghlama Cumaisc agus go hiomlán Ar Líne nua agus foilseofar beartais ghaolmhara agus beartais in 2025.</p>

1.2 A chinntiú go gcoinnítear na caighdeáin oideachasúla, oiliúna agus eiticiúla is airde i scoileanna agus campais Bhreisoideachais agus Oiliúna na heagraíochta trí chéile.

Tabharfaidh **Rannóg Scoileanna an BOO** tacaíocht leanúnach don fhoghlaim, idir tacú le scoileanna san fhóram do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí, an Grúpa Comhairleach ar an bhféinmheastóireacht agus an dearbhú cáilíochta a áirithiú le go mbeidh ardchaighdeáin le fáil sa teagasc agus san fhoghlaim. Tacóidh Foireann Tacaíochta na Rannóige ionas go gcuirfead i ngníomh go leanúnach an tionscnamh Ceannaireacht ar Fheabhsú Scoileanna agus tionscnamh na gCeannairí Curaclaim in 2024, rud a chuirfidh ar chumas ár scoileanna plé go gníomhach le féinmheastóireacht, Pleananna Feabhsaithe Scoile agus pleanáil DEIS. Ar na bearta atá le cur i gcrích in 2024 tá:

1. An Próiseas Féinmheastóireacht Scoile a Chur i bhFeidhm.
2. Tacú le hullmhú le haghaidh Meastóireachtaí ar an Scoil Uile (MSU), meastóireachtaí clár agus measúnachtaí ábhair tríd an Tionscnamh Ceannaireachta um Theagasc agus Foghlama (LILTA).
3. Comhoibriú gairmiúil múinteoirí a chur chun cinn trí na Líonraí Foghlama Gairmiúla agus imeachtaí braisle amhail an Tionscnamh Ceannaireachta um Theagasc agus Foghlama (LILTA), Fóram na hIdirbhliana, Ceannairí Digiteacha, Fóram SENCO, Fóram na gComhairleoirí Treorach, Grúpa Comhordaitheoirí Ranganna Speisialta, Comhordaitheoirí na Foirne Tacaíochta do Mhic Léinn agus Fóram na bPríomhoidí Cúnta.
4. Déanfar cruinnithe a eagrú do scoileanna fosta le Cigireacht na Roinne Oideachais ina bpléifear samhlacha dea-chleachtas.
5. Ceannairí Ghuth na nDaltaí a bhunú i ngach scoil BOO ar fud Luimnigh agus an Chláir agus tacú le rannpháirtíocht daltaí trí Chomhairlí Mac Léinn i

I rith 2024, bhain Rannóg Scoileanna an BOO leas as na léargais agus an saineolas a fuarthas óna Fhóram Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí agus óna Ghrúpa Comhairleach maidir le féinmheastóireacht i ndlúthchomhar leis na Ceannairí Curaclaim. Chinntigh an obair leanúnach seo dearbhú cáilíochta agus cothabháil ardchaighdeáin sa teagasc agus san fhoghlaim araon ar fud ár scoileanna. Bhí ról ríthábhachtach ag Foireann Tacaíochta na Roinne i gcur i bhfeidhm leanúnach an tionscnaimh Ceannaireachta um Fheabhsú Scoile (LSI) agus an tionscnaimh Ceannairí Curaclaim i rith na bliana. Thug na tionscnaimh seo cumhacht do scoileanna páirt ghníomhach a ghlacadh i bhféinmheastóireacht, i bhforbairt Pleananna Feabhsúcháin Scoile, agus i bpleanáil DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna). Seo cuid de na príomhghníomhartha ar tugadh fúthu in 2024:

- **Cur i bhfeidhm comhsheasmhach an phróisis Féinmheastóireachta Scoile** ar fud ár scoileanna.
- Tacaíocht a sholáthar **chun Meastóireachtaí ar an Scoil Uile (MSU), meastóireachtaí clár, agus measúnachtaí ábhair a ullmhú** tríd an Tionscnamh Ceannaireachta um Theagasc agus Foghlama (LILTA).
- **Comhoibriú gairmiúil múinteoirí a chur chun cinn** trí Líonraí Foghlama Gairmiúla éagsúla agus imeachtaí braisle. Áiríodh orthu seo an Tionscnamh Ceannaireachta um Theagasc agus Foghlama (LILTA), Fóram na hIdirbhliana, Líonra na gCeannairí Digiteacha, Fóram na gComhordaitheoirí Riachtanas Oideachais Speisialta (SENCO), Fóram na dTreoirchomhairleoirí, Grúpa Comhordaitheoirí na Ranganna Speisialta, Comhordaitheoirí na bhFoirne Tacaíochta do Dhaltaí, agus Fóram na bPríomhoidí Cúnta.

	<p>gcomhpháirtíocht le hAontas Mac Léinn Dara Leibhéal na hÉireann (ISSU).</p> <p>6. Forbairt ghairmiúil a sholáthar do Cheannairí Ghuth na nDaltaí.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Cruinnithe a shocrú le Cigireacht na Roinne Oideachais chun plé a dhéanamh ar mhúnlaí cleachtais eiseamláireacha do scoileanna. • Ceannairí Rannpháirtíochta Daltaí a bhunú i ngach scoil de chuid an BOO ar fud Luimnigh agus an Chláir. Chomh maith leis sin, thacaíomar le rannpháirtíocht daltaí trí Chomhairlí Daltaí gníomhacha, i gcomhpháirtíocht le hAontas Daltaí Dara Leibhéal na hÉireann (ISSU). • Deiseanna forbartha gairmiúla a sholáthar atá saindeartha do Cheannairí Rannpháirtíochta Daltaí, rud a thugann cumhacht dóibh ina ról.
	<p>Tagann struchtúir Rialachais Dearbhaithe Cáilíochta an Choláiste BOaA, struchtúr na Comhairle Cáilíochta agus a foghrúpaí gaolmhara (Dearbhú Cáilíochta agus Rialachas Clár), mar aon le Lónra an Choláiste BOaO um Pleanáil Réigiúnach Straitéiseach agus an Grúpa Stiúrtha BOaO le chéile ar bhonn rialta.</p> <p>In 2024, leanfaidh forbairtí beartais de threoir shoiléir a sholáthar, comhlíonadh rialachán a chinntiú, comhsheasmhacht agus cothroime a chur chun cinn, rioscaí a mhaolú, dearbhú cáilíochta a thacú, cumarsáid agus trédhearcacht a fheabhsú, cosaint dhlíthiúil a thairiscint, agus ailíniú le pleanáil straitéiseach an BOO.</p> <p>In 2024, leanfar ar aghaidh le cur chun feidhme Chumhdach Leanáí an Choláiste BOaO. Cuirfear oiliúint nuashonraithe do Theagmhálaithe Ainmnithe/Leas-Theagmhálaithe Ainmnithe ar fhoireann Breisoideachais agus Oiliúint, i gcomhréir leis na ceanglais. Tá an próiseas comhlíontachta maoirseachta á thabhairt chun críche agus beidh seisiúin eolais ann maidir leis sin go luath in 2024.</p>	<p>In 2024, bhí comhoibriú dian idir an QASS, foireann an champais agus seirbhísí tacaíochta eile, chun beartais thábhachtacha a fhorbairt agus acmhainní digiteacha gaolmhara a chruthú chun tacú le foghlaimoírí agus le baill foirne araon. Ina measc siúd, bhí:</p> <ul style="list-style-type: none"> - Polasaí Rochtana, Aistrithe agus Dul Chun Cinn chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar rochtain agus dul chun cinn do ghrúpaí a ndéantar tearcionadaíocht orthu. - Polasaí Guth an Fhoghlaimoira chun rannpháirteachas agus aiseolas lánbhí an fhoghlaimoira a chinntiú. - Polasaí Teagaisc, Foghlama agus Measúnaithe chun soiléiriú a dhéanamh ar theagasc difreáilte, uirlisí measúnaithe inrochtana, agus comhtháthú phrionsabail dearaidh uilíoch le haghaidh foghlama. - Beartas Tinrimh & Rannpháirteachais - Áirítear ann meascán de: <i>Síneadh Gearrthéarmach</i> agus <i>Breithniú Comhbhách Níosanna Imeachta Measúnaithe</i> i Níos Imeachta Measúnaithe sruthlínithe nua <i>Síneadh Spriocdháta Measúnaithe i gCúinsí Maolaitheacha</i> - Foirmeacha Níosanna Imeachta Measúnaithe Nua do:

	<p>Tá cur chuige 'Aon Straitéis amháin, Aon Fhoireann amháin, Aon Choláiste amháin' glactha ag an gColáiste BOaO. D'athraigh an cur chuige ceannródaíoch seo ó fhócas clár-lárnaithe go timpeallacht chuimsitheach Choláiste a chruthú, rud a léirítear i struchtúir an Champais, áit a bhfuil an soláthar lánaimseartha agus páirtaimseartha go léir á sheachadadh laistigh den Choláiste BOaO. Baineann an próiseas comhtháthaithe le soláthairtí a chomhcheangal i dtairiscint aontaithe a shíneann ó leibhéal 3, 4, 5 & 6 ar fud soláthar lánaimseartha agus páirtaimseartha chun na deiseanna d'fhoghlaimoirí a mhéadú.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ○ Míchleachtas Measúnaithe (foirmeacha nua don nós imeachta nua) ○ Stóráil Shlán (taifead ar fhianaise atá ar iarraidh) ○ Achomhairc Nósanna Imeachta Measúnaithe (foirm aonair chomhcheangailte) ○ Síneadh ar Spriocdhátaí Measúnaithe (foirmeacha nua don nós imeachta nua) - Comhlíonadh an Choláiste BOaO um Chumhdach Leanaí: Forbairt agus cur i bhfeidhm Próiseas Tuairiscithe Maoirseachta um Chumhdach Leanaí ar an gCampas ar fud an Choláiste BOaO. <p>Cuireann suíomh SharePoint athfhorbartha faisnéis chuimsitheach agus cothrom le dáta ar fáil don fhoireann faoi na beartais agus na nósanna imeachta seo, rud a chuireann cumarsáid agus comhroinnt acmhainní i gcomhréir ar fud an líonra. Faigheann baill foirne BOaO rochtain chomh maith ar Oiliúint Inneall Príobháideachta chun fanacht cothrom le dáta le beartais agus nósanna imeachta ábhartha. Ina theannta sin, réachtáladh cruinniú eolais foirne ar bheartais agus nósanna imeachta nua ar líne i mí na Nollag 2024.</p>
<p>1.3 Freagairt do riachtanais phearsanta, acadúla, shóisialta, eacnamaíocha agus infhostaitheachta shainaitheanta ár bpáirtithe leasmhara.</p>	<p>In 2024, leanfaidh an BOO ar aghaidh ag feabhsú cháilíocht, ábharthacht agus freagrúlacht a sholáthair BOaO do riachtanais éagsúla daoine aonair agus pobal, agus ag an am céanna ag tabhairt aghaidh ar bhearnaí scileanna laistigh de thionscail an réigiúin.</p> <p>I gcomhréir le Fóram Scileanna Réigiúnach an Iarthair Láir (FSRIL), an Straitéis Scileanna Náisiúnta agus an Plean Gníomhaíochta le haghaidh post, tá an tSeirbhís Tacaíochta um Rannpháirteachas Fiontar (STRF <g> bunaithe ag Coláiste BOaO an BOO. Leanfaidh an tseirbhís de theagmháil a dhéanamh i gcomhar le réimse leathan</p>	<p>In 2024, lean an Coláiste BOaO ar aghaidh ag tabhairt aghaidh ar an nganntanas scileanna i Réigiún an Iarthair Láir trí naisc láidre a chruthú le fostóirí chun scileanna nua a chur ar fáil d'fhostaithe agus iad a athoiliúint. Tá ról lárnach imeartha ag an tSeirbhís Tacaíochta Rannpháirteachas Fiontraíochta (STRF) maidir le raon leathan páirtithe leasmhara, fostóirí agus foghlaimoirí a mhealladh, agus béim straitéiseach á leagan ar ról lárnach an BOO i bhforbairt scileanna san Iarthar Láir.</p> <p>In 2024, ba phríomhfhorbairt don STRF comhtháthú na gComhairleoirí Oiliúna Sinsearachta i gCampas an Ráithín agus i gCampas Shionainne, chun foireann láidir de 10 mball foirne a</p>

páirtithe leasmhara, fostóirí agus foghlaimeoirí d'fhonn rannpháirteachas le fostóirí a mhéadú idir an BOO agus comhlachtaí amhail FSRIL, Comhlachais Tráchtála, Oifigí Fiontair Áitiúla (OFÁna), Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC), an tÚdarás Forbartha Tionscail (ÚFT) agus an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Fágfaidh sé sin go mbeidh an BOO in ann dul i ngleic le sainriachtanais oiliúna agus cláir shaincheaptha a dhearadh, de réir mar is gá.

I rith 2024, déanfaidh an tSeirbhís Tacaíochta um Rannpháirtíocht Fiontar an méid seo a leanas:

- Leanúint dá ballraíocht i bhFóram Scileanna Réigiúnach an Iarthair Láir.
- Tá ionadaíocht ag an tSeirbhís Tacaíochta um Rannpháirtíocht Fiontar (STRF) ar Ghrúpa Comhairleach Saineolaithe RBATNE ar Scileanna Gaoithe Amach ón gCósta agus Riachtanais Lucht Oibre.
- Tá STRF ina chomhchathaoirleach ar Bhraisle Oideachais agus Oiliúna In-athnuaite an Iarthair Láir.
- Tá STRF ina chathaoirleach ar an mBraisle Bogearraí Tumthach le BOOanna agus Scileanna Glasa
- Tá STRF ina chathaoirleach ar Líonra Oiliúna Scannán agus Oideachais an Iarthair Láir.
- Chomhoibrigh STRF le Dearbhú Cáilíochta chun an Grúpa Oibre Printíseachta BÁCúis a bhunú agus sraith cruinnithe a shocrú do 2024.
- Leanúint de chinntiú go gcuirtear riachtanais tionscail in oiriúint do sholáthraithe oideachais trí ionadaíocht an Bhoird Oideachais agus Oiliúna sna Comhlachais Tráchtála, i bhFóram Scileanna Réigiúnach an Lár-Iarthair, in OFÁna, in EI agus in IBEC.

chruthú a bhíonn ag plé leis an tionscal. Ina theannta sin, cuireadh Bunachar Sonraí Rannpháirteachas Straitéisí Fostóirí (CRM) beo agus anois, tugann sé deis don STRF gach rannpháirteachas le fostóirí ar fud an réigiúin a thaifeadh. Tá feabhas curtha aige seo ar éifeachtúlacht na foirne maidir le dul i ngleic le príomhchomhpháirtithe tionscail.

In 2024, trí líonrú a dhéanamh le Fóram Scileanna Réigiúnach an Mheán-Iarthair, an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail (GFT), na Comhairlí áitiúla, IBEC, Cuideachtaí Forbartha Pobail áitiúla, Comhpháirtíocht PAUL, Fiontair OFÁ, tionscail agus FBManna, etc., rinne Seirbhís Tacaíochta Rannpháirtíochta Fostóirí an Choláiste BOaO idirghabhálacha spriocdhírthe a fhorbairt trí Scileanna chun Dul Chun Cinn a Dhéanamh (STA) agus soláthar eile. Mar thoradh ar rannpháirteachas leanúnach le braislí tionscail, glacadh le cláir Scileanna chun Dul Chun Cinn a Dhéanamh le cuideachtaí ar nós Conack, Samco, Aughinish Alumina, Vitalograph, Coimpléasc Spóirt Iarthar Luimnigh agus Johnson & Johnson.

In 2024, thosaigh an Coláiste BOaO ag forbairt micreacháilíochtaí glasa chomh maith. Go deimhin, bunaíodh painéal nua d'Oideachasóirí Aosach um Rialachas Comhshaoil agus Sóisialta chun cabhrú le clár nua micridhintiúr scileanna glasa a thabhairt isteach, arna ndearadh ag an STRF i gcomhairle le SOLAS.

In 2024, d'oibrigh an STRF go dlúth leis an tSeirbhís Faisnéise, Earcaíochta agus Treorach (SFET) chun nascadh le comhpháirtithe tionscail agus aird a tharraingt ar roghanna BOaO dá bhfostaithe. Bhí go leor cruinnithe eolais tionscail agus imeachtaí feabhsúcháin scileanna fostaithe ann in 2024, lena n-áirítear EI Electronics, imeacht 'Get to Grow' in DELL,

	<ul style="list-style-type: none"> • Leanúint de ghrúpaí braisle tionscail a fhorbairt san Iarthar Láir, is é sin, Fáilteachas agus Turasóireacht, Innealtóireacht, TF, Miondíol. • Obair i gcomhar le ‘Luimneach ar mhaithe leis an Innealtóireacht’, chun nasc díreach a sholáthar le fostóirí, agus iad ag iarraidh píblíne printíseach, teicneoirí agus innealtóirí a fhorbairt chun freastal ar shainriachtanais na hearnála innealtóireachta san Iarthar Láir. • Bonn scileanna fostaithe a threisiú i réimse an Fháilteachais, na Turasóireachta agus an Áineasa trí Champas Fáilteachais an Choláiste BOaO agus trí sholáthar eile. 	<p>Analog, Uathoibriú Modúlach, Ionad Siopadóireachta an Chorráin, Microchip, agus Imeacht Feabhsúcháin Scileanna RGGCS in Óstán Clayton.</p> <p>I mí an Mhárta 2024, ghlac STRF & SFET páirt maidir leis an Sárthaispeántas Explore Engineering, a réachtáladh in Aerfort na Sionainne, a eagrú.</p> <p>Ina theannta sin, is é Campas Fáilteachais an Choláiste BOaO an chéad champas BOO in Éirinn ar bronnadh ballraíocht i gCumann Scoileanna Óstán agus Turasóireachta na hEorpa air. D'éirigh go han-mhaith le foghlaimoirí agus baill foirne i gcomórtais náisiúnta agus idirnáisiúnta arís in 2024.</p>
<p>1.4 Forbairt an duine aonair mar dhuine iomlán a chothú chun a acmhainneacht a uasmhéadú ag gach céim den phróiseas foghlama.</p>	<p>Oibreoidh Rannóg Scoileanna an BOO lena chinntiú go mbeidh foghlaim, teagasc, measúnú agus soláthar folláine ar an gcaighdeán is airde ar fáil in 2024. Cuid de na tionscnaimh ar leith in 2024:</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. Gheobhaidh scoileanna tacaíocht arís ó na Grúpaí Braisleacha agus ó na Grúpaí Comhairleacha a bunaíodh in 2020 chun comhairle a chur maidir leis an dea-chleachtas agus straitéisí éifeachtacha le go mbeidh taithí níos fearr ag mic léinn. 2. Obair i gcomhar le Fóram Scileanna Réigiúnach an Iarthair Láir chun an chomhpháirtíocht a fheabhsú idir scoileanna agus na hearnálacha gnó agus tionscail agus an pobal taighde. 3. Obair i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus leis na ceithre scoil BOO chun Céim 1 den Chorpoideachas nua don tSraith Shinsearach a chur i bhfeidhm. 4. A chinntiú go bhfuil scoileanna eile ag déanamh réidh chun Corpoideachas, Ríomheolaíocht, agus 	<p>Chinntigh Rannóg Scoileanna an BOO gur chuir ár scoileanna na heispéiris foghlama, teagasc, measúnaithe agus folláine den chaighdeán is airde ar fáil do gach dalta in 2024 trí na tionscnaimh shonracha seo a leanas a rinneadh i rith na bliana:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Leanúint ar aghaidh ag tacú le scoileanna trí na Grúpaí Braisle agus na Grúpaí Comhairleacha a bunaíodh in 2020. Thug na grúpaí seo treoir maidir le dea-chleachtas agus straitéisí éifeachtacha a bhí dírithe ar thaithí na ndaltaí a fheabhsú. • Ag comhoibriú le Fóram Scileanna Réigiúnach an Iarthair Láir chun comhpháirtíochtaí a neartú idir ár scoileanna, gnólachtaí áitiúla, tionscail agus an pobal taighde. • Leanúint ar aghaidh le comhoibriú leis an Roinn Oideachais agus scoileanna BOO i gcur i bhfeidhm an churaclaim nua Corpoideachais don tSraith Shinsearach (leibhéal uachtarach meánscoile). • A chinntiú go raibh scoileanna breise ullmhaithe chun Ardteistiméireacht (cáilíocht fágála meánscoile

	<p>Polaitíocht agus an tSochaí Ardteistiméireachta a thairiscint don tSraith Shinsearach.</p> <ol style="list-style-type: none"> 5. Leanúint ar aghaidh leis an tacaíocht in dhá iar-bhunscoil de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna inar tugadh isteach an Ríomheolaíocht in 2021 mar ábhar Ardteistiméireachta. 6. Leanúint ar aghaidh leis an obair le Roinn an Oideachais in Ollscoil Luimnigh chun teacht ar Mheabhrán Tuisceana idir Roinn an Oideachais in Ollscoil Luimnigh agus Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. 7. Is ar bhonn an phróisis FMS, atá nasctha leis an gcreat cáilíochta CCBS, a chuirfear beartais éagsúla náisiúnta i bhfeidhm, agus léireofar meas iontu ar gach pobail scoile. 8. Comhpháirtíocht le hAcadamh na nEolaíochtaí Sláinte in Ollscoil Luimnigh chun feasacht a ardú ar chúrsaí folláine. 9. Cur i láthair don Bhord Bainistíochta i ngach scoil ar na bunluachanna a bhaineann leis an Teagasc, Foghlaim agus Measúnú sna scoileanna. 10. Leanúint le hoiliúint a chur i bhfeidhm maidir le hÉiteas agus Croíluchanna BOOÉ do Scoileanna Náisiúnta Pobail agus do Choláistí Pobail. 	<p>uachtaraí) Corpoideachas, Eolaíocht Ríomhaireachta, agus Polaitíocht agus Sochaí a thairiscint.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ár gcomhoibriú le Rannóg Oideachais Ollscoil Luimnigh a choinneáil chun Meabhrán Tuisceana foirmiúil a fhorbairt idir an dá eagraíocht. • Beartais náisiúnta éagsúla a chur i bhfeidhm tríd an bpróiseas Féinmheastóireachta Scoile (FS), i gcomhréir le creat cáilíochta Ag Breathnú ar Ár Scoil (CCBSA), agus meas á léiriú ar éiteas aonair gach pobail scoile. • Ár gcomhpháirtíocht le hAcadamh Eolaíochtaí Sláinte Ollscoil Luimnigh a chothabháil chun feasacht níos fearr a chur chun cinn maidir le folláine mac léinn agus foirne. • Cuir i láthair a dhéanamh don Bhord Bainistíochta i ngach scoil ar na bunluachanna a bhaineann leis an Teagasc, Foghlaim, agus Measúnú sna scoileanna. <p>Leanúint ar aghaidh le cur i bhfeidhm oiliúna BOOÉ (Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann) maidir le héiteas agus luachanna lárnaigh do Scoileanna Náisiúnta Pobail agus Coláistí Pobail atá faoinár gcúram.</p>
	<p>Tosaíocht BOaO: Rannpháirtíocht agus aistrithe na bhfoghlaimeoirí a fheabhsú trí mheasúnuithe agus tacaíochtaí cuimsitheacha comhtháite agus comhsheasmhacha ar feadh a n-aistear foghlama.</p>	<p>In 2024, táirgtear doiciméad nua dar teideal ‘Measúnú ar Shaincheistean na Dhualgas na hEarnála Poiblí. Sa mheasúnú cuimsitheach seo, aithnítear dúshláin agus deiseanna do dhaoine ó na naoi gcúis agus míbhuntáiste socheacnamaíoch (an 10ú foras) a bhaineann le hoibleagáidí an BOO faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí. Leagtar amach san fhoilseachán tosaíochtaí chun comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc, agus cearta an duine a chosaint i ngach gné</p>

	<p>(ar lean)</p>	<p>dár n-oibríochtaí. Feidhmíonn sé mar acmhainn luachmhar don fhoireann chun comhlíonadh a chinntiú agus prionsabail chomhionannais á leabú i gcleachtas laethúil ag an am céanna.</p> <p>Mar shampla, trí na Mol Foghlama, sheachaid an tSeirbhís Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach (STIG) curaclaim fhorlíontacha agus acmhainní tacaíochta foghlama i réimsí tábhachtacha. Baineann comhoibriú idir Mol CEF, Foireann an Mhoil, Comhordaitheoirí Soláthair, QASS, STIG AEO, Soláthar AEO, agus TELSS leis seo. Is é an sprioc a chinntiú gur féidir le foghlaimeoirí rochtain a fháil ar sholáthairtí saincheaptha agus ar shraith acmhainní ábhartha, féinstiúrtha agus faoi stiúir teagascóra ar fud líonra na mhoil foghlama.</p>
	<p>Tosaíocht BOaO: Meabhairshláinte agus Folláine Foghlaimeoirí a chur chun cinn agus a thacú ar bhealach comhsheasmhach, struchtúrtha agus pleanáilte.</p> <p>Leagtar amach i gCreatlach an Choláiste BOaO um Shláinte Mheabhrach agus Folláine Foghlaimeoirí an chaoi a gcuireann an BOO Meabhairshláinte agus Folláine Foghlaimeoirí chun cinn agus a thacaíonn leo ar bhealach comhsheasmhach, struchtúrtha agus pleanáilte. Tacaíonn an Creat leis an gColáiste BOaO maidir le ceannaireacht agus acmhainní a sholáthar chun Meabhairshláinte agus Folláine Foghlaimeoirí a chur chun cinn agus a thacú.</p> <p>Reáchtálfaidh Foirne Meabhairshláinte agus Folláine an Champais imeachtaí agus gníomhaíochtaí a thacaíonn le dea-shláinte mheabhrach agus a chuireann chun cinn i measc phobail ár gcampas (e.g. laethanta folláine, tionscnaimh bhratach ómra, imeachtaí spóirt, imeachtaí itheacháin shláintiúla, imeachtaí ealaíne, turais allamuigh, srl.) in 2024.</p>	<p>In 2024, lean an Coláiste BOaO ar aghaidh ag leabú an Chreata Meabhairshláinte agus Folláine ar fud a champas. I gcoirílár na hiarrachta seo tá na Foirne Meabhairshláinte agus Folláine, a oibríonn i gcomhar le chéile ar leibhéal an champais chun tacaíocht agus acmhainní lánbhí a sholáthar.</p> <p>Chun na tionscnaimh seo a chothabháil agus a leathnú, dáileadh €38,000 ar champas BOaO, rud a chuir ar chumas raon gníomhaíochtaí nuálacha a bhí oiriúnaithe do riachtanais shonracha a bpobal éagsúil.</p> <p>I measc na samplaí in 2024, bhí Cleachtais Néareolaíocha agus Cuimsitheacha ó thaobh Míchumais de, Rollú Toiliú gníomhach sa Choláiste BOaO, imeachtaí spóirt, turais amach, imeachtaí ealaíne, Laethanta Idirchultúrtha, imeachtaí Folláine ar an gCampas, itheacháin sláintiúil srl.</p>

In 2024, leanfar le **hAitheantas Réamhfhoghlama** agus déanfar é sin a fheabhsú tuilleadh, le tacaíocht ó Oifigeach Tacaíochta don aitheantas réamhfhoghlama i Seirbhís Tacaíochta an DC.

In 2024, beidh oiliúint ann agus déanfar forbairt ar bheartas agus ar nósanna imeachta, etc., trína ndéanfar an cumas eagraíochtúil a fheabhsú.

In 2024, lean an Coláiste BOaO, tríd an QASS, ag forbairt a chur chuige i leith ARF. Tá dul chun cinn suntasach déanta agus tá buiséad tiomnaithe ARF againn anois, Nós Imeachta ARF agus Tionscadail ARF d'fhoghlaimoirí agus do bhaill foirne. Tá iarracht déanta chun ARF a leabú i soláthar BOaO agus é a fhorbairt mar shnáithe neamhspleách de sholáthar BOaO.

I measc phríomhfhorbairtí 2024, tá:

- Forbairt feachtais mhargaíochta agus chur chun cinn le seoladh i mí Eanáir 2025.
- F&FG leanúnach maidir le ARF: I mí Feabhra agus Márta 2024, cuireadh seisiúin ARF F&FG inmheánacha ar fáil do 11 ball foirne de chuid an BOO. Ina theannta sin, cuireadh Ceardlann Faisnéise ARF ar fáil do Bhainisteoirí BOaO i mí na Bealtaine 2024.
- Rinneadh tionscadail ARF a sheachadadh d'fhoghlaimoirí agus do bhaill foirne an Choláiste BOaO araon. Ina measc siúd, bhí:
 - ARF do thionscadal foirne riaracháin
 - Tionscadal SEED le Fórsaí Cosanta faoi stiúir Champas Ascaill Uí Chonaill
 - Tionscadal Soláthair ARF i bhFoirgneamh Lánaimseartha Champas Inse
 - Tacaíocht do ARF d'fhoghlaimoirí aonair atá ag obair le Meantóirí agus Measúnóirí ARF
 - Athráite leanúnacha ar ARF don Teastas Ardleibhéil Leibhéal 6 sa Ghruagaireacht. Go háirithe, in 2024, fuair 7 gcleachtóir foghlama gruagaireachta de chuid an Choláiste BOaO a bpríomhdhámhachtainí trí ARF ag searmanas céime an Choláiste BOaO.

1.5 Seirbhísí ardchaighdeán faisnéise, treorach agus comhairleoireachta a chur ar fáil, mar aon le seirbhísí tacaíochta do mhic léinn/foghlaimoirí i scoileanna agus campais Bhreiseoideachais agus Oiliúna na heagraíochta trí chéile.

Tacóidh **Rannóg Scoileanna** an BOO le scoileanna agus iad ag iarraidh creat treorach scoile uile a fhorbairt, agus cothóidh an rannóg tuilleadh nasc le Breisoideachas agus Oiliúint agus le hinstiúidí trí leibhéal trí Fhóram na dTreoirchomhairleoirí (a bunaíodh i nDeireadh Fómhair 2019). Bearta le cur i gcrích in 2024: Creat Treorach na Scoile Uile a fhorbairt. Cuimseofar leis sin na réimsí foghlama seo a leanas:

- Féinmheas agus féinchoincheap dearfach a fhorbairt agus a chaomhnú.
- Caidreamh éifeachtach a dhéanamh le daoine eile (aghaidh ar aghaidh agus ar líne).
- Forbairt agus fás i rith an tsaoil.
- Leas a bhaint as straitéisí foghlama pearsanta/straitéisí scrúduithe éifeachtacha.
- Roghanna oideachasúla a dhéanamh de réir uaillmhianta gairmréime.
- Úsáid chúí a bhaint as eolas agus acmhainní a bhaineann le gairmréimeanna.
- Saol na hoibre agus róil sa saol a thuiscint.
- Forbairt gairme a bhainistiú agus cinnteoireacht faoi chúrsaí gairme.
- Tacaíocht agus Forbairt leanúnach ar Fhóram Treoirchomhairleoirí BOO Luimnigh agus an Chláir a bunaíodh in 2019.
- Forbairt a dhéanamh ar bhlaschlár na hIdirbhliana i gcomhar le FET chun taithí a leathnú i gconairí printíseachta agus oiliúna (na hEalaíona Cócaireachta, Oiliúint Barista, etc.).

Forbairt agus leathnú leanúnach a dhéanamh ar chomhpháirtíocht Acadamh na nEolaíochtaí Sláinte

In 2024, chomhlíon an Rannóg Scoileanna a gealltanas maidir le cleachtais chuimsitheacha a chur chun cinn laistigh dár scoileanna, ag soláthar tacaíochta leanúnaí do Bhoird Bhainistíochta Scoile, do cheannairí scoile, agus ag forbairt Foirne Tacaíochta Daltaí agus Comhordaitheoirí. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí i rith na bliana, bhí:

- A chinntiú go gcloítear le gach beart riachtanach um chumhdach leanaí mar a leagtar amach iad i Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí na Roinne Oideachais do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (arna n-athbhreithniú 2023).
- Seisiúin oiliúna bhliantúla a reáchtáil do Theagmhálaithe Ainmnithe agus Leas-Theagmhálaithe Ainmnithe nuacheaptha maidir le Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí, i gcomhréir le beartas na Roinne Oideachais.
- Dul chun cinn a dhéanamh ar fheachtais phátrúnachta, i gcomhréir le Straitéis Athchumraíochta na Roinne Oideachais, agus dul i mbun comhairliúcháin le pátrúin réigiúnacha.
- Leanúint ar aghaidh le Ranganna Speisialta a bhunú laistigh de scoileanna agus coláistí BOO.
- Dul i mbun comhoibrithe leis an Roinn Oideachais agus leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta chun Scoil Speisialta ilchreidmheach nua a bhunú i Luimneach, scoil a osclaíodh i Meán Fómhair 2024.
- Athbhreithniú, leasú agus daingniú a dhéanamh ar bheartas agus nósanna imeachta iontrála a chuireann ionchuimsiú chun cinn agus a chuireann béim ar thacaíocht do ghrúpaí imeallaithe.
- Seisiúin oiliúna a chur ar fáil do bhaill nua agus seanbhunaithe d'Fhoirne Tacaíochta Mac Léinn, agus

	<p>Sóisearacha le hOllscoil Luimnigh agus Grúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh.</p>	<p>béim á cur ar bhainistíocht éifeachtach teagmhas criticiúil.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Leanúint ar aghaidh le forbairt agus cur i bhfeidhm acmhainní digiteacha chun eolas agus treoir a chur ar fáil. • Comhoibriú a dhéanamh le gníomhaireachtaí stáit ar nós Tusla, FSS, Barnardos, Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d’Ógánaigh (SMLÓ), agus Jigsaw chun tacú le daltaí le linn uaireanta lasmuigh den scoil. • Seisiúin Oiliúna a chur ar fáil do Bhoird Bhainistíochta ar an Acht Iontrálacha Scoile 2020 agus ar Mheon Saintréitheach Scoileanna an BOO. • Straitéis a dhéanamh maidir le hathruithe déimeagrafacha chun pleanáil réamhghníomhach agus oiriúnú a chinntiú. • Tacaíochtaí breise ‘lasmuigh den scoil’ a chur ar fáil ar nós Campaí Samhraidh, Campaí na Cásca, imeachtaí deireadh seachtaine i gceantair faoi mhíbhuntáiste, éascaithe ag an bhFoireann Óige, agus Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Cruthaithí. • Tacú le daltaí/foghlaimoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais i gcomhréir le treoracha beartais náisiúnta.
	<p>Déanfaidh Rannóg Scoileanna an BOO straitéisí agus acmhainní teagasc agus foghlama a fhorbairt chun an fhoghlaim neamhspleách agus foghlaim chomhoibríoch a chur chun cinn do dhaltaí ina chuid scoileanna. Leis sin a dhéanamh, cuirfear deiseanna don líonrú gairmiúil chun cinn do bhaill foirne ar fud Luimnigh agus an Chláir.</p> <p>Déanfaidh an Rannóg Scoileanna forbairt leanúnach ar acmhainní agus bearta tacaíochta le gur féidir scoileanna iad</p>	<p>In 2024, chuir Rannóg Scoileanna an BOO leis na léargais agus an saineolas a fuarthas óna Fhóram Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí agus óna Ghrúpa Comhairleach maidir le féinmheastóireacht. Chinntigh an obair seo dearbhú cáilíochta leanúnach agus go gcoinnítear ardchaighdeán sa teagasc agus san fhoghlaim. D’éascaigh Foireann Tacaíochta na Rannóige cur i bhfeidhm leanúnach an tionscnamh Ceannaireachta ar Fheabhsú Scoileanna agus tionscnamh na gCeannairí Curaclaim, rud a chuirfidh ar chumas ár scoileanna plé go gníomhach le féinmheastóireacht, Pleananna Feabhsaithe</p>

a úsáid ag leibhéal na scoile chun dul i ngleic leis an mbaol go mbeadh míbhuntáiste oideachasúil ann.

Tabharfar tacaíocht leanúnach do scoileanna, is é sin oiliúint d'Fhoirne Tacaíochta do Scoláirí i ngach scoil chun cuidiú le daltaí a bheadh i mbaol.

Beidh Rannóg na Scoileanna ag obair leis an Roinn Oideachais, leis an Roinn Sláinte agus le Ranna eile in 2024 chun moltaí an Tascfhórsa Náisiúnta ar Mheabhairshláinte na hÓige, an Tionscadal 'Pathfinder' agus an Straitéis 'Connecting for Life' (2015–2021) a chur i bhfeidhm.

Oibreoidh Rannóg na Scoileanna i gcomhpháirtíocht le Scoil na Síceolaíochta in Ollscoil Luimnigh chun MY-Psychology a chomhfhorbairt.

Is clár nuálach é MY-Psychology chun dul i ngleic le Sláinte agus Folláine Mheabhrach i measc daoine óga a seoladh mar chuid de Sheachtain na hEolaíochta 2022. Comhdhearadh é le múinteoirí agus daltaí i scoileanna de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, ag cinntiú go bhfuil sé ábhartha agus tarraingteach do dhaoine óga.

Is clár oideachais síceolaíochta ceannródaíoch é MY-Psychology, nó MY-Psy, a dhíríonn ar chur chun cinn meabhairshláinte agus folláine dhearfach. Tá MY-Psy á maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, agus is í an Dr. Jennifer McMahon, Léachtóir Sinsearach i Síceolaíocht in Ollscoil Luimnigh agus Stiúrthóir SCY-Lab (Saotharlann Mheabhairshláinte agus Folláine, Scoile, Linbh agus Óige) atá i gceannas air. Comhoibriú/comhpháirtíocht a bhí ann idir an SCY-Lab, an tAcadamh Eolaíochtaí Sláinte Sóisearacha (Grúpa Ospidéal OL, Cúram Sláinte Pobail an Iarthair Láir,

Scoile agus pleanáil DEIS. Seo cuid de na príomhghníomhartha ar tugadh fúthu in 2024:

- An Próiseas Féinmheastóireacht Scoile a Chur i bhFeidhm.
- Tacaíocht a sholáthar mar ullmhúchán le haghaidh Meastóireachtaí ar an Scoil Uile (MSU), meastóireachtaí clár agus measúnachtaí ábhair tríd an Tionscnamh Ceannaireachta um Theagasc agus Foghlama (LILTA).
- Comhoibriú gairmiúil múinteoirí a chur chun cinn trí na Líonraí Foghlama Gairmiúla agus imeachtaí braisle, amhail Tionscnamh Ceannaireachta um Theagasc agus Foghlama (LILTA), Fóram na hIdirbhliana, Ceannairí Digiteacha, Fóram SENCO, Fóram na gComhairleoirí Treorach, Grúpa Comhordaitheoirí Ranganna Speisialta, Comhordaitheoirí na Foirne Tacaíochta do Mhic Léinn agus Fóram na bPríomhoidí Cúnta.
- Cruinnithe a eagrú le Cigireacht na Roinne Oideachais chun plé a dhéanamh ar shamhlacha dea-chleachtais do scoileanna.
- Ceannairí Ghuth na nDaltaí a bhunú i ngach scoil BOO ar fud Luimnigh agus an Chláir, agus tacú do rannpháirtíocht daltaí trí Chomhairlí Mac Léinn i gcomhpháirtíocht le hAontas Mac Léinn Dara Leibhéal na hÉireann (ISSU).
- Bhí an BOO bródúil as urraíocht a dhéanamh ar imeacht i bPáirc Thuamhan, ag ceiliúradh éachtaí 17 scoil i Luimneach maidir le clár 'One Good School' le Jigsaw a chur i gcrích. Bhí an tionscanamh seo dírithe ar fheasacht agus tacaíocht a chur chun cinn i measc daoine óga maidir leis an meabhairshláinte agus ghlac ceannaireacht, foireann, daltaí agus tuismitheoirí páirt shuntasach ann. Mhol an BOO Jigsaw as a gcuid oibre a chuaigh i bhfeidhm go mór ar dhaoine agus thug siad

Ollscoil Luimnigh) agus an BOO, ag tabhairt speisialtachaí taighde, oideachais agus cúram sláinte le chéile. I measc na bpáirtithe leasmhara eile, tá Jigsaw Luimnigh, Seirbhís Óige Luimnigh, agus foireann teagaisc i gceantar Luimnigh/an Chláir.

aitheantas do dhíograis na scoileanna rannpháirteacha, ag leagan béim ar an gcomhoibriú rathúil maidir le cultúr comhbhá agus tuisceana a chothú laistigh den phobal oideachais.

- Deiseanna forbartha gairmiúil a sholáthar do Cheannairí Ghuth na nDaltaí.

D'oibrigh Rannóg Scoileanna an BOO leis na páirtithe leasmhara go léir lena chinntiú go mbeidh foghlaim, teagasc, measúnú agus soláthar folláine ar an gcaighdeán is airde ar fáil. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí i rith na bliana, bhí na nithe seo a leanas:

- Leanadh de thacaíocht a chur ar fáil trí na Grúpaí Braisle agus na Grúpaí Comhairleacha a bunaíodh in 2020, ag cur comhairle ar fáil maidir leis an deachleachtas agus straitéisí éifeachtacha chun eispéiris daltaí a fheabhsú.
- A chinntiú go bhfuil scoileanna eile réidh le Corpoideachas, Ríomheolaíocht, agus Polaitíocht agus an tSochaí Ardteistiméireachta a thairiscint don tSraith Shinsearach.
- Leanúint ar aghaidh ag tacú le tabhairt isteach na Ríomheolaíochta mar ábhar don Ardteist in dhá iarbhunscoil de chuid an BOO.
- Leanúint ar aghaidh ag obair le Rannóg Oideachais Ollscoil Luimnigh chun Meabhrán Tuisceana a cheapadh idir an dá institiúid.
- Beartais náisiúnta éagsúla a chur i bhfeidhm tríd an bpróiseas Féinmheastóireachta Scoile (FS), i gcomhréir le creat cáilíochta Ag Breathnú ar Ár Scoil (CCBSA), agus meas á léiriú ar thréithe aonair gach pobail scoile.

	(ar lean)	<ul style="list-style-type: none"> • Comhpháirtíocht a choinneáil le hAcadamh Eolaíochtaí Sláinte Ollscoil Luimnigh chun feasacht a chothú maidir le folláine. • Leanúint le hoiliúint a chur i bhfeidhm maidir le hÉiteas agus Croíluachanna BOOÉ do Scoileanna Náisiúnta Pobail agus do Choláistí Pobail.
	<p>Cuireann an Coláiste BOaO Seirbhís Tacaíochta Faisnéise, Earcaíochta agus Treorach (STFET) ghairmiúil agus rúnda ar fáil do gach foghlaimeoir. Tá ról ríthábhachtach ag STFET trí fhaisnéis agus tacaíochtaí treorach réamh-iontrála agus le linn an chlár atá soiléir, trédhearcach, inrochtana agus dírithe ar an duine, agus atá deartha chun rochtain d'fhoghlaimeoirí a éascú. Áirítear orthu seo: Bileoga Réamhiontrála; seimineáir ghréasáin ar líne, freastal fhoireann STFET ar aontaí áitiúla agus réigiúnacha éagsúla agus ar fhórais eile chun deiseanna BOaO a chur chun cinn; Moil Faisnéise i Luimneach agus sa Chlár mar ionaid ilfhreastail; Córais láraithe d'fhiosrúcháin faisnéise; Seirbhísí buail isteach; Treoir réamhiontrála duine le duine ar fáil i gColáistí/champais BOaO agus in áiteanna Pobail ar fud an réigiúin do spriocghrúpa atá sainithe go soiléir.</p> <p>In 2024, cuirfear físeán beochana nua do shuíomh gréasáin agus do mheáin shóisialta an Choláiste BOaO www.collegeoffet.ie/guidance, ina léirítear an luach a bhaineann le bualadh le Treoirchomhairleoir an Choláiste BOaO, leabaithe ar shuíomh gréasáin an Choláiste BOaO agus úsáidfear íomhánna i bhfeachtais sna meáin shóisialta agus i ngníomhaíochtaí eile chun feasacht a mhúscailt le linn shaolré Straitéis reatha BOaO STFET.</p>	<p>Cuireann treoirchomhairleoirí de chuid an Choláiste BOaO treoir réamhiontrála duine le duine, nó i suíomhanna grúpa, ar fáil i gcoláistí, ar champais agus in ionaid phobail BOaO ar fud na réigiúin, atá curtha in oiriúint do spriocghrúpa sainithe. Clúdaítear 3 phríomhréimse: Treoir phearsanta/shóisialta, treoir ghairmiúil agus treoir oideachais.</p> <p>In 2024, d'fhorbair treoirchomhairleoirí nuachtlitreacha míosúla nua ar an gcampas chun aird a tharraingt ar scéalta rathúla iar-fhoghlaimeoirí a chuaigh ar aghaidh chuig fostaíocht, oideachas nó oiliúint, ag cur béime ar an raon leathan deiseanna atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí ar chríochnú a gcúrsa dóibh.</p> <p>Éascaíonn cineál comhtháite champas an Choláiste BOaO treochlár soiléir a threorú le haghaidh dul ar aghaidh ó chlár pháirtaimseartha go clár lánaimseartha nó go clár threasacha.</p> <p>In 2024, leanadh le clár píolótach chun go méadódh an STFET úsáid an chórais CTFC. Áiríodh ar ghníomhaíochtaí 2024 Coinbhinsiún Ainmniúcháin caighdeánaithe do gach grúpa treorach/tairiscint ghrúpa agus Cur Síos Cúrsa agus Torthaí Foghlama caighdeánaithe. Is féidir le foghlaimeoirí agus leis an bpobal i gcoitinne iad féin a atreorú, agus is féidir leis an Roinn Coimirce Sóisialaí daoine aonair a atreorú trí CTFC anois chomh</p>

Leanfaidh Campais BOaO orthu ag reáchtáil laethanta oscailte chun Breisoideachas agus Oiliúint a chur chun cinn i measc foghlaimeoirí nua.

Tacaíonn STFET le clár pobalbhunaithe ar laethanta clárúcháin chomh maith. Tá baint aige le tionscadail Athghiniúna sa chathair, lena n-áirítear Scileanna Infhostaitheachta Eachaí agus clár Forbartha Pearsanta d'andúile/mí-úsáid substaintí. Le dhá bhliain anuas, beidh sé mar phríomhthosaíocht feabhas a chur ar chonairí trí Bhreisoideachas agus Oiliúint do dhaoine faoi mhíchumas. Cuirfear béim ó thaobh forbartha de ar oibriú leis an Líonra Náisiúnta Foghlama chun a chinntiú go mbeidh conairí comhtháite soiléire ag foghlaimeoirí a thosaíonn leo mar chuid den tionscnamh Soláthair Oiliúna Speisialaithe ón tús. I gcomhréir leis an obair seo, tá forbairt comhoibrithe idir STFET agus Siondróm Down Éireann.

maith. Ina theannta sin, tá an tSeirbhís Tacaíochta Dearbhaithe Cáilíochta ina cuid de chóras ceadaithe STFET/CTFC anois. Ina theannta sin, lean Oifig Faisnéise agus Treoirchomhairleoirí orthu ag comhoibriú leis an tSeirbhís Tacaíochta um Rannpháirteachas Fiontar agus leis an tSeirbhís Tacaíochta um Ionchuisiú Gníomhach chun pacáistí faisnéise saincheaptha a sheachadadh atá oiriúnaithe do phríomhpháirtithe leasmhara, amhail comhpháirtithe tionscail agus pobail, gníomhaireachtaí, etc. Chinntigh na hiarrachtaí seo go raibh rochtain ag na príomh-chomhpháirtithe seo ar fhaisnéis chruinn agus cothrom le dáta maidir le gach conair agus deis BOaO. I measc na ngníomhaíochtaí, tá aontaí eolais, turais champais, laethanta gairmeacha scoile, Fóram Treorach, srl.

I mí Eanáir 2024, reáchtáladh lá oscailte comhpháirteach ar fud Champas an Choláiste BOaO, Campas Shráid Mulgrave agus Campas Bhóthar Chill Mocheallóg agus d'fhreastail thart ar 1,400 cuairteoir ar an imeacht sin. Bhí seastáin um fhoghlaim ghníomhach, seisiúin eolais, múinteoirí agus teagascóirí ar taispeáint, agus iad go léir ag iarraidh eolas faoin gcúrsa a chur ar fáil d'foghlaimeoirí ionchasacha. Eagraíodh imeacht den chineál céanna i gCampas Inse i mí Feabhra 2024, agus bhí 450 foghlaimeoir i láthair.

Ina theannta sin, lean STFET de bheith ag nascadh le gníomhaireachtaí tábhachtacha chun foghlaimeoirí nua a chur chun cinn agus a earcú. Mar shampla, freastalaíonn comhghleacaithe STFET ar Aontaí Eolais na Roinne Coimirce Sóisialaí/Intreo dóibh siúd atá ag lorg fostaíochta agus eolais ar bhealaí chun na hoiliúna agus an oideachais. Bíonn siad i dteagmháil chomh maith le hAonach Poist Thuaisceart an Chláir, tionscnamh de chuid Chomhlacht Forbartha Áitiúil an

	(ar lean)	Chláir, Infhostaitheacht an Chláir, Digi Clare, Comhairle Contae an Chláir agus Grow Remote.
	<p>D'éirigh go han-mhaith Coláiste BOaO an BOO leis an gclár conairí ón scoil chuig an BOaA. Tá réimse leathan clár ar fáil do dhaltaí na hIdirbhliana, chomh maith le blas-sheisiúin i roinnt réimsí scileanna, lena n-áirítear fáilteachas, printíseacht, innealtóireacht, oideachas lasmuigh, blaschúrsaí san Innealtóireacht Ríomhchuidithe, gruaigireacht chomh maith le scileanna don todhchaí ar nós IS agus buneolas ar róbataic.</p> <p>In 2024, osclófar Mol na hIntleachta Saorga nua i gCampas an Ráithín. Tá an spás foghlama modúlach den scoth seo deartha chun go mbeidh taithí phraiticiúil ag daltaí bunscoile agus meánscoile araon ar an ngnáth-Intleacht Shaorga. Feidhmchláir lena n-áirítear Códú, Réaltacht Fhíorúil / Réaltacht Bhreithe, Buneolas ar an Innealtóireacht, Róbataic Dhaonnóideach, Tionscal 4.0, Cathracha Cliste agus Fuinneamh Glas, Iompar Cliste.</p> <p>Cuirfidh Mol na hIntleachta Saorga gníomhaíochtaí praiticiúla ar fáil d'fhoghlaimoirí a chuirfidh ar an eolas iad faoi dhisciplíní éagsúla agus cásanna éagsúla ina nglacann intleacht shaorga smacht ar ár saol. Tabharfaidh sé eispéireas foghlama uathúil agus saibhir do dhaltaí lena chinntiú go mbeidh siad réidh don obair don todhchaí. Leanfaidh Cláir Chonairí Earnálacha Sonracha, amhail Oilíuint Barista, Blasphrintíseacht an Chócaire Shóisearaigh, Conairí chuig Oideachas Allamuigh agus Conairí chuig Tógáil ar aghaidh in 2024 chomh maith.</p> <p>Mar shampla, beidh an Mol Tógála Teicneolaíochta Tumtha lonnaithe ar an gCampas Nuálaíochta Glas. Cuirfidh sé</p>	<p>In 2024, lean an STIG, mar aon le soláthar BOaO, de thosaíocht a thabhairt d'fhorbairt conairí struchtúrtha d'fhoghlaimoirí iar-bhunscoile. Leathnaíodh an Pacáiste Eolais nuashonraithe do phríomhoidí, leas-phríomhoidí, comhordaitheoirí críochnaithe scoile, oifigh theagmhála baile, scoile agus pobail, agus treoirchomhairleoirí chun sonraí cuimsitheacha, cothrom le dáta a sholáthar maidir le roghanna BOaO.</p> <p>Leanamar orainn chomh maith ag neartú ár gcomhpháirtíochtaí le raon leathan grúpaí agus eagraíochtaí pobail, lena n-áirítear Tusla, Oifigh Leasa Oideachais, Cláir Chríochnaithe Scolaíochta, Coistí Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga, Ionaid Acmhainní Teaghlaigh, agus Oibríthe Óige. Cuidíonn an cur chuige comhpháirtíochta seo le conairí oideachais láidre agus líonra tacaíochta láidir a chruthú d'fhoghlaimoirí ar fud Luimnigh agus an Chláir.</p> <p>Tá cúrsa Conairí ón Scoil á reáchtáil ag Ionaid Oilíúna agus Oideachais Allamuigh, agus is iad daltaí na hIdirbhliana a fhreastalaíonn ar an gcúrsa de ghnáth ó 2022 i leith. Cuireann an cúrsa seo gníomhaíochtaí oideachais allamuigh ar fáil, forbraíonn sé scileanna bunúsacha i spóirt eachtraíochta agus tugann sé treoir chomh maith. Áirítear leis an gcúrsa caint faoi ghairmeacha beatha chomh maith chun na deiseanna fostaíochta agus na bealaí oilíúna BOaO a phlé. Ba láidir an fhreagairt ó scoileanna in 2024 in ainneoin laghdú ar mhaoiniú. Tá obair ar siúl le Rannóg na Seirbhíse Tacaíochta Dearbhaithe Cáilíochta chun clár deimhnithe a dhéanamh de seo, agus béim á cur ar Cheangal leis an Dúlra agus ar fheasacht ar an Aeráid a bhaineann le Scileanna Glasa.</p>

gníomhaíochtaí praiticiúla ar fáil do na foghlaimeoirí a chuirfidh ar an eolas iad faoi theicneolaíochtaí tógála éagsúla agus cásanna éagsúla ag baint úsáide as Teicneolaíochtaí um Réaltacht Fhíorúil / Réaltacht Bhreisiú. Gheobhaidh daltaí taithí phraiticiúil chomh maith ar insamhlóirí oiliúna innealra trom tógála a úsáid, rud a chuirfidh oiliúint an-réalaíoch bunaithe ar insamhalta ar fáil, lena n-áirítear trealamh créafóige, tochtóir riain, trucail dumpála agus trucail airtléire.

In 2024, chuir Campas Shráid Mulgrave fáilte roimh thart ar 400 dalta meánscoile ó 16 mheánscoil áitiúla éagsúla chun páirt a ghlacadh i réimse blaschlár **aon lae** ar champas Shráid Mulgrave agus Bhóthar Chill Mocheallóg sna príomhréimsí seo a leanas: Teiripe Áilleachta/Gruagaireacht/Spóirt, Aclaíocht & Caitheamh Aimsire/Meáin Chruthaitheacha & na hAmharc-ealaíona.

In 2024, sheol Campas an Ráithín an **Mol Xplore**, ardán uathúil, chun iniúchadh a dhéanamh ar an dul chun cinn is déanaí sa teicneolaíocht, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí spreagúla, agus léargas díreach a fháil ar raon ábhar agus cúrsaí suimiúla atá ar fáil. Is é an príomhchuspóir léargas a thabhairt ar an Innealtóireacht agus an déantúsaíocht mar rogha réalaíoch do chách, chomh maith le bacainní a bhriseadh síos agus cosáin shoiléire chuig an BOaO agus chuig an bhfostaíocht a bhunú. Ó osclaíodh é, tá breis is 200 tástálaí ag an Xplore Hub - múinteoirí, baill foirne BOaO, baill foirne tríú leibhéal, tástálaithe tionscail, chomh maith le raon leathan foghlaimeoirí dara leibhéal chun triail a bhaint as na ceardlanna éagsúla atá deartha d'fhoghlaimeoirí Conairí ón Scoil go dtí an BOaO.

In 2024, thug imeachtaí móra deis don Choláiste BOaO teacht ar spriocghrúpaí nua agus an raon leathan tairiscintí BOaO sa réigiún a léiriú. I measc na bpríomhimeachtaí, tá na nithe seo a leanas:

I mí an Mhárta 2024, ghlac STRF & SFET páirt maidir leis an Sárthaispeántas Explore Engineering, a réachtáladh in Aerfort na Sionainne, a eagrú. Bhí 2,000 duine i láthair in Aerfort na Sionainne idir dhaoine aonair agus scoileanna ó áiteanna ar fud na réigiún;

	<p>(ar lean)</p>	<ul style="list-style-type: none"> • I mí na Samhna 2024, reáchtáladh an Sárthaispeántas Printíseachtaí agus Cúrsaí Oiliúna bliantúil in Óstán Radisson i Luimneach thar thréimhse dhá lá. • Reáchtáladh Príomhchócaire Sóisearach na Bliana i Réigiún na Sionainne i mí Aibreáin 2024 in Óstán na Trá, Luimneach. Ba í Ailey Lyons, dalta idirbhliana ó Choláiste Íde agus Iosef, Mainistir na Féile buaiteoir foriomlán an chomórtais. • In 2024, ghlac 300 dalta Idirbhliana ó scoileanna ar fud réigiún Luimnigh agus an Chláir páirt i mblaschúrsaí fáilteachais i scileanna cócaireachta agus barista, agus roghnaíodh ceathrar daltaí chun ionadaíocht a dhéanamh ar a scoil i gcluiche ceannais chócaireachta beo 2 uair an chloig.
	<p>Maidir le conairí chuig an ardoideachas, tá forbairt náisiúnta eanála treasaí aontaithe fós ag dul ar aghaidh. Is tionscnamh comhpháirteach é seo idir an tÚdarás um Ardoideachas (ÚAO) agus SOLAS, BOOanna & IAOnna, chun naisc níos dlúithe a fhorbairt le comhpháirtithe Ardoideachais i réigiún an Iarthair Láir agus córas a chur i bhfeidhm a cheadaíonn conairí forásacha tríd an mbreisoideachas agus an ardoideachas, agus eatarthu. Bunaíodh Oifig Náisiúnta Treasach nua, agus ceapadh Stiúrthóir náisiúnta chun ceannaireacht a dhéanamh ar an gClár Treasach nua.</p> <p>I mí Iúil 2023, seoladh go hoifigiúil an Clár Náisiúnta Treasach. Is iad na pleananna atá ann ná go ndéanfaidh an clár treasach rannpháirtíocht a leathnú, go bhforbrófar creat láidir don oideachas treasach agus go leanfar le cur i bhfeidhm na gcúrsaí treasacha nua. Aithneofar comhpháirtíochtaí nua i gcomhar le comhghleacaithe sna hInstitiúidí Ardoideachais i réigiún an Iarthair Láir.</p>	<p>Is é an réasúnaíocht atá taobh thiar den chlár treasach rochtain a chumasú tuilleadh agus rannpháirtíocht san Ardoideachas a leathnú.</p> <p>I measc príomhfhorbairtí 2024, tá:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuireadh tús le dhá chúrsa Céime Leibhéal 8 i Meán Fómhair 2024: Ríomhaireacht Shoghluaiste agus Gréasáin (MSc) agus Staidéar Gnó (Inis) i gcomhar le OTS. • Chuir 16 mac léinn an chéad bhliain den chlár céime treasaí i gcrích agus tá 15 díobh tar éis aistriú go Céim 2 den chéim ag Campas Mhaoilis, OTS, ó shin. Bhain siad seo go léir Miondámhachtain Ollscoile Leibhéal 6 amach ag Bronnadh Céime an Choláiste BOaO i mí Dheireadh Fómhair 2024. • Mar chonair bhreise, tá 18 mac léinn tar éis tosú ar chláir Céime Treasaí mar chuid den Chomhpháirtíocht BOO-OTS sa bhiaín Acadúil 2024-2025.

	<p>Ina theannta sin, ar an leibhéal náisiúnta, déanfar athbhreithniú ar chritéir iontrála do chlár threasacha, agus bunófar dhá ghrúpa straitéiseacha:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Grúpa Athbhreithnithe ar Shamhail Mhaoinithe do Chéimeanna Treasacha Comhpháirteacha • Líonra Comhpháirtithe Treasacha 	<p>Cuid lárnach d'obair an chlár threasach le bliain anuas ab ea beartais an Chlár Treasach a fhorbairt. Tá an Oifig Náisiúnta Treasach, trí chomhoibriú leis na Bainisteoirí Treasacha, tar éis Creat-Dhoiciméad Clár Treasach a chomhchruthú. Is é an cuspóir atá leis ná tacú le comhpháirtíochtaí atá ann cheana féin agus comhpháirtíochtaí nua maidir leis an gClár Treasach. I measc fhorbairtí 2024, tá na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Sraith Straitéisí Treorach chun tacú le gairmithe Treorach/Campais chun a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis uile atá cothrom le dáta faoi Chéimeanna Treasacha ar fáil do gach iarratasóir ionchasach. Cuireann an tsraith straitéisí forléargas soiléir agus inrochtana ar fáil ar phríomhghnéithe na céime treasaí, chomh maith le hamlínte agus treoirlínte iarratais, etc. • Bileog eolais na hOifige Náisiúnta Treasaí do mhic léinn agus d'iarratasóirí ionchasacha agus áirítear ann gnéithe tábhachtacha chomh maith le naisc chuig leathanaigh faisnéise ábhartha ar an suíomh gréasáin. • Treoirlínte d'Iarratasóirí: Conas ráiteas pearsanta a scríobh, Conas ullmhú le haghaidh agallaimh: Treoir chun cabhrú le mic léinn leis an bpróiseas iarratais ar Chéim Threasach. • Téarmaí Tagartha le haghaidh Mairís Grúpa Maoinithe • Clár Rioscaí na Céime Treasaí.
<p>1.6 Cultúr foghlama fadsaoil a chur chun cinn trí luach an oideachais fhoirmiúil agus neamhfoirmiúil a aithint, lena n-</p>	<p>Féachfaidh <g Rannóg na Scoileanna agus Soláthar Oibre don Óige lena chinntiú go mbíonn teacht ag daoine óga ar fud an réigiúin ar eispéiris ardchaighdeáin oibre don óige. Seo mar a bhainfear an méid sin amach:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cur leis an bpróiseas don Fheabhsú Leanúnach i gcás na scéime cistithe spriocdhírthe mar chuid de UBU Do Spás Do Áit, tacú le cur chun feidhme an phróisis sin agus monatóireacht a dhéanamh air. 	<p>I measc príomhéachtaí 2024, tá na nithe seo a leanas: Tosófar ar Chúrsa Oiliúna Oibre don Óige a fhorbairt i gcomhar lenár gcomhpháirtithe BOaO in Ionad Oiliúna an Ráithín in 2025. Tá sé mar aidhm ag an gcúrsa oiliúna cur ar chumas an fhoghlaimora an t-eolas, na scileanna agus an inniúlacht a fháil chun oibriú faoi mhaoirseacht i gcomhthéacs oibre óige. Tabharfaidh an cúrsa tuiscint d'fhoghlaimoirí ar chleachtas oibre óige agus ar ról an oibrí óige trí iniúchadh a dhéanamh ar</p>

áirítear oideachas allamuigh agus ceoil agus ról claochlaitheach na hOibre don Óige inár bpobail.

- Plean Oibre don Óige 2023 – 2026 a chur i bhfeidhm
- Tacaíocht a thabhairt le go gcuirfear i bhfeidhm Caighdeán Cháilíochta le haghaidh Grúpaí Oibre Óige faoi stiúir Oibrithe Deonacha.
- Luach agus infheictheacht na hoibre don óige sa réigiún a chur chun cinn.
- Tacú le clár oibre na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe trí oibriú i gcomhpháirtíocht le hEagraíochtaí Oibre Óige áitiúla.
- Leanúint de chaidrimh a chothú le scoileanna chun cabhrú le deiseanna oibre don aos óg a chur chun cinn.

shaincheisteanna reatha atá roimh dhaoine óga agus iad siúd atá ag obair sa réimse.

I mí na Bealtaine 2024, reáchtáladh **Comhdháil Tionscnaimh Obair Óige BOOÉ** i bPáirc Thuamhan, agus ba í an fhoireann um Obair Óige a bhí i mbun an imeachta a óstáil agus a léirigh an tallann agus an soláthar iontach ar fud an réigiúin agus na tíre. Mar a thug an Príomhfheidhmeannach George O'Callaghan faoi deara, *“Tá BOO Luimnigh agus an Chláir ina cheannaire agus ina sheaimpín bródúil ar an obair don aos óg sa réigiún, i gcomhar lenár gcomhpháirtithe in obair óige, an chomhpháirtíocht spóirt, an t-údarás áitiúil, Coistí Seirbhísí Leanáí agus Daoine Óga, TUSLA, bainimid leas as ár n-eolas agus ár n-acmhainní chun na seirbhísí agus na tacaíochtaí riachtanacha a fhorbairt do dhaoine óga. Ní féidir le haon ghníomhaireacht amháin é a dhéanamh ina haonar, ach is féidir linn rudaí iontacha a bhaint amach le chéile”*

Leagadh béim ag an gcomhdháil chomh maith ar an ngá atá le samhail mhaoinithe inbhuanaithe chomhleanúnach a ligean do phleanáil don todhchaí i gcomhréir le treochothaí daonra agus a chuireann ar chumas seirbhísí cláir straitéiseacha, nuálacha a phleanáil agus a sheachadadh do dhaoine óga.

“Ní mór dúinn smaoineamh ar infheistíocht in obair don aos óg, mar chúrsa saoil agus ní mar chleachtadh buiséadach bliantúil”

Cruinnithe rialta athbhreithnithe gach ráithe i gcás gach tionscadail lena chinntiú go bhfuil an clár spriocdhírthe chomh héifeachtach agus is féidir agus go bhfuiltear ag cloí go hiomlán le rialacha na scéime UBU - D'Áit, Do Spás.

D'oibrigh an fhoireann oibre don aos óg le colún Airgeadais BOO Luimnigh agus an Chláir agus leis an ngrúpa comhordaithe chun comhlíonadh agus cuntasacht a chinntiú i leith cistí poiblí.

	(ar lean)	<p>Páirt a ghlacadh i struchtúir BOOÉ – Líonra Oifigeach Óige agus comhairliúcháin ad hoc arna socrú ag an RLCMLÓ.</p> <p>Cuireadh sraith deiseanna feabhsúcháin scileanna ar fáil d’oibrithe óige ar leibhéal réigiúnach, lena n-áirítear an oiliúint mheabhairshláinte Mindout, ceardlanna UBU, oiliúint ar líne d’iarratais le Submit.</p> <p>Rannpháirtíocht i réimse coistí, bord, grúpaí comhairleacha, e.g. an Tascfhórsa Drugaí, Comhairle na nÓg, Cleachtais Athchóiritheacha, Coistí Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga, struchtúir phobail áitiúla agus líonraí tacaíochta eile.</p>
	<p>Is líonra de sholáthraithe seirbhísí áitiúla don aos óg cruthaitheach í an Chomhpháirtíocht Áitiúil don Óige Ildánach (LCYP) a bhfuil sé mar aidhm aici feabhas a chur ar cháilíocht agus ar infhaighteacht gníomhaíochtaí cruthaitheacha do dhaoine óga. Tá an LCYP maoinithe ag Clár Éire Ildánach agus tá sé bunaithe i mBoird Oideachais agus Oiliúna áitiúla (BOOnna). Tá an LCYP treoraithe ag prionsabail na cuimsitheachta, na cáilíochta, na hinfheictheachta agus guth na hóige.</p> <p>Roghnaíodh an BOO ar cheann de na trí BOO ar fud na tíre a fuair cistiú don Óige Ildánach faoin gclár Éire Ildánach chun Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach (CÁÓI) a bhunú ar bhonn píolótach. Ba é sprioc na comhpháirtíochta seo réimse leathan acmhainní a chomhcheangal chun deiseanna cruthaitheacha lasmuigh den scoil a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga, a bheadh ag teacht le timpeallachtaí scoile foirmiúla agus a bheadh in oiriúint dóibh sin.</p> <p>Seoladh an chéad phlean CÁÓI straitéiseach in 2021 inar leagadh amach cuspóirí agus gníomhartha atá bunaithe ar Phlean Oibre don Óige an BOO 2018–2021, mar aon leis an bPlean Óige Ildánaí, ina n-aithnítear ‘go gcuirtear folláine</p>	<p>Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach (CÁÓI) – 2024</p> <p>Rochtain Leathnaithe ar Ghníomhaíochtaí Cruthaitheacha do Dhaoine Óga Imeachtaí</p> <p>In 2024, chuir an CÁÓI réimse leathan clár cruthaitheach lasmuigh den scoil ar fáil, le fócas láidir ar ionchuimsiú. Cuireadh tionscnaimh ar nós <i>tionscadail múphictiúir uirbeacha, ceardlanna labhartha, agus campaí meán digiteach</i> i bhfeidhm go rathúil i bpobail imeallaithe ar fud Luimnigh agus an Chláir.</p> <p>Comhoibriú Tras-Earnála Neartaithe</p> <p>D'éascaigh an CÁÓI comhpháirtíochtaí nua idir seirbhísí óige, scoileanna, ealaíontóirí áitiúla, agus institiúidí cultúrtha. I measc na gcomhoibrithe suntasacha, bhí <i>tionscadal amharclainne pobail</i> faoi chomhthreorú ionad ealaíon áitiúil agus grúpa óige.</p> <p>Guth agus Rannpháirtíocht Mhéadaithe na nÓg</p> <p>Bhí ról gníomhach ag daoine óga i múnlu clársceidealú cruthaitheach i rith na bliana. Bhunaigh an CÁÓI <i>Painéal Comhairleach Cruthaitheach na nÓg</i> a chuir smaointe ar fáil, a rinne athbhreithniú ar thograí tionscadail, agus a chomhdhear imeachtaí, ag cinntiú go raibh na gníomhaíochtaí ag léiriú leasanna agus riachtanais na n-óg.</p>

	<p>aonair, pobail agus náisiúnta chun tosaigh mar thoradh ar gníomhaíocht chultúrtha agus chruthaitheach’.</p> <p>Cuirfidh an CÁÓI gníomhaíochtaí lasmuigh den scoil ar fáil chomh maith; éascóidh agus forbróidh sé tionscnaimh chruthaitheacha áitiúla nua; agus seachnóidh sé dúbláil iarrachta.</p> <p>Is é aidhm Ráiteas Straitéise CÁÓI pleananna comhoibríoch a fhorbairt i measc phobail áitiúla agus idir scoileanna agus gníomhaíochtaí cruthaitheacha lasmuigh den scoil; tionscnaimh chruthaitheacha áitiúla nua a éascú agus a fhorbairt.</p> <p>Le linn 2024, déanfaidh Comhordaitheoir na Comhpháirtíochta Óige Ildánaí, thar ceann an BOO, gníomhaíochtaí cruthaitheacha lasmuigh den scoil a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga, agus beidh béim faoi leith ar phobail imeallaithe.</p>	<p>Seachadadh Spriocanna Straitéiseacha le Tionchar Infheicthe</p> <p>Cuireadh na príomhghníomhartha atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise CÁÓI i bhfeidhm go rathúil, ag teacht le Plean Oibre Óige an BOO agus fís Óige Chruthaitheach Éire Ildánach araon. Fuair obair CÁÓI infheictheacht mhéadaithe trí thaispeántais áitiúla, feachtais sna meáin shóisialta, agus gnéithe sna meáin réigiúnacha.</p>
	<p>In 2024, leanfaidh Rannóg Scoileanna an BOO leis an tacaíocht agus feasacht ar an gcorpoideachas a leathnú tríd an dá Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh (IOOAnna) atá againn i gCill Fhíonáin agus i mBoirinn. Is é an sprioc atá againn a chinntiú go mbeidh rochtain ag daltaí ar thimpeallachtaí foghlama uathúla agus éifeachtacha allamuigh a chuireann a bhfolláine, a bhfás pearsanta agus a bhfeasacht chomhshaoil chun cinn. Seo iad na gníomhartha sonracha a dtabharfaimid fúthu:</p> <ul style="list-style-type: none"> • IOOAnna a chur chun cinn ar mhaithe le Folláine agus Gníomhaíochtaí Idirbhliana: Cuirfimid úsáid ár IOOAnna chun cinn go gníomhach i measc na gColáistí Pobail, na Scoileanna Pobail, agus na Scoileanna Náisiúnta Pobail i Luimneach agus sa Chlár ar mhaithe le folláine agus turais/gníomhaíochtaí Idirbhliana. 	<p>Leanfaidh Rannóg na Scoileanna de thacaíochtaí agus feasacht a mhéadú maidir leis an gcorpoideachas a fhorbairt laistigh do scoileanna tríd an dá Ionad Oideachais agus Oiliúna de chuid an BOO. Chinntíomar gur tugadh deiseanna luachmhara do dhaltaí an seomra ranga lasmuigh a úsáid mar mheán cumhachtach agus sainiúil le haghaidh foghlama agus fás pearsanta. Áirítear i measc na ngníomhaíochtaí sonracha ar tugadh fúthu i rith na bliana:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cur chun cinn gníomhach a dhéanamh ar úsáid an dá Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh de chuid an BOO (Cill Fhíonáin agus Boirinn) i measc Coláistí Pobail, Scoileanna Pobail, agus Scoileanna Náisiúnta Pobail i Luimneach agus sa Chlár le haghaidh tionscnamh folláine agus turais/gníomhaíochtaí Idirbhliana.

- Pacáiste Folláine a fhorbairt i gComhpháirtíocht: Oibreimid i gcomhar le Comhairle Contae an Chláir agus le Ionad Mhichíl Uí Chíosóg chun pacáiste cuimsitheach folláine a fhorbairt do scoileanna. Déanfaidh an pacáiste seo clár CLG Going Well a chomhtháthú agus cuirfidh sé acmhainní tacaíochta luachmhara ar fáil d'fholláine iomlánaíoch na ndaltaí.
- Tacú le Rannpháirtíocht sa chlár Gaisce: Tacóimid le scoileanna chun rannpháirtíocht daltaí sa chlár Ghaisce (Duais an Uachtaráin) a éascú, clár a chumhachtaíonn daoine óga a gcumas pearsanta a fhorbairt trí dhúshláin agus a chuireann lena bhfás mar rannpháirtithe gníomhacha sa tsochaí.
- Acmhainní Treodóireachta agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a chur ar fáil: Cuirfimid lámhleabhar acmhainní treodóireachta agus forbairt ghairmiúil (FGL) ar an láthair i dtreodóireacht agus in bhuanaitheacht ar fáil do mhúinteoirí Corpoideachais. Cuirfidh sé seo ar a gcumas daltaí sa dara bliain a ullmhú d'imeachtaí Lá Bealtaine don Inbhuanaitheacht arna réachtáil ar Bhóthar Lee agus ar Bhóthar Pháirc Foraoise na Cora.
- Cúrsaí atá nasctha leis an gcuraclam a chur chun cinn: Cuirfimid cúrsaí atá nasctha leis an gcuraclam chun cinn ar fud scoileanna BOO, lena n-áirítear:
 - Foghlaim Allamuigh chun tacú le Corpoideachas le Folláine agus Inbhuanaitheacht: Déanfaidh an cúrsa seo prionsabail na foghlama lasmuigh a chomhtháthú le curaclam Corpoideachais chun aclaíocht choirp, folláine agus feacht chomhshaoil na ndaltaí a chur chun cinn.
 - Cúrsa Gearr Treodóireachta don tSraith Shóisearach: Tacóidh an cúrsa seo le scoileanna

- **Clár folláine CLG Going Well a chur chun cinn** i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae an Chláir agus Ionad Mhichíl Uí Chíosóg. Bhí sé mar aidhm ag an gcomhoibriú seo pacáiste cuimsitheach tacaí folláine a fhorbairt do scoileanna.
- **Tacú le scoileanna agus iad ag gabháil leis na IOOAnna** chun cabhrú le daltaí atá i mbun an Ghaisce (Duais an Uachtaráin) a bhaint amach, ag spreagadh a gcuid forbartha pearsanta trí ghníomhaíochtaí eachtrúla.
- **Cuirfimid lámhleabhar acmhainní treodóireachta agus forbairt ghairmiúil (FGL) ar an láthair i dtreodóireacht agus in bhuanaitheacht ar fáil do mhúinteoirí Corpoideachais.** Chuir sé seo ar a gcumas a gcuid daltaí sa dara bliain a ullmhú d'imeachtaí Lá Bealtaine don Inbhuanaitheacht a tionóladh i mBóthar Lee agus i bPáirc Foraoise na Cora, agus chuir sé cúrsaí a bhaineann leis an gcuraclam chun cinn i scoileanna an BOO, lena n-áirítear:
 - **Foghlaim Allamuigh** chun soláthar Corpoideachais a shaibhriú le fócas ar Fholláine agus Inbhuanaitheacht.
 - **Tacaíocht seachadta don Ghearrchúrsa Treodóireachta don tSraith Shóisearach** do na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna) Treodóireachta ag IOOA Chill Fhíonáin agus Bóthar Lee, Inis.
 - **An t-imeacht bliantúil Treodóireachta Scoile don Inbhuanaitheacht sa dara bliain**, a leathnaíodh chun Inis a áireamh chomh maith leis an gCora.
 - Comórtas **Bollánóireacht do Scoileanna**, agus cuireadh tugtha do gach scoil de chuid an BOO.

agus eolais treodóireachta a fhorbairt atá i gcomhréir le curaclam na Sraithe Sóisearaí.

- Imeachtaí Treodóireachta a Leathnú: Leathnóimid an dara bliain den imeacht Treodóireachta do Scoileanna ar son Inbhuanaitheachta chun Inis a áireamh, chomh maith leis an gCora.
- Comórtas Dreapadóireachta a eagrú: Eagróimid comórtas Bollánóireacht do Scoileanna, a bheidh oscailte do gach scoil BOO, chun obair foirne, dúshlán fisiceach agus fás pearsanta a chothú i measc na ndaltaí.
- Inbhuanaitheacht a chur chun cinn ag Imeachtaí Treodóireachta: Cuirfimid inbhuanaitheacht chun cinn agus déanfaimid ceiliúradh ar Lá Bealtaine na hInbhuanaitheachta ag imeachtaí Treodóireachta an dara bliain chun tuiscint níos doimhne a chothú ar mhaoirseacht chomhshaoil i measc na ndaltaí.
- Pacáistí Foghlama Cianda a Fhorbairt: Déanfaimid pacáistí cianfhoghlama a chur le chéile do scoileanna chun cláir bhreise teoiricbhunaithe a sholáthar dá ndaltaí.
- Conairí a chur ar fáil do Chúrsaí Oideachais Allamuigh: Cuirfimid cúrsaí trí lá um Chonairí chuig Gairm san Oideachas Allamuigh ar fáil do dhaltaí na hIdirbhliana chun conairí gairme féideartha sa réimse seo a iniúchadh.
- ✓ Líonra na IOOAnna a leathnú: Cuirfimid líonra na IOOAnna chun cinn i measc na mBord Oideachais agus Oiliúna uile trí pháirt a ghlacadh i Scoil Samhraidh BOOÉ do Mheáncheannairí in Ollscoil Luimnigh. Cuirfidh sé seo feabhas ar chumarsáid agus ar chomhoibriú i measc na mBord Oideachais agus Oiliúna chun deiseanna oideachais allamuigh do dhaltaí a fhorbairt agus a leathnú tuilleadh.

- **Inbhuanaitheacht a chur chun cinn agus Lá Bealtaine na hInbhuanaitheachta a cheiliúradh** ag imeachtaí Treodóireachta an dara bliain, agus feasacht chomhshaoil a leabú laistigh de ghníomhaíocht choirp.
- **Pacáistí cianfhoghlama a cheapadh do scoileanna** chun cláir fhorlíontacha teoiricbhunaithe a sholáthar, rud a fheabhsóidh raon na ndeiseanna foghlama.
- **Cur chun cinn na IOOAnna áitiúla** trí Scoil Samhraidh BOOÉ do Mheáncheannairí in Ollscoil Luimnigh (Meitheamh 2024).

	<p>Leanfaidh Rannóg Aeráid, Caipitil agus Bainistíochta Eastát an BOO ar aghaidh in 2024 leis an tacaíocht chun an dá Ionad Oideachais Allamuigh atá againn a fhorbairt. Tabharfar tacaíocht chun deiseanna cistithe a aimsiú le hinfheistíocht a dhéanamh i mbonneagar na nIonad agus chun freastal ar riachtanais deisiúcháin agus chothabhála.</p>	<p>Rinneadh deisiúcháin agus oibreacha cothabhála beaga sa dá Ionad OOA le linn 2024. Cuireadh tús le planáil le haghaidh uasghrádú mór ar chóiríocht na foirne in Ionad Oideachais Allamuigh Chill Fhionáin in 2024 agus táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe in 2025. Críochnaíodh an Cúrsa Ardtéada ag Ionad Oideachais Allamuigh Chill Fhionáin go luath in 2024.</p>
	<p>Leanann an BOO de chathaoirleacht a dhéanamh ar thionscnamh UNESCO Learning Limerick, lena n-áirítear comhordú na féile bliantúla Learning Limerick. Tacaíonn sé seo le baint amach Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe UNESCO agus cuireann sé le cultúr na Foghlama ar Feadh an tSaoil sa chathair agus sa réigiún.</p> <p>Leanfaidh an Coláiste BOaO de ról na foghlama ó thaithí a chur chun cinn mar bhealach chuig an mbreisoideachas agus fostaíocht trína sholáthar oideachais allamuigh agus oideachais cheoil.</p>	<p>Déanann an Coláiste BOaO, trí STRF, cathaoirleacht ar an bhféile Learning Limerick, grúpa stiúrtha ilghníomhaireachta atá i gceannas ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus coincheap an réigiúin foghlama a chur chun cinn. I mí an Mhárta 2024, réachtáladh seoladh oifigiúil Fhéile Foghlama ar Feadh an tSaoil Luimnigh ar Champas Shráid Mulgrave, don 14^ú bliain den Fhéile. Bhí an Fhéile ar siúl ó Dé Luain an 15 go dtí Dé Domhnaigh an 21 Aibreán 2024 agus <i>Foghlaim, Fás, Taiscéal mar théama aici</i>. Réachtáladh breis is 150 imeacht agus gníomhaíocht saor in aisce i rith na seachtaine, idir imeachtaí ar líne agus imeachtaí aghaidh ar aghaidh.</p> <p>Cuireann na hIonaid Oideachais agus Oiliúna Allamuigh (IOOAnna) réimse leathan clár ar fáil a fhreastalaíonn ar dhaltaí bun scoile agus iar-bhunscoile, ar dhaoine óga, ar fhoghlaimoirí agus ar bhaill foirne sa bhreisoideachas agus oiliúint. Cothaíonn na cláir seo scileanna ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear scileanna Trasnaí, trí eispéiris foghlama neamhfhoirmiúla lasmuigh a spreagadh. Baineann foghlaimoirí leas as rannpháirteachas feabhsaithe san oideachas, gníomhaíocht choirp, agus am lánbhí a chaitheamh sa dúlra. Ina theannta sin, éascaíonn na cláir seo foghlaim neamhfhoirmiúil Scileanna Glasa trí bhithéagsúlacht a iniúchadh, feasacht a mhúscailt maidir le cailliúint gnáthóige, agus gníomhartha praiticiúla aeráide a chur chun cinn. Cuireann na hIonaid Oideachais agus Oiliúna Allamuigh tacaíocht mhodúlach ar fáil do chlár Bhreisoideachais agus</p>

(ar lean)

Oiliúna eile chomh maith, lena n-áirítear Treoraíocht Turas Réigiúnach agus Náisiúnta.

Tá na nithe seo a leanas i measc na bhforbairtí nua in 2024:

- Tógáil Cúrsa Ardtéada ag IOOA Chill Fhionáin, agus raon Boghadóireachta ag IOOA Bhoirne.
- Cláir ionchuimsitheachta amhail cláir do Mhná sa Spórt, críochnú na scolaíochta, Foghlaim Theaghlaigh, Folláine trí Oideachas Allamuigh d'fhoghlaimeoirí Úcránacha.
- Chuir IOOA Chill Fhionáin, clár cónaithe Oideachais agus Oiliúna Allamuigh ar fáil do dhaoine fásta faoi mhíchumas intleachtúil ó Fhondúireacht COPE.
- I mí an Mhárta 2024, d'óstáil IOOA Chill Fhionáin an campa Abilities bliantúil do Vision Ireland.
- Chuir IOOA Bhoirne clár lasmuigh ar fáil a bhí maoinithe trí Litearthacht do Dhaoine Fásta don Saol, i gcomhpháirtíocht le hIonad Acmhainní Teaghlaigh Thuaisceart an Chláir, Inis Díomáin, Co. an Chláir. Chuir sé seo 5 lá foghlama allamuigh ar fáil do dhaoine fásta atá ina nIarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta agus do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Teanga acu.
- Cuireann an dá IOOA réimse clár ar fáil do Sheirbhísí Óige an Chláir agus Luimnigh araon, ag soláthar deiseanna dóibh siúd a mbíonn sé deacair orthu páirt a ghlacadh i gcláir níos foirmiúla.

In 2024, leag roinnt tionscnamh béim ar thábhacht an **oideachais ceoil** dár bpobail:

- I gCo. an Chláir, d'fhreastail breis is 100 duine óg idir 7 mbliana d'aois agus 18 mbliana d'aois ar cheardlanna ceoil 4 uair an chloig a bhain le huirlisí ceoil agus leibhéil chumais éagsúla mar chuid den Fhéile Tíre bhliantúil do leanáí agus do dhaoine óga.

(ar lean)

- Reáchtáladh sraith campaí samhraidh ceoil saor in aisce i mí Iúil 2024 in Inis, Inis Díomáin, Cill Dá Lua, Cill Rois agus Sionainn. Ghlac páistí idir 7 mbliana d’aois agus 12 bliana d’aois páirt i réimse gníomhaíochtaí spraiúla ceoil. Chuaigh go leor de na leanaí seo a d’fhreastail ar an gcampa ar aghaidh chun clárú inár ranganna ceoil iarscoile sna cúig áit chéanna, ag tosú i Meán Fómhair 2024.
- Is é príomhchlár Music Generation an Chláir, Ceolfhoireann Consairtín na hÉireann, a mheall an líon ba mhó agus an caighdeán ab airde seinnteoirí consairtín óga go dtí seo i mbliana. Taistealaíonn 45 seinnteoir consairtín ard-ghnóthachtála idir 10 agus 18 mbliana d’aois ó gach cearn den tír chun freastal ar chleachtaí rialta le foghlaimeoirí atá ag obair i dtreo an tseó bhliantúil i nGlór, chomh maith le léirithe eile i mBéal Feirste, Loch Garman agus Luimneach.
- I gCathair Luimnigh, fuair breis is 300 duine óg idirghabhálacha ceoil chruthaitheacha gach seachtain ag an Ionad Ildánach ar Shráid Cecil, agus bunaíodh cónaitheachtaí i mbreis is 25 suíomh bunscoile agus meánscoile ar fud na Cathrach, rud a chuir asraonta agus scileanna ar fáil sa chruthaitheacht agus sa fhéinléiriú.
- Reáchtálann Music Generation an Chláir seisiúin éagsúla FGL do bhaill foirne gach bliain chun cabhrú lenár bhfoireann fás agus forbairt a dhéanamh mar oideoirí ceoltóirí ardchaighdeán.

Spríoc Straitéiseach 2 – Tacaíocht Foirne agus Forbairt Eagraíochta

Aidhm: Timpeallacht oibre atá tacúil, comhoibríoch, sábháilte agus sláintiúil a chur ar fáil don fhoireann ar fad trí thacaíocht chuí shofhreagrach agus beartais agus nósanna imeachta iomchuí a sholáthar a bhfuil cultúr maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach mar bhonn agus mar thaca fúthu. Is éard atá i gceist leis sin ná timpeallacht dhearfach oibre a chothú a mbeidh cultúr measa, dínite agus comhionannais mar bhonn taca fúithi.

Cuspóir ón Ráiteas Straitéise	An gealltanas a thugtar i bPlean Seirbhíse 2024	Éachtaí in 2024
<p>2.1 Baill foirne ar an gcaighdeán is airde a mhealladh, a earcú agus a choinneáil, trí straitéisí solúbtha earcaíochta agus ionduchtaithe a fhorbairt.</p>	<p>Oibreoidh Rannóg Acmhainní Daonna an BOO chun a chinntiú go mbeidh dea-chleachtas ann i gcás baill foirne a earcú agus a roghnú san eagraíocht ar fad in 2024. Tá na nithe seo mar chuid den phróiseas sin: sonraíocht ardchaighdeáin faoin bpearsa, sainchuntais post, cáipéisíocht don agallóireacht ar bhonn inniúlachta chun tacú leis an bpróiseas agallaimh, beartais earcaíochta agus roghnúireachta agus oiliúint ar bhaill de bhoird agallaimh.</p> <p>Laistigh de gach foireann, déanfaidh APOнна comhaontú ar spriocanna aonair, agus coinneoidh siad taifead ar sholáthar forbartha gairmiúla leanúnaí, deiseanna forbartha, agus aiseolais chuí, d'fhonn tacú leis an dea-chleachtas.</p>	<p>Earcaíodh 387 post in 2024.</p> <p>Líonadh 73 Post Ceannaireachta agus Bainistíochta inár nlar-bhunscoileanna sa bhliain acadúil 2024/2025.</p> <p>Leanúint le rannpháirteachas leis an tSeirbhís Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO) in 2024 chun an t-ardán People XD a nuashonrú.</p> <p>Leanadh ar aghaidh le feidhmiúlacht chóras People XD a chur i bhfeidhm i measc fhoireann an BOO in 2024.</p> <p>Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar Bheartas Earcaíochta agus Roghnúcháin an BOO in 2024.</p> <p>Eisíodh 1,062 Ráiteas Sochair Pinsean Scéime Aonair do bhaill Scéime Pinsean Aonair in 2024 agus eisíodh 171 Ráiteas Fágála dóibh siúd a d'fhág fostaíocht BOO in 2024.</p>
	<p>Tá cruinnithe pleanála leithdháilte foirne le scoileanna ríthábhachtach chun a chinntiú go bhfuil na leibhéil foirne agus an saineolas cuí ag gach scoil chun freastal ar riachtanais a daltaí. Tugann na cruinnithe seo deis do cheannairí scoile, don Stiúrthóir Scoileanna, agus don Rannóg Acmhainní Daonna plé a dhéanamh ar úsáid</p>	<p>In 2024, léirigh Rannóg na Scoileanna fianaise ar fheidhmíocht agus ar dhul chun cinn trí na príomhtháscairí seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cruinnithe Príomhoide: Cruinnithe fíorúla sceidealaithe (trí Zoom) idir gach príomhoide scoile, Stiúrthóir na Scoileanna, agus Acmhainní Daonna i

	<p>reatha na foirne, riachtanais acmhainní teagaisc amach anseo a aithint, agus pleananna a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt orthu. Oibríonn an grúpa seo i gcomhar le chéile, lena chinntiú gur féidir an próiseas earcaíochta a thosú chomh luath agus is féidir agus go bhfuil an fhoireann cheart i bhfeidhm chun tacú le foghlaim na mac léinn chun spriocanna acadúla a bhaint amach. Baintear an méid seo a leanas amach leis na cruinnithe seo:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cinntítear go bhfuil na leibhéil foirne agus an saineolas cuí ag scoileanna chun freastal ar riachtanais a gcuid daltaí. • Saináithnítear bearnaí féideartha i soláthar foirne agus forbraítear pleananna chun aghaidh a thabhairt orthu. • Cuireann siad feabhas ar chumarsáid agus comhoibriú idir scoileanna agus AD. • Cuireann siad tuiscint chomhroinnte chun cinn ar riachtanais agus tosaíochtaí foirne. • Feabhsaíonn siad éifeachtacht fhoriomlán acmhainní foirne i scoileanna. 	<p>mí Eanáir 2024, chun pleanáil agus cumarsáid go luath sa bhliain a éascú.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Aistrithe Inmheánacha Foirne: Críochnú próiseas aistrithe foirne inmheánach atá mar sprioc don dara ráithe (Ráithe 2) de 2024 bainte amach. • Earcaíocht: Cuireadh tús le ceadú do phróisis earcaíochta le linn an dara ráithe (Ráithe 2) 2024 • Achomhairc na Roinne Oideachais: Achomhairc a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais le haghaidh acmhainní foirne breise agus lamháltais churaclaim, de réir mar is gá.
	<p>Tacaíocht a thabhairt do Mhúinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna) arna gCeapadh le déanaí</p> <p>Eagróidh Rannóg Scoileanna an BOO imeacht ionduchtaithe ar líne go luath i mí Mheán Fómhair 2024 chun forbhreachnú a thabhairt do mhúinteoirí agus do CRSanna nuacheaptha ar na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh ón BOO. Clúdóidh an t-imeacht seo réimse ábhar, lena n-áirítear:</p> <p>Straitéisí Teagaisc, Foghlama, agus Measúnaithe:</p>	<p>Reáchtáil an BOO seimineár gréasáin do gach múinteoir nuacheaptha a thosaigh ina scoileanna ó Mheán Fómhair 2024 ag cruinniú speisialta ar líne i Meán Fómhair 2024. Osclaíodh an t-imeacht le fáilte ó Phríomhfheidhmeannach Gníomhach an údaráis, an tUasal Donncha Ó Treasaigh, Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha na hEagraíochta, Breda Flynn, Uasal agus Foireann Tacaíochta Rannóg na Scoileanna.</p> <p>Ba é cuspóir an imeachta seo forbhreachnú a thabhairt do bhaill foirne nuacheaptha ar Rannóg Scoileanna an BOO agus an tacaíocht atá ar fáil do mhúinteoirí ar fud an BOO.</p>

- Creat oideolaíoch agus cuir chuige an BOO i leith teagaisc, foghlama agus measúnaithe a chur i láthair.
- Treoir a chur ar fáil maidir le pleanáil ceachtanna agus cleachtais mheasúnaithe éifeachtacha.
- Acmhainní agus straitéisí a chomhroinnt le haghaidh teagaisc difreáilte.

Tacaíochtaí um Fhorbairt Ghairmiúil:

- Ag cur clár cuimsitheach forbartha gairmiúla an BOO i láthair.
- Béim a chur ar dheiseanna foghlama agus forbartha gairmiúla leanúnaí.
- Faisnéis a chur ar fáil maidir le conas rochtain a fháil ar cheardlanna agus cúrsaí forbartha gairmiúla.

Straitéisí Bainistíochta Seomra Ranga:

- Teicnící agus straitéisí éifeachtacha bainistíochta ranga a chomhroinnt.
- Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choitianta a bhíonn roimh mhúinteoirí agus iad ag bainistiú iompair sa seomra ranga.
- Treoir a sholáthar maidir le timpeallacht dhearfach agus thacúil foghlama a chruthú.

Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta:

- Na scileanna agus an t-eolas a thabhairt do mhúinteoirí agus do Chúntóirí Riachtanais Speisialta chun an teicneolaíocht a chomhtháthú ina gcuid teagaisc.
- Iníúchadh a dhéanamh ar úsáid uirlisí agus ardáin dhigiteacha chun feabhas a chur ar fhoghlaim.
- Treoir a thabhairt maidir le ceachtanna mealltacha agus idirghníomhacha a chruthú ag baint úsáide as an teicneolaíocht.

(ar lean)

	<p>Folláine:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Tábhacht folláine múinteoirí agus CRSanna a chur chun cinn. • Acmhainní agus straitéisí a chomhroinnt chun folláine phearsanta a chothabháil. • Béim a chur ar na tacaíochtaí atá ar fáil tríd an tSeirbhís Cúnaimh d’Fhostaithe an BOO. 	(ar lean)
	<p>Dul i mbun oibre le baill den tSeirbhís Tacaíochta BOaO agus daoine eile chun leanúint le Próisis Ionduchtaithe BOaO an BOO a fhorbairt.</p>	<p>In 2024, chuir an tSeirbhís Tacaíochta um Dhearbhú Cáilíochta Ionduchtú Dearbhaithe Cáilíochta rialta ar fáil do Bhaill Foirne Nua (Leibhéil 1–3).</p> <p>Ina theannta sin, forbraíodh TELSS lámhleabhar nua maidir le hIonduchtú Digiteach Foirne agus cabhróidh sé le baill foirne nascleanúint a dhéanamh ar na spásanna agus na hacmhainní iomadúla ar líne agus iad ag cur eolas ar chúrsaí oibre sa Choláiste BOaO. Cuireann sé treoir phraiticiúil agus naisc ar fáil chuig tacaíochtaí, teagmhálacha agus acmhainní tábhachtacha san eagraíocht. Ba cheart go mbeadh sé ina acmhainn úsáideach do gach ball foirne chomh maith mar go soláthraíonn sé treoir phraiticiúil agus naisc chuig tacaíochtaí, teagmhálacha agus acmhainní tábhachtacha san eagraíocht.</p>
<p>2.2 Beartas ábhartha um fhorbairt ghairmiúil leanúnach a chur i bhfeidhm agus a choinneáil, lena léirítear cuspóirí na heagraíochta agus a tiomantas i leith fhás</p>	<p>Tá Rannóg Scoileanna an BOO tiomanta do chur i bhfeidhm rathúil laethanta braisle a choinneáil ar siúl. Seo iad na gníomhartha sonracha atá beartaithe do 2024:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Rochtain Feabhsaithe ar Thacaíocht: Beidh rochtain fheabhsaithe ar chomhairle agus tacaíocht ag scoileanna trína dtairseach tiomnaithe laistigh de StaffCONNECT agus www.lcetb.com. 	<p>Lean Rannóg Scoileanna an BOO ar aghaidh ag cloí leis an dea-chleachtas ó thaobh tacú le scoileanna trí laethanta braisle a reáchtáil. Seo cuid de na gníomhartha sonracha ar tugadh fúthu in 2024:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Bhí scoileanna ábalta teacht ar chomhairle agus ar thacaíochtaí ar thairseach na scoileanna laistigh de StaffCONNECT.

agus fhorbairt na bhfostaithe.

- **Ceannairí Digiteacha a Chumhachtú:** Gheobhaidh fóram na gCeannairí Digiteacha tacaíocht láidir, rud a chuirfidh ar a gcumas fanacht cothrom le dáta agus scileanna nua a fháil chun tionscnaimh foghlama digiteacha a threorú ag leibhéal na scoile.
- **Tacaíocht Shaincheaptha d'Úsáideoirí MS Office 365:** Gheobhaidh scoileanna a úsáideann MS Office 365 cúnaimh saincheaptha chun leas éifeachtach a bhaint as suíomhanna MS SharePoint agus MS Teams.
- **Grúpa Oideachais Google Éireann a Neartú:** Déanfaidh an BOO fóram Ghrúpa Oideachais Google Éireann a fhorbairt tuilleadh chun tacaíocht chuimsitheach a sholáthar do scoileanna laistigh dár BOO agus ar fud na hÉireann.
- **Straitéisí Cianfhoghlama Nuashonraithe:** Déanfar nuashonrú cuimsitheach ar an tsraith tacaíochtaí atá dírithe ar na cleachtais is fearr sa Chianfhoghlaim (CF) a chur chun cinn, ag cinntiú go bhfanfaidh siad ábhartha agus éifeachtach.
- **Rannpháirteachas Rialta le Tuismitheoirí:** Gheobhaidh tuismitheoirí ár bhfoghlaiméirí aiseolas comhsheasmhach ar dhul chun cinn a linbh laistigh de scoileanna.
- **Aistriú chuig Cruinnithe Fíorúla do Thuismitheoirí:** Aistrefar gach cruinniú faisnéise do thuismitheoirí i scoileanna chuig físchomhdháil, ag baint úsáide as ardáin ar nós Zoom, Microsoft Teams, nó Google Meets, nuair is gá.
- **Rannpháirteachas Aiseolais le Foghlaiméirí:** Bunófar rannpháirteachas ghníomhach le foghlaiméirí chun aiseolas a bhailiú agus bonn eolais a chur le feabhas leanúnach agus forbairt clár a threorú.
- Mar thacaíocht d'fhóram na gCeannairí Digiteacha, beidh deiseanna ann measúnú iomlán a fháil agus scileanna nua a fhoghlaim chun ceannaireacht a thabhairt i gcás tionscnaimh um fhoghlaim dhigiteach ar leibhéal na scoile.
- Aon scoileanna a bhaineann leas as MS Office 365, rinneadh tacaíochtaí saincheaptha a thairiscint dóibh fónais suíomhanna MS SharePoint a úsáid dá scoileanna agus do MS Teams.
- Leanfaidh an BOO ar aghaidh le fóram Grúpaí Oideoirí Éireann Google a fhorbairt chun tacú le scoileanna ar fud an BOO seo ag ainne agus ar fud na hÉireann.
- Tugadh faoi nuashonrú ar na bearta tacaíochta atá ar fáil chun an dea-chleachtas a chur chun cinn i gcás straitéisí chun an Chianfhoghlaim a úsáid. Rinneadh nuashonrú orthu de réir mar ba ghá.
- Tugadh aiseolas ar bhonn rialta do thuismitheoirí na bhfoghlaiméirí i scoileanna maidir le dul chun cinn a linbh.
- Cabhraíodh le scoileanna roinnt cruinnithe eolais do Thuismitheoirí a aistriú go cruinnithe físchomhdhála ar Zoom, Microsoft Teams nó Google Meets nuair ba ghá.
- Caidreamh a chothú le foghlaiméirí chun aiseolas a lorg ar ár soláthar agus ár seirbhísí d'fhonn bonn eolais a chur faoina bhfeabhsú agus faoi fhorbairt clár ar bhonn leanúnach.
- Forbairt leanúnach ar www.lcetb.com mar thairseach forbartha foirne do bhaill foirne lonnaithe i scoileanna.
- Cuireadh an seimineár gréasáin bliantúil 'Muintearas inár Scoileanna – Connectedness in our Schools' ar fáil do bhaill foirne uile i scoileanna agus i seirbhísí don aos óg

	<ul style="list-style-type: none"> • Forbairt Leanúnach ar Thairseach Forbartha Foirne: leanfaidh de www.lcetb.com a fhorbairt mar an bpríomhthairseach forbartha foirne do bhaill foirne atá lonnaithe i scoileanna. • Seimineár Gréasáin bliantúil 'Muintearas inár Scoileanna': An seimineár gréasáin bliantúil 'Muintearas inár Scoileanna – Connectedness in our Schools' a reáchtáil le haghaidh foireann uile na scoileanna agus seirbhísí óige de chuid an BOO. • Tionscnamh píolótach a bhunú le Coláiste Pobail amháin chun cleachtais athchóiritheacha a chur i bhfeidhm sa rang chun cultúr meas, freagrachta agus cothú caidrimh a fhorbairt. Cuireann an cur chuige réamhghníomhach seo béim ar dhochar a leigheas, coinbhleachtaí a réiteach, agus caidreamh a chothú arís laistigh de phobal na scoile. In áit díriú go hiomlán ar smachtbhannaí, spreagann cleachtais athchóiritheacha idirphlé, comhbhá agus cuntasacht. <p>Cuireann na gníomhartha seo taca faoi thiomantas Rannóg Scoileanna an BOO timpeallacht oideachais thacúil agus nuálach a chothú d'fhoghlaimoirí agus do bhaill foirne araon sa bhliain amach romhainn.</p>	(ar lean)
	<p>Cinntoidh Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta an BOO go leanfar de dheiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí a thairiscint do bhaill foirne ar gach grád san eagraíocht ina hiomláine in 2024 mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach.</p>	<p>Cuireadh oiliúint ar fáil do gach grád foirne in 2024 mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach. Tugadh tacaíocht don iomaí duine den fhoireann tríd an gciste um Fhorbairt Ghairmiúil Foirne agus trí ardáin FGL mar MOODLE, Privacy Engine, CORE University agus LinkedIn.</p>
	<p>Cuirfear béim shuntasach ar thábhacht na Foghlama agus na Forbartha Gairmiúla, go háirithe i gcomhthéacs feabhas a chur ar scileanna agus saeolas na foirne. Beidh rannpháirtíocht gníomhach i mol Foghlama agus</p>	<p>Bliain ghnóthach eile ab ea 2024 don Fhoghlaim & Forbairt Ghairmiúil ar fud an Choláiste BOaO, agus breis is 180 imeacht uathúil le feiceáil ar ár bhféilire ar a d'fhreastail breis agus 2,500 rannpháirtí. Ina theannta sin, tugadh tacaíocht do 62 ball foirne cláir chreidiúnaithe a chríochnú</p>

Forbartha Gairmiúla agus deiseanna oiliúna ábhartha atá saincheaptha do bhaill foirne BOO i gceist leis seo.

Le linn 2024, soláthróidh **an tSeirbhís Tacaíochta um Fhorbairt Ghairmiúil** i gcomhar le Grúpa Stiúrtha BOaO agus Comhordaitheoirí, deiseanna don fhoireann BOaO lena chinntiú go bhfuil siad ag freastal ar riachtanais foghlaimeoirí ar bhonn leas a bhaint as scileanna agus modheolaíochtaí cuí atá suas chun dáta.

Áireofar ar na bearta a chuirfear i bhfeidhm in 2024:

- Féilire míosúil imeachtaí agus cumarsáide bolscaireachta a chur ar fáil – ina bhfuil sonraí faoi dheiseanna oiliúna do gach ball foirne. Beidh deiseanna i gcomhréir le Cur i bhFeidhm an Chreata Straitéisigh agus réimsí tosaíochta atá leagtha amach i mbeartas náisiúnta agus i gcreataí áitiúla e.g. FCT, DC, Cuimsiú Gníomhach, ARF, Sláinte agus Folláine Mheabhrach, etc.
- Líonra F&FG nua do bhaill foirne riaracháin.
- Tionscnamh Nua Oiliúna maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí
- Idirnáisiúnú Feabhsaithe – lena n-áirítear maoiniú Chlár Soghluaisteachta Foirne Erasmus an AE a úsáid chun deiseanna foghlama agus forbartha gairmiúla thar lear a sholáthar do bhaill foirne.

Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh chomhoibríocha Breisoideachais agus Oiliúna amhail deiseanna a chuirfear i láthair trí Mhol Náisiúnta F&FG BOOÉ.

idir Leibhéal 6 agus 9 agus fuair 29 ball foirne an deis páirt a ghlacadh i soghluaisteacht forbartha gairmiúla idirnáisiúnta.

Cé go bhfuil ár bhféilire gníomhaíochtaí F&FG bunaithe ar réimsí tosaíochta straitéisí, léirítear ann inní múinteoirí agus foirne maidir leis an saol mar atá, chomh maith. I mbliana, cuireadh béim mhór ar Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT), go háirithe Intleacht Shaorga, Foghlaim Chumaisc agus Ar Líne, creidiúnú BCTE, Féinmheastóireacht agus Cuimsiú Gníomhach. Bhí ár bhfoireann féin i gceannas ar chuid mhór den oiliúint, go háirithe ár seirbhísí tacaíochta. Tá teacht ar thuairisciú ar ghníomhaíochtaí F&FG na Seirbhísí Tacaíochta FCT, Cuimsiú Gníomhach agus DC sna codanna ábhartha, agus tá roinnt buaicphointí de thionscnaimh agus imeachtaí tábhachtacha eile F&FG in 2024 luaite thíos.

- D'fhreastail 79 ball foirne ar **Líonrú Forbartha Gairmiúla BCTE 2024**. Bhí an lá dírithe ar 3 réimse, Guth an Fhoghlaimeora - Scéalta ón Seomra Ranga, Creidiúnú BCTE agus Cleachtas Comhroinnte. Ina dhiaidh sin, léiríodh tabhairt isteach agus athbhreithniú clár creidiúnaithe DCCÉ do BCTE mar phríomhthosaíocht do F&FL BCTE don chuid eile den bhliain. Chun tacú leis seo, eagraíodh roinnt seisiún tiomnaithe chun cabhrú le baill foirne ullmhú do sheachadadh na ndámhachtainní nua, lena n-áirítear seisiúin ar DCCÉ BCTE Leibhéal 1 & 2; Lítearthacht BCTE, DCCÉ BCTE Leibhéil 3, 4 & 5.
- Ba garsprioc thábhachtach eile í 2024 i rannpháirtíocht an Choláiste BOaO i **Suaitheantas Digiteach i nDearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF) an Fhórait Náisiúnta Teagaisc agus Foghlama..** Is í

(ar lean)

seo an cúigiú huair a thairgimid an suaitheantas agus an ceathrú huair a ghlacaimid páirt sa chur i bhfeidhm náisiúnta. Ó 2020 i leith, bronnadh Suaitheantas Digiteach Dearaidh Uilíoch ar 92 ball foirne de chuid an Choláiste BOaO, agus fuair 18 ball foirne suaitheantas an Éascaitheora. Fuair 30 rannpháirtí breise ceann amháin nó an ceann eile de na Suaitheantais Dhigiteacha Dearaidh Uilíoch in 2024.

- I mí Feabhra 2024, d'fhreastail 75 ball foirne riaracháin ar Lá Líonraithe F&FL na Foirne Riaracháin. Ba iad cuspóirí na himeachta deis a thabhairt do bhaill foirne ó champais éagsúla bualadh le chéile, agus nascadh agus líonrú a dhéanamh.
 - Aithníodh Excel mar phríomhréimse tosaíochta le haghaidh oiliúna ón tús, agus eagraíodh oiliúint ansin do 45 rannpháirtí sna Ceardlanna Excel do Thosaitheoirí agus do Mhéadaitheoirí Idirmheánacha i gcomhpháirtíocht le Scileanna chun Dul Chun Cinn a Dhéanamh.
 - Ina theannta sin, reáchtáladh ceardlann phraiticiúil le Seirbhís Tacaíochta FCT a bhí dírithe ar conas Intleacht Shaorga (IS) a úsáid chun tacú le tascanna riaracháin. Rinne 20 rannpháirtí iniúchadh ar uirlisí praiticiúla IS, d'fhoghlaim siad faoi úsáid eiticiúil IS, agus fuair siad amach conas leideanna a úsáid go héifeachtach chun an leas is fearr a bhaint as uirlisí IS.
 - Dhírigh dhá sheisiún eolais ón tSeirbhís Tacaíochta um Dhearbhú Cáilíochta ar dheiseanna dár bhfoireann riaracháin creidiúnú

(ar lean)

a bhaint amach trí Aitheantas Réamhfhoghlama (ARF).

- Sheol an tSeirbhís Tacaíochta um Fhoghlaim agus Forbairt Ghairmiúil (STFFG) tionscnamh nua chomh maith chun tacú lenár nDualgas na hEarnála Poiblí agus chuaigh sé i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí oiliúna speisialaithe chun ceardlanna míosúla a thairiscint, ag díriú ar shaincheisteanna comhionannais agus éagsúlachta. Dhírigh na ceardlanna míosúla ar ábhair ar nós: Frithchlaontacht agus Frithchiníochas (ABAR); Teanga Ionchuimsitheach; LADTI – GOSHH; Sábháilteacht Shíceolaíoch; Seimineár Gréasáin Aoisghníomhaíochta; Fianaiseach Gníomhach - prótacail sábháilteachta, agus an tábhacht a bhaineann le gníomhú san ionad oibre agus i suíomhanna pobail.

Tionscadail Idirnáisiúnaithe agus Erasmus

In 2024, leathnaíodh ár gClár Soghluaisteachta Foirne Erasmus Plus, rud a thug deiseanna breise don fhoireann páirt a ghlacadh i dturais shoghluaisteachta tríd ár dTionscadail Creidiúnaithe VET agus Oideachais Aosach. Ghlac 29 ball foirne san iomlán (13 VET agus 16 ADU) páirt sna heispéiris idirnáisiúnta seo, lena n-áirítear freastal ar chúrsaí nó scáthú poist chun tacú lena bhforbairt ghairmiúil.

Ceann de na haidhmeanna atá lenár bPleananna Erasmus ná méadú a fheiceáil ar **dhualgais óstála** agus i mbliana, chuir an Coláiste BOaO fáilte roimh roinnt grúpaí beaga foirne agus foghlaimeoirí ón Ísiltír, ón nGearmáin agus ón bhFrainc chuig an gColáiste BOaO.

2.3 Baill foirne a chothú, a chur chun cinn agus a dhreasú chun páirt a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil leanúnach.

Leagtar amach 14 ghníomh ar leith faoin gceannteideal: Foireann agus FCT i bPlean Gníomhaíochta FCT an Choláiste BOaO. Baineann sé seo le húinéireacht na foirne ar an leas a bhaineann siad as an teicneolaíocht sa teagasc agus san fhoghlaim, agus as a gcuid Foghlaim Ghairmiúil féin. Baineann sé le rannpháirteachas criticiúil maidir le húsáid na teicneolaíochta, comhroinnt taithí agus cuir chuige, agus béim á cur ar réaltacht thaithí saoil Cleachtóirí Foghlama. Baineann sé le taighde, scanadh léaslíne agus glacadh fianaisebhunaithe na teicneolaíochta. Baineann sé le pobail chleachtais agus pobail fiosrúcháin a chur chun cinn i measc cleachtóirí ar fud na ndisciplíní go léir.

In 2024, cinnteoidimid go mbeidh an fhorbairt ghairmiúil ina croíghné den phleanáil a dhéantar ar gach Campas BOaO. Áireofar leis seo próiseas Ionduchtaithe BOaO le creataí ama agus ábhar soiléir.

Baineann ról FCT le scileanna foirne a fhorbairt ionas go mbeidh siad muiníneach agus inniúil in úsáid na teicneolaíochta chun tacú le teagasc agus foghlaim ardchaighdeán a sheachadadh.

I measc phríomhfhorbairtí 2024, tá:

- **Show & TEL:** Is gearrrsheisiúin (30 nóiméad) bheo sheachtainiúla iad Show & TEL ar an gCainéal Show & TEL ar Chrios Foghlama FCT na Rannóige BOaO. A oiread agus is féidir, cuireann baill foirne teagasc na seisiúin seo i láthair ionas go bhféadfaidís a n-eispéireas a bhaineann leis an teicneolaíocht a úsáid lena bhfoghlaimoírí a léiriú. Déantar na seisiúin uile a thairfeadh ionas go mbeidh siad ar fáil le féachaint orthu arís.
- **Crios Foghlama FCT na Rannóige BOaO ar MS Teams:** Baineann pobal an-ghníomhach i gcónaí leis an gCrios Foghlama FCT. Tá 580 ball ann agus bíonn thart ar 50% de na húsáideoirí seo gníomhach san fhoireann gach seachtain.
- **Tionscadal um Measúnú Criticiúil ar Uirlisí FCT:** Oscailte do gach ball foirne BOaO aon uirlis FCT dá rogha féin a mheas i bpobal machnamhach criticiúil. Tá an clár tar éis teacht chun cinn agus tá sé ina chuid lárnach dár bpróiseas píolótach agus ceadaithe uirlisí FCT anois.
- **Iniúchadh ar Thimpeallacht Foghlama Fhíorúil Moodle:** Rinne an Coláiste BOaO iniúchadh cuimsitheach ar a dTimpeallacht Foghlama Fhíorúil (TFF) chun scileanna bonnlíne Moodle a shainathint do bhaill foirne teagasc. Ní hamháin gur leagadh amach inniúlachtaí digiteacha riachtanacha sa phróiseas seo ach leagadh an dúshraith le haghaidh forbairt ghairmiúil struchtúrtha chomh maith.

(ar lean)

- **Lámhleabhar Foirne:** D'fhorbair TELSS lámhleabhar nua um Ionduchtú Digiteach Foirne agus cabhróidh sé le baill foirne nascleanúint a dhéanamh ar na spásanna agus na hacmhainní go léir ar líne agus iad ag cur eolas ar chúrsaí oibre sa Choláiste BOaO.
- **Ceardlanna FCT F&FG Samhraidh/Fómhair:** Idir Bealtaine agus Meán Fómhair 2024, rinneadh 77 ceardlann a sceidealú ar fud ár gCampais Bhreisoideachais agus Oiliúna agus bhí 813 duine i láthair ar an iomlán. Clúdaíodh réimsí ar nós na hintleachta saorga le haghaidh Teagaisc, Foghlaim agus Measúnú, Leagan amach an tSeomra Ranga, Ullmhúchán do Thimpeallacht Foghlama Fhíorúil (TFF), Scéalaíocht Dhigiteach & Measúnú & Uirlisí FCT.
- **Cruinnithe na Seaimpíní Digiteacha:** Chomh maith le cruinnithe rialta ar líne leis an líonra Seaimpíní Digiteacha, tugadh Seaimpíní Digiteacha ó na campais uile le chéile le haghaidh cruinnithe duine le duine ar Champas Bhóthar Chill Mocheallóg agus ar Champas an Ráithín.

	<p>Chun tacú le clár foghlama cumaisc ardchaighdeáin a fhorbairt, dhear an BOO Clár Iasachta Foghlama Cumaisc atá á sheachadadh acu, agus naonúr ball foirne ag glacadh páirte ann. Is infheistíocht uathúil don BOO an infheistíocht seo i bhforbairt foirne agus cuirfidh sí sinn i dtús cadhnaíochta san earnáil.</p> <p>In 2024, cuirfidh an Coláiste BOaO an Creat Cáilíochta DCCÉ nua i bhfeidhm do Chláir Chumaiscthe agus cláir atá go hlomlán Ar Líne chun cáilíocht an tsoláthair BOaO cumaisc agus ar líne a chinntiú.</p>	<p>Tháinig an Clár Dearaidh Foghlama Cumaisc chun deiridh i mí na Bealtaine 2024. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár, rinneadh é a athdhearadh mar shraith suaitheantais lena n-áirítear suaitheantas an Bhuneolais ar Dhearadh Foghlama Cumaisc agus go hiomlán ar Líne agus suaitheantas Dearaidh Ranga Fíorúla. Seoladh an cúrsa micridhintiúr seo le suaitheantas F&FG i mí an Mheithimh 2024 agus thosaigh 23 cleachtóir foghlama BCTE ag obair i dtreo na suaitheantas a bhaint amach. Faoi Mheán Fómhair 2024, bhí Suaitheantas an Bhuneolais curtha i gcrích ag 20 cleachtóir foghlama agus bhí Suaitheantas Dearaidh Ranga Fíorúil curtha i gcrích ag 11 den ghrúpa. Ina theannta sin, forbraíodh Straitéis nua an Fhoghlaim Chumaisc agus Go hlomlán Ar Líne agus foilseofar beartais ghaolmhara agus beartais in 2025.</p>
	<p>Deiseanna don Fhorbairt Phearsanta in 2024. Ar na bearta a chuirfear i bhfeidhm in 2024, beidh na cinn seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Tacaíocht bhreise a chur ar fáil do phríomhoidí agus do leas-phríomhoidí nuacheaptha mar chuid de chlár meantóireachta Cheannairí Scoileanna an BOO. • Próiseas promhaidh i bhfeidhm maidir le gach príomhoide, leas-phríomhoide agus múinteoir i ngach scoil, de bhreis ar Chláir Dearbhaithe Cáilíochta an Chláir Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí. • Oiliúint bhreise agus plean tacaíochta a chur chun feidhme do Cheannairí Curaclaim, do chomhordaitheoirí ar Cheannaireacht ar Fhorbairt na Scoile agus do Cheannairí Digiteacha. 	<p>Tionscnaimh Forbartha Gairmiúla 2024</p> <p>In 2024, thug Rannóg Scoileanna BOO Luimnigh agus an Chláir tús áite do dheiseanna cuimsitheacha forbartha gairmiúla, lena n-áirítear na príomhghníomhartha seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Clár Meantóireachta Ceannairí Scoile: Tacaíocht fheabhsaithe a chur ar fáil do phríomhoidí agus do leas-phríomhoidí nuacheaptha mar chuid de chlár meantóireachta Ceannairí Scoile an BOO. • Promhadh agus Dearbhú Cáilíochta: Reachtáladh an próiseas promhaidh don phríomhoide, don leas-phríomhoide agus don mhúinteoir i ngach scoil, mar aon le Cláir Dearbhaithe Cáilíochta an Chláir Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (NIPT). • Oiliúint Ceannaireachta Spriocdhírthe: Oiliúint bhreise agus plean tacaíochta curtha chun feidhme do Cheannairí Curaclaim, do chomhordaitheoirí ar

- Forbairt leanúnach a dhéanamh ar Fhóram Comhordaitheoirí Idirbhliana chun tacú leis an gclár Idirbhliana.
- Múinteoirí a fhorbairt tuilleadh mar cheannairí i réimsí amhail an curaclam, cúrsaí digiteacha, ionchuimsiú agus tacaíocht do scoláirí.
- An clár athbhreithnithe ó phlean forbartha gairmiúla do scoileanna na Foirne Tacaíochta a chur chun feidhme, ina n-áireofar:
 - Tacaíocht do Scoileanna DEIS.
 - Forbairt Ghairmiúil maidir leis an Éiteas a chur chun cinn i scoileanna.
 - Acmhainní agus uasoiliúint le haghaidh Ranganna Speisialta.
 - Clár forbartha gairmiúla do scoileanna maidir le Guth na nDaltaí.
 - Oiliúint Chomhairle na nDaltaí do Líonra Corpoideachais agus Tacaíochta Folláine scoileanna, i gcomhar le hAontas Mac Léinn Dara Leibhéal na hÉireann (ISSU).

Leanfaimid orainn ag cur rannpháirteachas in F&FG chun cinn agus ag soláthar acmhainní dó.

Úsáidfear buiséad F&FG chun íoc as imeachtaí foirne, costais oiliúnóirí, táillí cúrsa, agus costais foirne páirtaimseartha a íoc nuair is gá.

Cuirfear an fhoireann ar an eolas faoi thacaí amhail Ciste Forbartha Foirne AD agus teidlíochtaí Saoire Staidéir chun glacadh le F&FG a chur chun cinn.

Cheannaireacht ar Fhorbairt na Scoile agus do Cheannairí Digiteacha.

- **Forbairt na hIdirbhliana:** Leanadh le forbairt Fhóram Chomhordaitheoirí na hIdirbhliana chun clár na hIdirbhliana a neartú.
- **Forbairt Ceannaireachta Múinteoirí:** Rinneadh múinteoirí a fhorbairt tuilleadh mar cheannairí i réimsí tábhachtacha, lena n-áirítear curaclam, scileanna digiteacha, cuimsitheacht, agus tacaíocht do dhaltaí.
- **Forbairt Ghairmiúil Athbhreithnithe na Foirne Tacaíochta:** Cuireadh clár athbhreithnithe forbartha gairmiúla na Foirne Tacaíochta i bhfeidhm do scoileanna, lena n-áirítear:
 - Tacaíocht do Scoileanna DEIS.
 - Forbairt Ghairmiúil maidir leis an Éiteas a chur chun cinn i scoileanna.
 - Acmhainní agus uasoiliúint le haghaidh Ranganna Speisialta.
 - clár forbartha gairmiúla do scoileanna maidir le Guth na nDaltaí.
 - oiliúint um Chomhairle na nDaltaí do Líonra Corpoideachais agus Tacaíochta Folláine scoileanna, i gcomhar le hAontas Mac Léinn Dara Leibhéal na hÉireann (ISSU).
- **Seimineáir um Meáncheannaireacht:** Eagraíodh trí sheimineáir ar líne d'fhoirne Ceannaireachta & Bainistíochta Scoileanna BOO, ag díriú ar chastacht na Meáncheannaireachta, agus teoiric dea-chleachtais agus foghlaim ó thaithí mar bhonn taca aici, chun inniúlacht agus muintín a fheabhsú ó thaobh athruithe scoile a bhainistiú.

(ar lean)

- **Scoil Samhraidh BOOÉ do Mheáncheannairí** - Chuir Scoil Samhraidh BOOÉ do Mheáncheannairí ardán luachmhar ar fáil d'fhorbairt ghairmiúil, ag díriú ar scileanna ceannaireachta a fheabhsú agus comhoibriú a chothú i measc meáncheannairí laistigh de scoileanna BOO. Trí mheascán de cheardlanna, seimineáir, agus deiseanna líonraithe, rinne rannpháirtithe iniúchadh ar na cleachtais is fearr i gceannaireacht oideachais, ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin chomhaimseartha agus ag cur cuir chuige nuálacha chun cinn maidir le feabhsú scoile. Bhí ról lárnach ag Rannóg Scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ó thaobh an imeachta seo a reáchtáladh in Ollscoil Luimnigh a eagrú.
- **Muintearas inár Scoileanna - Connection in our Schools:** Rinneamar seimineár ar líne a éascú le Shane Martin i mí na Samhna 2024, ag tabhairt aitheantais dá gcuid oibre agus dá dtiomantas den scoth. Bhí sé mar aidhm ag an seisiún iontach spreagúil seo braistint chómhuintearais a chothú laistigh dár scoileanna.
- Forbairt agus chur chun cinn feachtais mhargaíochta
- F&FG leanúnach maidir le ARF: I mí Feabhra agus Márta 2024, cuireadh seisiúin ARF F&FG inmheánacha ar fáil do 11 ball foirne de chuid an BOO. Ina theannta sin, cuireadh Ceardlann Faisnéise ARF ar fáil do Bhainisteoirí BOaO i mí na Bealtaine 2024.
- Rinneadh tionscadail ARF a sheachadadh d'fhoghlaimoírí agus do bhaill foirne an Choláiste BOaO araon. Áiríodh orthu seo ARF do thionscadal bhaill foirne Riaracháin BOaA.

I bPlean Seirbhíse 2024, tá Rannóg na Scoileanna tiomanta do cheannaireacht agus saineolas a chothú laistigh de phobail scoile trí ghníomhartha straitéiseacha:

- **Fóraim um Cheannaireacht Inbhuanaithe:** Leanúint de chruinnithe Fhóram na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí a eagrú ar bhonn rialta i rith 2024.
- **Ceannaireacht Dháilte a Chur Chun Cinn:** Tacaíochtaí a chur i bhfeidhm do cheannaireacht dháilte ag na leibhéil chúí, ag cinntiú go mbeidh Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí páirteach go gníomhach i ngach cruinniú de chuid na gCeannairí Scoile.
- **Oiliúint Meantóireachta:** Seisiúin oiliúna a reáchtáil do Phríomhoidí agus do Leas-Phríomhoidí meantóireachta chun comhoibriú a dhéanamh le ceannairí nuacheaptha in 2024..
- **Meáncheannairí a Chumhachtú:** Clár ar líne a fhorbairt agus a sheachadadh do Mheáncheannairí i gcomhpháirtíocht le Scoil Oideachais Ollscoil Luimnigh, atá saincheaptha do Phríomhoidí Cúnta ar fud an líonra scoile.
- **Comhroinnt Faisnéise Comhoibríoch:** Leanúint de ghrúpa poist a fhorbairt do Phríomhoidí Cúnta chun ábhar iomchuí a mhalartú ar cheisteanna ceannaireachta, rud a chothóidh comhoibriú agus comhroinnt eolais.

Deiseanna Rannpháirteachais Náisiúnta: Foireann scoile a éascú chun páirt ghníomhach a ghlacadh i bhFóraim Náisiúnta amhail Líonra Príomhoidí BOOÉ, Comhdháil Bhliantúil Oideachais do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí, agus Clár Ionductaithe BOOÉ do

In 2024, thacaigh Rannóg Scoileanna BOO Luimnigh agus an Chláir go gníomhach le pobail scoile chun ceannaireacht agus saineolas a fhorbairt trí na tionscnaimh thábhachtacha seo a leanas:

- **Fóram na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí:** Eagraíodh cruinnithe fóraim ar bhonn rialta i rith na bliana, rud a chuir ardán ar fáil le haghaidh comhoibrithe agus comhroinnte eolais.
- **Tacaíocht do Cheannaireacht Dháilte:** Cuireadh bearta i bhfeidhm chun tacú le samhlacha ceannaireachta dáilte, ag cinntiú go mbeadh Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí araon páirteach i ngach cruinniú de chuid Cheannairí Scoile.
- **Oiliúint Mheantóireachta:** Cuireadh oiliúint ar fáil do Phríomhoidí agus do Leas-Phríomhoidí, rud a chuir ar a gcumas tacú go héifeachtach le comhghleacaithe nuacheaptha.
- **Clár na Meáncheannairí:** Eagraíodh clár ar líne do Mheáncheannairí, a forbraíodh i gcomhar le Scoil Oideachais Ollscoil Luimnigh, agus cuireadh ar fáil é do Phríomhoidí Cúnta ar fud líonra na scoile.
- **Líonra na bPríomhoidí Cúnta:** Leanadh ar aghaidh le grúpa poist a fhorbairt do na Príomhoidí Cúnta uile, rud a éascaíonn comhroinnt ábhar ceannaireachta ábhartha.
- **Fóram Náisiúnta Rannpháirtíochta:** Tugadh tacaíocht d'fhoireann scoileanna a bheith páirteach i bhFóraim Náisiúnta, lena n-áirítear Líonra Príomhoidí Bhord Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ), an Chomhdháil Oideachais Bhliantúil do Phríomhoidí agus Leas-phríomhoidí agus Clár Ionductúcháin BOOÉ do Phríomhoidí agus Leas-phríomhoidí nua.

	<p>Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí nua, ag cur rannpháirteachais agus malartú eolais chun cinn go ginearálta ar fud an tírdhreacha oideachais.</p>	<p>(ar lean)</p>
<p>2.4 Ár luachanna ceannaireachta, cóitseála agus meantóireachta a chothú agus a spreagadh mar chultúr dár bhfoireann go léir.</p>	<p>Tá struchtúr Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta an BOO ceaptha chun ceannaireacht agus nuáil a chur chun cinn i measc na mball foirne de gach grád. Le linn 2024, leanfar den chleachtas cruinnithe struchtúrtha foirne rialta a eagrú sna rannóga féin agus ar fud na hearnála. Cuirfear na bearta breise seo a leanas i gcrích in 2024 freisin:</p> <p>Tacú le rannpháirtíocht foirne i bhfóirí, líonraí agus grúpaí oibre náisiúnta éagsúla, rud a éascóidh an deis, beartais agus nósanna imeachta a fhorbairt, chomh maith le dea-chleachtas a bhrú chun tosaigh.</p>	<p>In 2024, rinneadh ionadaíocht Foirne ag cruinnithe fóram BOOÉ ar AD, Airgeadas, Rialachas Corparáideach, Cosaint Sonraí/Saoirse Faisnéise agus Comhlíonadh Rialachais agus Cibearshláid.</p> <p>Tagann na grúpaí seo le chéile go rialta ar líne agus go pearsanta chun dea-chleachtas a roinnt, cur leis an dea-chleachtas agus bonn eolais a chur faoi.</p> <p>Ghlac baill foirne na Rannóige um Bainistíocht Aeráide, Caipitil & Eastáit páirt san Fhóram Soláthair náisiúnta agus san Fhóram Foirgneamh araon.</p> <p>Bhí foireann an BOO i dteagmháil leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR), an tSeirbhís Soláthair Oideachais (SSO) agus BOOanna eile ar thairiscintí náisiúnta agus earnálacha le linn 2024.</p> <p>Bhí foireann an BOO i dteagmháil le OSR, SSO agus BOOanna eile maidir le tairiscintí náisiúnta agus earnálacha.</p> <p>Tá roinnt ball foirne ainmnithe ag an BOO chun oibriú le grúpaí oibre náisiúnta leis an tSeirbhís Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO) i réimsí an Phárolla agus na bPinsean chomh maith.</p>

2.5 Plean Gníomhaíochta Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe a chur i bhfeidhm, mar chuid dár nDualgas Earnála Poiblí.

Is gá a chinntiú gur bonn eolais atá sa Tuarascáil Mheasúnachta atá againn a foilsíodh in 2021 agus go ndéanfar í a dhaingniú mar chuid de na príomhphointí i dtráthchlár pleanála agus athbhreithnithe Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.

Tá sé beartaithe ag Grúpa Oibre Dualgas Earnála Poiblí an BOO an measúnú seo a athbhreithniú agus a nuashonrú lena chinntiú go bhfuil sé i gcomhréir le dúshláin chomhaimseartha agus le dea-chleachtais i réimse an chomhionannais agus chearta an duine.

Déantar athbhreithniú ar an gcáipéisíocht ar fad a bhaineann le cúrsaí pleanála agus athbhreithnithe lena chinntiú go dtéitear i ngleic go leordhóthanach agus go hiomchuí le gach ceann de na saincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine arna sainaitheint sa Tuarascáil Measúnaithe (arna foilsiú in 2021). Áiríodh i ngach gníomhaíocht phleanáilte forálacha a bhíonn contrártha uaireanta lenár luachanna comhionannais agus chearta an duine nó i gcoinne freagairt éifeachtach ar na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a sainaitheint.

Sa bhliain 2024, rinneadh **Creat Tacaíochta Foghlaimoirí an Choláiste BOaO** a nuashonrú chun cur chuige iomlánaíoch a leagan amach maidir le tacú le foghlaimoirí ar fud Champais BOaO, ag freastal ar riachtanais acadúla, sóisialta agus forbartha pearsanta. Leagann sé béim ar chuimsiú digiteach, ar shláinte mheabhrach agus ar fholláine chun a chinntiú gur féidir le gach foghlaimoir a lánacmhainneacht a bhaint amach.

Ina theannta sin, táirgtear doiciméad nua dar teideal **'Measúnú ar Shaincheisteanna faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí**. Sa mheasúnú cuimsitheach seo, aithnítear dúshláin agus deiseanna do dhaoine ó na naoi gcúis agus míbhuntáiste socheacnamaíoch (the 10^ú foras) a bhaineann le hoibleagáidí an BOO faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí. Feidhmíonn an foilseachán mar acmhainn luachmhar don fhoireann chun comhlíonadh a chinntiú agus prionsabail chomhionannais á leabú i gcleachtas laethúil ag an am céanna.

Tacóidh **Rannóg Scoileanna an BOO** le timpeallacht oibre dhearfach thacúil in 2024 trí fhorbairt leanúnach a dhéanamh ar ghrúpaí comhairleacha chun tacaíocht a sholáthar sna príomhréimsí seo a leanas:

- Comhlíonadh iomlán a chinntiú leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (leasaithe 2023)
- An Clár Rioscaí, lena n-áirítear Cumhdach.
- Sábháilteacht agus Sláinte.
- Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO).
- Scoileanna lán-Ghaeilge.
- Tuismitheoirí agus Caomhnóirí.
- An Fhoghlaim Dhigiteach.
- An Curaclam, lena n-áirítear Teagasc agus Foghlaim.
- Plé leanúnach leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.
- Sraith seimineár gréasáin ar líne do thuismitheoirí/foireann i rith na bliana scoile chun tacú le folláine.

In 2024, thug Rannóg Scoileanna BOO Luimnigh agus an Chláir tús áite do thimpeallacht oibre dhearfach agus thacúil a fhorbairt, chomh maith le folláine na ndaltaí agus na foirne a chinntiú. I measc na bpríomhghníomhartha, tá na cinn seo a leanas:

- **A Comhlíonadh le Cosaint Leanaí:** Coinníodh comhlíonadh iomlán leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna, 2017.
- **Forbairt an Ghrúpa Chomhairligh:** Leanadh le grúpaí comhairleacha a fhorbairt chun tacaíocht a sholáthar i réimsí ríthábhachtacha, lena n-áirítear:
 - Clár Rioscaí, lena n-áirítear Cumhdach.
 - Sábháilteacht agus Sláinte.
 - Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO).
 - Scoileanna lán-Ghaeilge
 - Tuismitheoirí agus Caomhnóirí.
 - An Fhoghlaim Dhigiteach.
 - An Curaclam, lena n-áirítear Teagasc agus Foghlaim.
- **Rannpháirteachas leis an tSeirbhís Síceolaíochta Náisiúnta Oideachais:** Coinníodh rannpháirteachas leanúnach leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.
- **Seimineár Gréasáin Folláine:** Reáchtáladh sraith seimineár gréasáin ar líne do thuismitheoirí agus do bhaill foirne i rith na bliana scoile, ag díriú ar thacú le folláine.
- **Cur chun Feidhme na Folláine:** Rinneadh comhoibriú leis an Roinn Oideachais agus lena Seirbhísí Tacaíochta chun Creat Cleachtais na Roinne Oideachais um Fholláine i Scoileanna a chur

	(ar lean)	chun cinn agus tacaíocht a thabhairt d'fholláine daltaí.
	<p>I Meán Fómhair 2021, mar chuid de Chéim an Mheasúnaithe atá againn mar chuid de Dhualgas na hEarnála Poiblí, d'fhoilsigh an BOO ár measúnú ar na saincheistanna maidir le cearta an duine agus maidir leis an gcomhionannas ó na 9 bhforas a bhíonn roimh pháirtithe leasmhara agus rompu siúd a bhíonn ag tabhairt faoin míbhuntáiste socheacnamaíoch. <u>Tuarascáil Measúnaithe BOO Luimnigh agus an Chláir ar Dhualgas na hEarnála Poiblí (lcebtb.ie).</u></p> <p>Mar fhreagairt, is é is aidhm le Coláiste BOaO an BOO a chinntiú, a oiread agus is féidir go praiticiúil, go dtugtar na bearta tacaíochta ar leith do gach foghlaimeoir a chuirfidh ar a gcumas dóibh páirt iomlán a ghlacadh sna deiseanna oideachais atá ar fáil dóibh.</p> <p>De réir Dhualgas na hEarnála Poiblí, éilítear ar an BOO breathnú ar a obair féin chun saincheistanna a bhaineann le Comhionannas agus Cearta an duine a dhaingniú i bpróisis phleanála agus tuairiscithe an bhoird agus Measúnú, Réiteach agus Tuairisciú a thabhairt ina leith sin.</p>	<p>Leanadh ar aghaidh le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcáipéisíocht ar fad a bhaineann le cúrsaí pleanála lena chinntiú go dtéitear i ngleic go leordhóthanach agus go hiomchuí le gach ceann de na saincheistanna a bhaineann le comhionannas agus cearta an duine. Áiríodh i ngach gníomhaíocht phleanáilte forálacha a bhíonn contrártha uaireanta lenár luachanna comhionannais agus chearta an duine nó i gcoinne freagairt éifeachtach ar na saincheistanna comhionannais agus chearta an duine a sainaithníodh.</p> <p>Sa bhliain 2024, rinneadh Creat Tacaíochta Foghlaimeoirí an Choláiste BOaO a nuashonrú chun cur chuige iomlánaíoch a leagan amach maidir le tacú le foghlaimeoirí ar fud Champais BOaO, ag freastal ar riachtanais acadúla, sóisialta agus forbartha pearsanta. Leagann sé béim ar chuimsiú digiteach, ar shláinte mheabhrach agus ar fholláine chun a chinntiú gur féidir le gach foghlaimeoir a lánacmhainneacht a bhaint amach.</p> <p>Ina theannta sin, táirgtear doiciméad nua dar teideal 'Measúnú ar Shaincheistanna faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí. Sa mheasúnú cuimsitheach seo, aithnítear dúshlán agus deiseanna do dhaoine ó na naoi gcúis agus míbhuntáiste socheacnamaíoch (the 10^ú foras) a bhaineann le hoibleagáidí an BOO faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí. Feidhmíonn an foilseachán mar acmhainn luachmhar don fhoireann chun comhlíonadh a chinntiú agus prionsabail</p>

	(ar lean)	chomhionannais á leabú i gcleachtas laethúil ag an am céanna.
	Tosaíocht FET: A chinntiú go bhfuil gach ball foirne BOaO ar an eolas faoinár bhfreagrachtaí faoi Dhualgas Earnála Poiblí ár BOO atá leagtha amach inár n-acmhainní lena n-áirítear Creat agus Plean Gníomhaíochta Dhualgais na hEarnála Poiblí Measúnú ar Shaincheisteanna um Chearta an Duine agus Comhionannas Próiseas Chur Chun Feidhme Dhualgas na hEarnála Poiblí.	<p>Sheol STFFG tionscnamh nua chun tacú lenár nDualgas na hEarnála Poiblí agus chuaigh sé i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí oiliúna speisialaithe chun ceardlanna míosúla a thairiscint, ag díriú ar shaincheisteanna comhionannais agus éagsúlachta. Ba é príomhchuspóir na seisiún seo feacht agus tuiscint ar chomhionannas agus éagsúlacht a mhéadú i measc ár bhfoirne, agus ár gcumas foghlaim chuimsitheach a chruthú a fheabhsú. Dhírigh na ceardlanna míosúla ar ábhair ar nós: Frithchlaontacht agus Frithchiníochas (ABAR); Teanga Ionchuimsitheach; LADTI – GOSHH; Sábháilteacht Shíceolaíoch; Seimineár Gréasáin Aoisghníomhaíochta; Fianaiseach Gníomhach - prótacail sábháilteachta, agus an tábhacht a bhaineann le gníomhú san ionad oibre agus i suíomhanna pobail.</p> <p>Bhí na seisiúin oiliúna seo oscailte do gach ball foirne, lena n-áirítear cleachtóirí foghlama, comhordaitheoirí, foireann seirbhísí tacaíochta, riarthóirí, agus foireann chúnta. Bhain éagsúlacht leo ó thaobh faid agus formáide de, idir sheisiúin ar líne agus sheisiúin aghaidh ar aghaidh. Is é an aidhm atá againn ná an tionscnamh seo a fhorbairt tuilleadh in 2025 leis an dóchas go gcomhlánóidh sé agus go dtacóidh sé leis an obair atá ar bun ag forálacha agus seirbhísí tacaíochta féin maidir le cuimsiú.</p>

2.6 A chinntiú go bhfuil gach foirgneamh BOO ar an gcaighdeán is airde do chách.

Leanfaidh Rannóg Aeráide, Caipitil & Bainistíochta Eastáit an BOO den Chlár Infheistíochta Caipitiúla Ilbhliantúil a chur i bhfeidhm i ngach Scoil agus Ionad ar fud BOO in 2024 lena chinntiú go mbeidh rochtain ag daltaí, foghlaimeoirí agus baill foirne ar na háiseanna oideachais is airde cáilíochta. Beidh infheistíocht chaipitiúil shuntasach i Scoileanna agus i gColáistí FET i gceist leis seo.

Le linn 2024, leanfaidh an Rannóg Aeráide, Caipitil agus Bainistíochta Eastáit an BOO ar aghaidh le timthriall pleanáilte feabhsúcháin ar shaoráidí trí Scéim na nOibreacha Samhraidh, Scéim na nOibreacha Éigeandála (an Roinn Oideachais & RBATNE) agus an Clár Caipitil Spóirt i láithreacha éagsúla.

Achoimre ar Ghnóthachtálacha 2024:

- Leanadh ar aghaidh le forbairt dearaidh do na Scoileanna Náisiúnta Pobail nua ar láithreáin úrnua do Choill an Ráithín agus Mol an Óige.
- Cuireadh Gaelcholáiste Luimnigh nua i gcrích i mí Eanáir 2024.
- Cuireadh an Coláiste Pobail nua i Mungairit i gcrích i mí Lúnasa 2024.
- Cuireadh síneadh nua le Coláiste Pobail Thuamhan i mí Eanáir 2024.
- Fuarthas cead pleanála don síneadh le Gaelscoil Mhíchíl Uí Chíosóg, Inis. Próiseas tairiscintí ar siúl. Ag obair leis an bhFoireann Dearaidh maidir le tosú ar an suíomh i R3 2025.
- Leanadh ar aghaidh in 2024 leis an bpróiseas tairisceana chun Scoil Náisiúnta nua Mhóin a thógáil agus tá conraitheoir le tosú ar an suíomh in 2025.
- Cuireadh tús le Gaelscoil Donncha Rua i Sionainn a thógáil agus táthar ag súil go mbeidh sí críochnaithe i R1 2026
- Chuir Foireann Dearaidh tús leis an bpróiseas dearaidh don síneadh ar Choláiste Chaladh an Treoigh. Céim 1 ceadaithe ag an Roinn Oideachais in 2024.
- Scoil Náisiúnta Naomh Bríd, Luimneach ceadaithe, agus conraitheoir ceaptha faoi chreat seachadta Modúlach na Roinne Oideachais. Críochnú na Tógála, R2 2025.
- Foirne Dearaidh agus conraitheoirí a bhunú do chlár seachadta Modúlach ASA do Choláiste na Trócaire, Coláiste na Collchoille agus Coláiste Pobail na Scairbhe.

(ar lean)

- Scoil Speisialta Pobail Luimnigh nua a bhunú agus an phleanáil chun seanfhoirgneamh Choláiste Pobail Mhungairit a úsáid don chéad chéim eile de leathnú na scoile.
- Leanadh ar aghaidh le dearadh agus pleanáil na síntí le Coláiste Pobail Naomh Eoin Bosco agus Coláiste Pobail Naomh Mícheál i rith 2024.

Chomh maith leis na Mórthionscadail thuasluaite, seo a leanas achoimre ar ghnóthachtálacha eile in 2024:

- Críochnaíodh agus cuireadh chun cinn tionscadail éagsúla Oibreacha Samhraidh agus Oibreacha Éigeandála mar a shonraítear níos luaithe sa Tuarascáil.
- Ceadaíodh maoiniú Caipitil Spóirt in 2024 chun áiseanna i gColáiste Pobail Inse, Coláiste Pobail na Scairbhe agus Coláiste Pobail Thuamhan a fhorbairt.
- Cuireadh an BOO san áireamh sa dara céim de Chlár Fótvoltach Scoileanna na Roinne Oideachais. Faoin scéim seo, bainfidh bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna an BOO leas as 6kWp de ghrianfhótvoltach ar an díon agus córas monatóireachta.
- D'iarr an Roinn Oideachais ar BOO Luimnigh agus an Chláir gníomhú mar chliant agus ceannaire riaracháin do Thionscadal Re-power EU do na suirbhéanna ar an tionscadal €81 milliún seo do na 40 scoil rannpháirteacha.

Ina theannta sin, thacaigh Rannóg Caipitil an BOO le tionscadail tógála scoileanna neamh-BOO in 2024, lena n-áirítear:

- Scoil Náisiúnta Mhuire, Luimneach.

	(ar lean)	<ul style="list-style-type: none"> • Coláiste na Sailéiseach, Pailís Chaonraí. • Scoil Chuimsitheach Naomh Pádraig, Sionainn. <ul style="list-style-type: none"> • Coláiste San Cleimint, Luimneach. • Gaelscoil Uí Choimín, Cill Rois.
	<p>In 2024, leanfaidh an Coláiste BOaO ar aghaidh lena shaoráidí a fhorbairt chun timpeallacht teagaisc agus foghlama atá fabhrach agus nua-aimseartha a chruthú, ag tacú le seachadadh éifeachtach, ag cothú rannpháirteachais le foghlaimeoirí, agus ag cinntiú ábharthacht, fás agus iomaíochas an BOO.</p> <p>In 2023, d'fhógair na hAirí Harris agus Collins maoiniú caipitil €8 milliún do na 16 Bord Oideachais agus Oiliúna mar chuid d'infheistíocht leanúnach Thionscadal 2040 san earnáil bhreisoideachais agus oiliúna (BOaO). Tabharfaidh an deontas caipitil díláraithe, a dháiltear trí SOLAS, an rogha do na BOOnna cinní a dhéanamh maidir le tosaíochtaí infheistíochta FET ar scála beag ar an leibhéal áitiúil. Is féidir an maoiniú a úsáid le haghaidh mionoibreacha, lena n-áirítear bonneagar riachtanach agus oibreacha feabhsúcháin agus chun trealamh a cheannach.</p> <p>Foilseofar tairiscint chun 2 Cheardlann nua Cearpantóireachta agus Siúinéireachta a fhorbairt i gCampas an Ráithín in 2024.</p> <p>Cuirfidh an Bá Tógála nua, atá á fhorbairt faoi láthair ag an gCampas Nuálaíochta Glas, feabhas ar an soláthar i gcomhréir leis na gealltanais náisiúnta sa Straitéis Tithíochta do Chách agus sa Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta.</p>	<p>Chuir an méadú ollmhór maoinithe caipitil de 194% go €4.6m in 2024 le dul chun cinn scileanna tógála an Choláiste BOaO chun ár n-áiseanna BOaO a uasghrádú.</p> <p>I measc na bhfeabhsuithe nua in 2024, bhí na cinn seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Forbairt na Ceardlainne Ceirdeanna Fliucha nua ar Champas Acadamh Óige Mhaigh Rois. • Críochnú an Bhá Tógála nua ag an gCampas Nuálaíochta Glas. • I mí na Bealtaine 2024, reáchtáladh coimisiúnú agus oiliúint d'oidoírí ar an SMC M&I - 400 i mí na Bealtaine ar Champas an Ráithín. An chéad cheann dá leithéid in Éirinn, is píosa nua trealamh oiliúna é a úsáidtear chun teicneolaíochtaí uathoibríthe tionsclaíochta a insamhladh a d'úsáidfidh i dtionscal déantúsaíochta uathoibríthe nua-aimseartha. • Fuair Campas Shionainne Insamhlóir Eitilte Boeing 737 Max a chuireann áiseanna oiliúna den scoth ar fáil do bhaill foirne agus d'fhoghlaimeoirí a chabhróidh tuilleadh lenár stádas mar Ionad Barr Feabhais Eitlíochta in Éirinn a neartú.

	<p>Cuirfidh an Coláiste BOaO plan i bhfeidhm chomh maith chun Scoil Inis Díomáin a athfhorbairt le linn shamhradh 2024 chun campas tiomnaithe a dhéanamh de le haghaidh blasranganna Idirbhliana do scoileanna an Chláir.</p>	<p>(ar lean)</p>
	<p>Bonneagar Breisoideachais agus Oiliúna: Tá 28 Coláiste agus Ionad BOaO ag an BOO. An-chuid de na foirgnimh sin, is go luath san fhichiú haois a tógadh iad agus tá athchóiriú suntasach agus deisiúcháin agus cothabháil leanúnach de dhíth orthu. Fágann sé go bhfuil gá le clár leantach deisiúcháin agus athfhorbartha, agus bíonn tionscadail ar leith á gcur chun tosaigh chun freagairt do pé riachtanais atá ann.</p> <p>Le linn 2024, cuirfear na tionscadail bhonneagair seo a leanas chun cinn:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ionad BOaO, Ascaill Uí Chonaill: Chun Cuid M a chomhlíonadh, is gá ardaitheoir a shuiteáil laistigh den fhoirgneamh, mar aon le rampaí rochtana seachtracha do chathaoireacha rothaí. • Dul chun cinn feabhsuithe éagsúla ar Champas Ráithín, lena n-áirítear uasghráduithe ar áiseanna leithris agus acmhainn bhreise printíseachta. • Réiteach cóiríochta fadtéarmach a fhorbairt do Champas na Sionainne. • Dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadail SIUF ar Champas Shráid Mulgrave agus ar Champas na Scairbhe. • Tús a chur le tionscadal Choláiste na Todhchaí ar shuíomh BOO an Chaisleáin Nua. 	<p>In 2024, chuir an Coláiste BOaO Réamh-Chás Gnó beacht faoi bhráid SOLAS le haghaidh forbairt Choláiste na Todhchaí sa Chaisleán Nua ar fiú €50 milliún é, toisc gur roghnaíodh an Caisleán Nua mar cheann de 10 suíomh do thionscadail den sórt sin mar chuid de straitéis an Rialtais maidir le ‘Coláistí na Todhchaí’. D’fhógair an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Patrick O’Donovan, go bhfuair Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir cead dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim réamhthairisceana eile den fhorbairt. Tabharfaidh an Coláiste BOaO comhtháite aghaidh ar an ngá atá le saoráid láraithe a thacaíonn le foghlaimoírí agus le tionscail áitiúla araon.</p> <p>Cuireadh tús in 2024 leis na tionscadail tógála seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Rinneadh uasghrádú ar na háiseanna leithris ar Champas an Ráithín. • Reáchtáladh cruinnithe éagsúla le foireann na Roinne agus SOLAS chun réiteach fadtéarmach cóiríochta a chur chun cinn ar Champas Shionainne. • Reáchtáladh roinnt cruinnithe le foireann SOLAS chun tionscadail faoin gCiste Uasghrádaithe Bonneagar Straitéisigh a chur chun cinn ar Champas Shráid Mulgrave agus ar Champas na Scairbhe araon.

	<ul style="list-style-type: none"> • Cóiríocht shealadach a athsholáthar ar champas an Chaisleáin Nua. • Oibreacha sláinte agus sábháilteachta, agus uasghráduithe ar an seomra ealaíne ar Champas na Ceapaí Móire. • Leagadh an halla spóirt ar Champas an Ospidéil. • Suiteáladh 5 cheardlann leictreacha agus oibreacha uasghrádaithe dín ar Champas Bhóthar Chill Mocheallóg. • Cuireadh isteach ceaintín ar Champas Inse. • Athsholáthar cóiríochta modúlach (seomra ealaíne) ar Champas Shráid Mulgrave. • Rinneadh uasghrádú ar cheardlanna pluiméireachta & síneadh ar cheardlann déantúsaíochta miotail ar Champas Shionainne. 	<ul style="list-style-type: none"> • Dearadh aonaid chóiríochta modúlacha nua do Champas an Chaisleáin Nua agus suiteálfar iad in 2025. • Leagadh an Halla Spóirt ar Champas an Ospidéil. • Suiteáladh cúig cheardlann leictreacha nua i gCampas Bhóthar Chill Mocheallóg. • Cuireadh tús le suiteáil an cheaintín nua i gCampas Inse. • Cuireadh cóiríocht mhodúlach nua isteach in áit na seanseomraí ealaíne ar Champas Shráid Mulgrave. • Ar Champas na Ceapaí Móire, cruthaíodh seomra ealaíne nua atá saindeartha chun spás agus soilsiú breise a sholáthar d'fhoghlaimoirí agus do bhaill foirne. Mar chuid den tionscadal seo chomh maith, cuireadh uasghrádú i gcrích ar áiseanna stórála agus rochtana, lena n-áirítear rampaí nua do chathaoireacha rothaí a chur isteach. • Cuireadh feabhas chomh maith ar an gceardlann in Ionad Barr Feabhais na Gaibhneachta Duibhe sa Cheapach Mhór trí chóras aerála leathnaithe a chur leis.
<p>2.7 Feasacht ghníomhach a chur chun cinn maidir le sláinte, sábháilteacht, folláine agus leas do gach ball foirne ar leibhéal pearsanta agus eagraíochtúil.</p>	<p>Aithníonn an Coláiste BOaO an ríthábhacht a bhaineann le tacú le meabhairshláinte agus folláine chleachtóirí BOaO, toisc go gcuireann sé le timpeallacht foghlama dhearfach, thacúil agus éifeachtach a chruthú.</p> <p>In 2024, leanfaidh an tSeirbhís Tacaíochta um Fhoghlaim agus Forbairt Ghairmiúil (STFFG) de dheiseanna forbartha foirne a thairiscint i réimsí na hAthléimneachta agus na hAthnuachana, Garchabhair um Meabhairshláinte do Dhaoine Fásta, Teicnící Saoirse Mothúchánach,</p>	<p>In 2024, lean an Coláiste BOaO ar aghaidh ag leabú an Chreata Meabhairshláinte agus Folláine ar fud a champas. Tá an tionscnamh leanúnach seo dírithe ar ionchuimsiú, ar thacaíocht don mheabhairshláinte, agus ar bhraistint láidir cómhuintearais a chruthú i measc foghlaimoirí agus foirne. I gcroílár na hiarrachta seo tá na Foirne Meabhairshláinte agus Folláine, a oibríonn i gcomhar le chéile ar leibhéal an champais chun tacaíocht agus acmhainní bríocha a sholáthar.</p>

	<p>Teorainneacha, agus Oiliúint Athléimneachta agus Féinchúraim do Bhaill Foirne.</p> <p>Leanfaidh an Coláiste BOaO ar aghaidh ag obair le Seirbhísí Corparáideacha maidir le hoiliúint a bhaineann le Sláinte agus Sábháilteacht.</p>	<p>Chun na tionscnaimh seo a chothabháil agus a leathnú, dáileadh €38,000 ar champais BOaO, rud a chuir ar chumas raon gníomhaíochtaí nuálacha a bhí oiriúnaithe do riachtanais shonracha a bpobal éagsúil.</p> <p>I mí Feabhra 2024, ag an Comhdháil Náisiúnta BOaO, fuair Foirne Meabhairshláinte agus Folláine Champas Bhóthar Chill Mocheallóg agus Shráid Mulgrave creidiúnú faoin <u>Tionscnamh Creidiúnaithe Meabhairshláinte agus Folláine d’Fhoghlaimoirí BOaO de chuid BOOÉ/Jigsaw, rud a léirigh aitheantas</u> a gcuid oibre sa réimse seo.</p>
--	--	---

Sprioc Straitéiseach 3: Dea-rialachas

Aidhm: Creat rialachais agus tacaíochta a sholáthar a éascaíonn cur ar fáil na seirbhísí oideachais agus oiliúna ar fad ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil. Is éard atá i gceist leis seo ná a chinntiú go dtacaítear le caighdeán soláthar oideachais agus oiliúna an údaráis trí chórais bhainistíochta agus riaracháin a chomhlíonann na caighdeáin rialachais is airde, ó thaobh cuntasachta, trédhearcachta, comhlíonta, cothromais agus luach ar airgead.

Cuspóir ón Ráiteas Straitéise	An gealltanais a thugtar i bPlean Seirbhíse 2024	Éachtaí in 2024
3.1 A chinntiú go bhfuil ár struchtúir, a bhfuil córais agus nósanna imeachta láidre mar bhonn agus thaca acu, in oiriúint do na tosaíochtaí straitéiseacha atá ag teacht chun cinn.	Leanfaidh Rannóg Seirbhísí Corparáideacha an BOO faoin Rannóg Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta ag cur an timthriall athbhreithnithe beartas i bhfeidhm le linn 2024 lena chinntiú go ndéanfar athbhreithniú agus nuashonrú ar gach doiciméad beartais laistigh de thréimhse trí bliana.	In 2024, chuir an Fhoireann um Chomhlíonadh dianphróiseas athbhreithnithe struchtúrtha i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéanadh measúnú agus nuashonrú rialta ar na beartais ábhartha uile. Trí chloí le timthriall athbhreithnithe trí bliana atá sainithe go soiléir, cinntíonn an eagraíocht go bhfanann na doiciméid beartais uile cothrom le dáta, go bhfuil siad i gcomhréir lenár gcuspóirí straitéiseacha, agus go gcuireann siad le feabhsú leanúnach agus le sármhaitheas oibríochtúil. Ní hamháin go neartaíonn an cur chuige seo an rialachas ach tacaíonn sé chomh maith lenár spriocanna eagraíochtúla fadtéarmacha a bhaint amach. Feabhsaíodh struchtúir rialachais an BOO tuilleadh le linn 2024 le ceapacháin shinsearacha breise laistigh den Stiúrthóireacht TFE. Cheadaigh an Roinn na poist seo ag leibhéal an Stiúrthóra, an Phríomhoifigigh Cúnta agus Grád VII agus líonadh iad sa dara leath de 2024.
	Beidh Rannóg Airgeadais & Soláthair an BOO i mbun oibre leis an tSeirbhís Gnó Comhroinnte Oideachais maidir le bogadh chuig Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais in 2024.	Bhog Cuntais Iníoctha an BOO go Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais i dTonn 4, ag dul beo Dé Luain an 4 Samhain 2024
	Déanfaidh Stiúrthóireacht TFE, Scoileanna agus BOaO an BOO a chinntiú go bhfuil na bearta cuí uile maidir le cumhdach leanáí i bhfeidhm de réir na	Chinntigh an BOO go bhfuair an fhoireann uile oiliúint chuimsitheach maidir le Cumhdach agus Cosaint Leanáí.

	<p>Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (arna athbhreithniú in 2023).</p>	<p>In 2024, cuireadh oiliúint athnuachana ar fáil do Theagmhálaithe Ainmnithe agus Leas-Theagmhálaithe Ainmnithe uile. Cloíodh leis na nósanna imeachta ábhartha uile i gcomhréir leis na prótacail bhunaithe. Déanann an Ardbhainistíocht maoirseacht agus athbhreithniú leanúnach chun éifeachtacht an réimse ríthábhachtach oibríochta seo a chinntiú.</p>
	<p>Tá sé mar aidhm ag Rannóg Aeráide, Caipitil agus Bainistíochta Eastáit an BOO réitigh sholáthair a shainaithint agus a chur i bhfeidhm a éascóidh comhlíonadh, luach ar airgead, éifeachtúlacht agus dea-chleachtas thar ceann páirtithe leasmhara uile an BOO.</p> <p>Chuige sin, tá struchtúr soláthair hibrídeach i bhfeidhm ag an BOO, lena n-áirítear feidhm soláthair láraithe le freagracht dhílártaite chuig Sealbhóirí Buiséid i gcomhréir leis an mBeartas Náisiúnta Soláthair.</p>	<p>Lean Rannóg Bainistíochta Aeráide, Caipitil & Eastáit an BOO ag obair i ndlúthchomhar chun na caighdeáin is airde a chinntiú i gcomhréir le Nósanna Imeachta, Treoirlínte agus Reachtaíocht Soláthair Phoiblí.</p>
	<p>Le linn 2024, leanfaidh Rannóg TFC an BOO faoi Stiúthóireacht TFE de dheiseanna comhoibríoch a sholáthar a chuimseoidh ardáin ar líne, lena n-áirítear córas StaffCONNECT (MS SharePoint) an BOO, chun tacú le scoileanna agus ionaid an BOO. I rith 2024, tacóidh an Rannóg TFC leis na bearta seo a leanas: Suíomhanna SharePoint ar leith a chothabháil do gach scoil agus an oiliúint agus tacaíocht lena mbaineann.</p>	<p>Cuireadh roinnt tionscadal caipitil agus bonneagair i gcrích, agus chríochnaigh TFC feistiú na dtionscadal seo.</p> <p>Leantar de shócmhainní TFC a chlibeáil chun críocha stoic.</p> <p>Leanann an BOO de shruthanna maoinithe TFC atá ar fáil do gach réimse seachadta a aithint agus leas a bhaint astu.</p> <p>Déantar Measúnuithe Tionchair Cosanta Sonraí (DPIA) i gcás gach bogearra nua atá beartaithe.</p>

- FGL a chur ar fáil mar thacaíocht agus úsáid Office 365 á leathadh amach de réir a chéile, úsáid MS Teams don teagasc agus don chianfhoghlaim san áireamh.
- Obair ar aghaidh i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais chun an acmhainneacht TFC a fhorbairt tuilleadh i scoileanna BOO uile agus in Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna, lena n-áirítear deontais a fháil le haghaidh trealamh TFC, agus ábhar comhairle agus tacaíochta.
- Cianrochtain shlán a chumrú trí thairseach an BOO lena gcuirfear ar a gcumas do bhaill foirne faoi leith ceangal de bhonneagar TFC an BOO chun tacú le cuspóirí an BOO.
- Tacaíocht chomhairleach a chur ar fáil i dtaca le soláthar TFC de.
- Monatóireacht agus uasghráduithe a dhéanamh ar chrua-earraí/bogearraí an BOO.
- Coinnigh úsáid Fíordheimhniú Ilmhodha ar fud an BOO.
- Bainistíocht Tionscadail ar chórais nua, lena n-áirítear uasghráduithe.
- Bonneagar a fhorbairt agus a bhainistiú.
- Cosaint agus Slándáil Sonraí TF.
- Comhairle a chur ar fáil maidir le Cibearshlándáil. Feabhas a chur ar chórais atá ann cheana féin agus bearta nua a thabhairt isteach nuair is iomchuí
- Bainistíocht ceadúnas bogearraí.
- Maoiniú a fháil le haghaidh infheistíochta caipitil agus TFC chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí sainaitheanta agus ar

Tá anailís ar bhearnaí curtha chun cinn maidir le caighdeáin bhunlíne an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála..

Tá tús curtha ag an BOO le fiosrú a dhéanamh ar an ngá atá le straitéis Intleacht Shaorga ar fud na heagraíochta, lena n-áirítear cur i bhfeidhm, rialachas sonraí agus cúrsaí slándála.

Déanann an Ceann TFC ionadaíocht ar earnáil na BOOanna ar ghrúpa náisiúnta chun beartas soiléir a cheapadh lena úsáid san oideachas.

Tá tús curtha ag an BOO chomh maith maidir leis an gCóras um Bainistiú Slándála Faisnéise (CBSF) a chur i bhfeidhm.

	<p>riachtanais forbartha bonneagair BOO Luimnigh agus an Chláir.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Leanúint de shruthanna maoinithe TFC atá ar fáil do gach réimse seachadta a aithint agus leas a bhaint astu • Infheistíocht i mbonneagar TFC a nascadh le gníomhartha uasghrádaithe foirgneamh nuair is iomchuí • Suiteáil agus Bainistíocht córas teileafónaíochta • Bainistíocht Córas lena n-áirítear córais áitiúla Ar an láthair agus córais scamall ar fud riaracháin agus Teagaisc & Foghlama. 	(ar lean)
	<p>Cúrsaí Rialachais/Airgeadais/AD ina mbuanmhíreanna ar an gclár oibre do chruinnithe príomhoidí agus ionchur ó Stiúrthóir TFE agus POCanna.</p> <p>Déanfaidh Coiste BOO um Obair don Óige athbhreithniú ar an bplean straitéiseach roimhe seo don Obair don Óige chomh maith le plean straitéiseach eile a fhorbairt do na trí bliana atá le teacht (2023 – 2026). Is é is príomhaidhm don phlean a chinntiú go n-éireoidh leis an BOO a fhreagrachtaí a chomhlíonadh chun tacú le soláthar, comhordú, riarachán agus measúnú seirbhísí oibre don ógra i réigiún Luimnigh agus an Chláir.</p> <p>Beidh an BOO ag obair go dlúth agus i gcomhar leis na heagraíochtaí ar fad chun tacú leo na riachtanais seo a chomhlíonadh.</p>	<p>Rialachas, Airgeadas, agus Acmhainní Daonna – 2024</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuireadh cúrsaí rialachais, airgeadais agus acmhainní daonna san áireamh mar mhíreanna ainmnithe ar chlár oibre chruinnithe príomhoidí i rith na bliana, agus thug Stiúrthóir TFE agus Príomhoifigigh Chúnata ionchur rialta. Chinntigh sé seo cinnteoireacht eolasach agus maoirseacht straitéiseach i ngach príomhréimse oibríochta. • Rinneadh athbhreithniú ar an bPlean Straitéiseach um Obair Óige do 2023–2026. Leagadh amach sa phlean tosaíochtaí soiléire chun treoir a thabhairt don BOO agus é ag comhlíonadh a fhreagrachtaí reachtúla i dtaca le tacaíocht, comhordú, riarachán agus measúnú seirbhísí oibre don aos óg ar fud réigiún Luimnigh agus an Chláir. • D'oibrigh an BOO i gcomhar le heagraíochtaí oibre óige ar fud an réigiúin chun tacú leo ceanglais rialachais agus comhlíontachta a chomhlíonadh, ag

	<p>Beidh cruinniú gach ráithe ag Foireann Obair Óige an BOO le Rannóg Airgeadais an BOO chun an caiteachas airgeadais ar fad a athbhreithniú agus a rianú.</p>	<p>cothú comhpháirtíochtaí láidre agus cumarsáide comhsheasmhach i rith na bliana.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Reáchtáil Foireann Oibre don Aos Óg an BOO cruinnithe ráithiúla le Rannóg Airgeadais an BOO chun an caiteachas airgeadais ar fad a athbhreithniú agus a rianú. Chinntigh sé seo cuntasacht, trédhearcacht agus bainistíocht éifeachtach acmhainní ar fud na seirbhísí maoinithe don aos óg.
	<p>Cuireann dea-rialachas Choláiste BOaO an BOO forbairt agus cur i bhfeidhm beartas agus cleachtas chun cinn a fheabhsaíonn cáilíocht ár soláthair agus ár seirbhísí tacaíochta. Cinntíonn cuntasacht go gcomhlíonann an coláiste BOaO na rialacháin uile, ag cothú caidreamh dearfach le comhlachtaí creidiúnaithe agus le gníomhaireachtaí rialtais. Cuidíonn sé chomh maith le réimsí feabhsúcháin a aithint i dtreo fheabhsú na cáilíochta sa Choláiste.</p> <p>Tagann struchtúir Rialachais Dearbhaithe Cáilíochta an Choláiste BOaA, struchtúr na Comhairle Cáilíochta agus a foghrúpaí gaolmhara (Dearbhú Cáilíochta agus Rialachas Clár), mar aon le Líonra an Choláiste BOaO um Pleanáil Réigiúnach Straitéiseach agus an Grúpa Stiúrtha BOaO le chéile ar bhonn rialta.</p>	<p>In 2024, rinne struchtúir rialachais an Choláiste BOaO maoirseacht ar roinnt forbairtí i réimse an dearbhaithe cáilíochta, lena n-áirítear príomhbheartais a fhorbairt:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Beartas Rochtana , Aistrithe, agus Dul Chun Cinn chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar rochtain agus ar dhul chun cinn do ghrúpaí a ndéantar tearcionadaíocht orthu. • Beartas um Ghuth an Fhoghlaim chun rannpháirteachas agus aiseolas lánbhrí an fhoghlaim a chinntiú. • Beartas Teagaisc, Foghlama agus Measúnaithe chun soiléiriú a dhéanamh ar theagasc difreáilte, uirlisí measúnaithe inrochtana, agus comhtháthú prionsabail dearaidh uilíoch le haghaidh foghlama. • Beartas Tinrimh & Rannpháirteachais • Áirítear ann meascán de: <i>Síneadh Gearrthéarmach</i> agus <i>Breithniú Comhbhách Níosanna Imeachta Measúnaithe</i> i Nós Imeachta Measúnaithe sruthlínithe nua <i>Síneadh Spriocdháta Measúnaithe i gCúinsí Maolaitheacha</i> • Foirmeacha Níosanna Imeachta Measúnaithe Nua • Comhlíonadh an Choláiste BOaO um Chumhdach Leanaí: Forbairt agus cur i bhfeidhm Próiseas

	(ar lean)	<p>Tuairiscithe Maoirseachta um Chumhdach Leanaí ar an gCampas ar fud an Choláiste BOaO.</p> <p>Cuireann suíomh SharePoint athfhorbartha faisnéis chuimsitheach agus cothrom le dáta ar fáil don fhoireann faoi na beartais agus na nósanna imeachta seo, rud a chuireann cumarsáid agus comhroinnt acmhainní i gcomhréir ar fud an líonra. Faigheann baill foirne BOaO rochtain chomh maith ar Oiliúint Inneall Príobháideachta chun fanacht cothrom le dáta le beartais agus nósanna imeachta ábhartha. Ina theannta sin, réachtáladh cruinniú eolais foirne ar bheartais agus nósanna imeachta nua ar líne i mí na Nollag 2024.</p>
<p>3.2 Leanúint de phróisis straitéiseacha pleanála gnó a nuáil agus a neartú chun tosaíochtaí eagraíochtúla a bhaint amach</p>	<p>Rachaidh Rannóg Scoileanna agus Rannóg BOaO an BOO i gcomhar le Coistí Airgeadais agus Iniúchóireachta in 2024 le rioscaí a shainathint, a mheas, a mhonatóiriú agus a bhainistiú go gníomhach i gcomhthéacs oibríochtaí uile an BOO, agus cinnteoidh go bhfuil socruithe foirmiúla trédhearcacha i bhfeidhm i gcomhair iniúchóireacht sheachtrach agus inmheánach araon.</p> <p>I rith 2024, cinnteoidh an Rannóg Scoileanna agus an Rannóg BOaO go mbeidh an Clár Riosca Scoile/an Clár Riosca BOaO ina mír ar an gclár oibre i gcruinnithe agus go ndéanfaidh Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí agus Bainisteoirí Soláthair athbhreithniú orthu go rialta.</p>	<p>Cuireadh oiliúint ar Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí Rannóg na Scoileanna maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gClár Riosca i gcomhréir leis an Ráiteas Straitéise in 2023 agus in 2024, lean Príomhoidí, Leas-Phríomhoidí agus Bainisteoirí Soláthair ar aghaidh ag déanamh athbhreithniú rialta ar an gClár Riosca.</p> <p>Bhí an Clár Riosca ina mhír ar Chlár Oibre gach cruinnithe do na Rannóga BOaO agus Scoileanna in 2024.</p> <p>Thug Seirbhísí Corparáideacha eolas do Phríomhoidí agus do Leas-Phríomhoidí ag cruinnithe in 2024.</p>

	<p>Leanúint ar aghaidh le comhoibriú a dhéanamh le BOOanna chun CRM/bunachar sonraí a fhorbairt chun sonraí na heagraíochta a bhainistiú. Dearbhú cáilíochta agus rannpháirtíocht fostóirí.</p> <p>IN 202</p>	<p>Ina 2024, cuireadh Bunachar Sonraí Rannpháirteachais Straitéisí Fostóirí (CRM) beo agus anois, tugann sé deis don STRF gach rannpháirteachas le fostóirí ar fud an réigiúin a thaifeadh. Tá feabhas curtha aige seo ar éifeachtúlacht na foirne maidir le dul i ngleic le príomhchomhpháirtithe tionscail.</p>
	<p>Comhordaithe ag an tseirbhís Tacaíochta Oibríochtaí BOaO, tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí BOaO ar fud na gcampas. Déantar gach cúrsa, foghlaimeoir agus toradh a thaifeadh ar CTFC Déantar pleanáil bhliantúil a thaifeadh in ITLM (Iarraidh agus Tuairisciú ar Leithdháileadh Maoinithe) agus gintear tuarascálacha gach ráithe. Déantar gníomhaíocht agus tinreamh sa seomra ranga a thaifeadh ar Timetable Client agus Timetabler. Déantar tinreamh agus íocaíochtaí foghlaimeoirí a thaifeadh ar TACS agus PeopleXD.</p> <ul style="list-style-type: none"> • In 2024, leanfar le tuilleadh cur i bhfeidhm ar aistrithe gníomhaíochtaí treorach ar CTFC. <p>Tá an Coláiste BOaO páirteach i dtionscnaimh náisiúnta chomh maith, amhail forbairt an Bhunachair Sonraí um Rannpháirteachas Straitéiseach le Fostóirí (SEED) – córas CRM atá forbartha agus maoinithe trí SOLAS. Cuireann sé cur chuige aontaitheach ar fáil, ar ardán aonair, i ngach ceann dár rannpháirteachas le fostóirí, ag rianú agus ag taifeadh an phróisis ón tús go dtí an deireadh, ag seachadadh réiteach néalbhunaithe do gach rannpháirteachas le fostóirí. Comhtháthaíonn an réiteach seo gan uaim lenár bhfeidhmchláir Office</p>	<p>In 2024, rinneadh comhtháthú CTFC, Timetabler agus Attendance a chur i bhfeidhm tuilleadh ar fud an Choláiste BOaO.</p> <p>Feabhsaíodh úsáid CTFC chun gníomhaíocht threorach a thaifeadh ar fud an Choláiste BOaO.</p> <p>In 2024, cuireadh tús leis an mBunachar Sonraí um Rannpháirteachas Straitéiseach le Fostóirí chun rannpháirteachas le fostóirí a thaifeadh.</p>

	365 mar aon le sonraí a thagann ó na córais atá againn cheana féin, ar nós CTFC agus ACSS.	(ar lean)
	Déanfaidh an Rannóg Aeráid, Caipitil agus Bainistíochta Eastát nua an Córas Bainistíochta Conarthaí (CMS) a leabú i gcomhar le SGCO chun freastal ar riachtanais na heagraíochta. Is modúl sreabha oibre é an Córas Bainistíochta Tairisceana agus Conarthaí seo a dearadh chun an próiseas soláthair agus doiciméid ó na BOOanna a bhainistiú.	Leanann an Rannóg Bainistíochta Aeráide, Caipitil agus Eastáit ar aghaidh ag úsáid an Chórais Bainistíochta Conarthaí. Cuíochóiríonn na nósanna imeachta an córas do gach duine atá bainteach le ceannach, díríonn siad ar an riachtanas maidir le comhlíonadh le rialacha soláthair, agus ionchorpraíonn siad na tairseacha soláthair náisiúnta athbhreithnithe.
3.3 Na caighdeáin is airde bainistíochta airgeadais agus riosca a chur chun cinn trí rialuithe agus iniúchtaí monatóireachta inmheánacha.	<p>De réir mar atá leagtha síos sa Chód, déanfaidh an Bord a dheimhniú go gceaptar Comhaltaí chun an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus chun an Choiste Airgeadais a bhfuil na sainscileanna, an saineolas agus an tsaintaithí acu sna réimsí ábhartha seo. Comhaltaí an Bhoird a dhéanann gach ceapachán i gcomhar le Cathaoirligh Coistí. Déantar saineolas a chur ar fáil don BOO ar chostas faofa réasúnta chun cuidiú leis na Coistí i gcás réimsí ar leith de ghnó an Bhoird, de réir mar is gá.</p> <p>Rinne an bord ceapacháin do choistí iniúchóireachta agus airgeadais i gcomhairle le cathaoirligh na mbord. Ba cheart do chomhaltaí seachtracha na gcoistí na scileanna agus an taithí chuí a bheith acu le haghaidh an ról.</p> <p>Rachaidh an Rannóg Airgeadais i mbun oibre leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus BOO-IAU chun a chinntiú go ndéantar athbhreithniú leanúnach ar chórais agus nósanna imeachta i</p>	<p>Cloíodh le ceanglais an Chóid in 2024. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta & Riosca le chéile ceithre huair in 2024 agus rinne siad athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha an BOO ag a chruinniú a tionóladh i mí Feabhra 2024 agus cheadaigh siad Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh 2023 ag a chruinniú a tionóladh i mí Feabhra 2024.</p> <p>Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile ceithre huair in 2024 agus rinne siad athbhreithniú ar Thairiscint SOLAS ag a gcruinniú a tionóladh i mí Feabhra 2024 agus cheadaigh siad Dréacht-Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2023 ag a gcruinniú a tionóladh i mí an Mhárta 2024.</p>

	gcomhthéacs na gcaighdeán is airde bainistíochta airgeadais a chur chun cinn ar fud na heagraíochta.	(ar lean)
	Bainistíocht Riosca: Ag obair leis na Coistí Airgeadais agus na Coistí Iniúcháireachta agus Riosca; Le linn 2024, déanfaidh an BOO rioscaí a shainaithint, a mheas, a bhainistiú agus a mhonatóiriú go gníomhach i gcomhthéacs oibríochtaí uile an Bhoird agus déanfar a chinntiú go mbeidh socruithe foirmiúla trédhearcacha i bhfeidhm i gcomhair iniúcháireacht sheachtrach agus inmheánach araon. Tá próiseas ar bun sa BOO leis na rioscaí suntasacha a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith ag baint le torthaí an eintitis a bhaint amach agus le dul i ngleic leis na rioscaí sin. Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ag tacú leis an mBord sa ról seo.	In 2024, rinne an BOO rioscaí a shainaithint, a mheasúnú agus a bhainistiú go réamhghníomhach ar fud na n-oibríochtaí uile, ag cinntiú próisis fhoirmiúla thrédhearcacha le haghaidh iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha araon. Bhí an cur chuige seo ríthábhachtach chun spriocanna straitéiseacha a bhaint amach agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach a choinneáil. Bhí ról lárnach ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca maidir le tacú leis an mBord, ag cinntiú go raibh aghaidh éifeachtach á tabhairt ar rioscaí agus go raibh siad comhtháite i gcinnteoireacht. Neartaigh an tiomantas seo do bhainistiú riosca cuntasacht, trédhearcacht agus cultúr feabhsúcháin leanúnaigh, rud a chabhraigh leis an BOO dul i ngleic le dúshláin agus a chuid acmhainní a chosaint.
	Déanfaidh Rannóg Aeráide, Caipitil agus Bainistíochta Eastát an BOO réadmhaoine an BOO a bhainistiú, idir réadmhaoine faoi úinéireacht an BOO agus réadmhaoine ar léas, lena chinntiú go bhfuil gach ceanglas Reachtúil, Rialachais agus de chuid na Roinne á gcomhlíonadh. Mar chuid de sin, beimid ag obair leis na Scoileanna agus le Rannóga FET lena chinntiú go ndéanfar riachtanais chóiríochta na heagraíochta a shásamh agus go bhfuil gach Scoil agus Foirgneamh FET ar an gcaighdeán cuí.	Choinnigh agus nuashonraigh an Rannóg Bainistíochta Aeráide, Caipitil agus Eastáit Clár maoine ar léas de chuid an BOO in 2024. Cuireadh gach ábhar maoine a raibh ceadú Bhord an BOO ag teastáil ina leith faoi bhráid an Bhoird in 2024 agus cuireadh iarratais faoi bhráid Rannóg Maoine na Roinne Oideachais. Leanann an Rannóg Aeráide, Caipitil agus Bainistíochta Eastáit de bheith i dteagmháil le comhairleoirí dlí an BOO maidir le clárúchán gach maoine de chuid an BOO. Déantar fáil agus diúscairt mhaoine an BOO i gcomhréir le Nósanna Imeachta Reachtúla agus Rialachais Chorporáidigh.
3.4 Úsáid éifeachtach acmhainní poiblí a uasmhéadú.	Cinntoidh an PF agus Stiúrthóirí na Scoileanna, BOaO agus TFE go dtacófar le scoileanna, ionaid agus seirbhísí lárchreataí agus lárchonartháí	Lean Rannóg Airgeadais an BOO agus an Rannóg um Aeráid, Caipitil agus Bainistíocht Eastát ag obair i ndlúthchomhar lena chinntiú go gcomhlíontar na

soláthair arna n-eagrú ag an Oifig um Sholáthar Rialtais a chur i bhfeidhm le linn 2024.

Déanfaidh Rannóg Aeráide, Caipitil & Bainistíochta Eastát an BOO agus Rannóg Airgeadais an BOO a chinntiú go mbeidh dlúthchomhar leanúnach le linn 2024 ann idir na feidhmeanna Airgeadais agus Soláthair chun a chinntiú go ndéantar Nósanna Imeachta, Treoirlínte agus Reachtaíocht um Sholáthar Poiblí a chomhlíonadh ar na caighdeáin is airde. Is éard a bheidh i gceist leis seo ná fuascailtí soláthair a aithint agus a chur i bhfeidhm a éascóidh comhlíonadh, luach ar airgead, éifeachtúlacht agus dea-chleachtas thar ceann an údaráis le linn 2024.

Déanfar Beartas Náisiúnta Soláthair na BOOnna (lena n-áirítear an tsraith teimpléad le haghaidh tairiscintí os cionn thairseacha an AE agus faoina mbun) a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach in 2024.

Déanfaidh Rannóg Aeráide, Caipitil agus Bainistíochta Eastáit an BOO agus Rannóg TF an BOO a chinntiú go mbeidh dlúthchomhar leanúnach ann i rith 2024 idir na feidhmeanna Soláthair agus TF chun a chinntiú go gcomhlíonfar Nósanna Imeachta, Treoirlínte agus Reachtaíocht um Sholáthar Poiblí ar na caighdeáin is airde.

Leanfar ar aghaidh le cur chun feidhme Bheartas Náisiúnta Soláthair na BOOnna (lena n-áirítear an tsraith teimpléad le haghaidh tairiscintí os cionn thairseacha an AE agus faoina mbun) in 2024 faoi

caighdeáin is airde i leith Nósanna Imeachta, Treoirlínte agus Reachtaíocht Soláthair Phoiblí.

D'aithin agus rinne an Rannóg um Aeráid, Caipitil agus Bainistíocht Eastát an BOO monatóireacht ar réimsí caiteachais neamhchomhlíontacha agus shainithin sí píblíne tairiscintí chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh.

Chuir an Rannóg um Aeráid, Caipitil agus Bainistíocht Eastát nuashonruithe ar fáil do thuairiscí caiteachais ráithiúla arna bhfoilsíú ag an Rannóg Airgeadais ar shuíomh gréasáin an BOO. Eisíodh Tuarascálacha Tairisceana chuig an gCoiste Airgeadais maidir le gach Conradh a bronnadh a raibh luach níos mó ná €100,000 orthu. Bhí baill foirne ón dá Rannóg i dteagmháil lena chéile maidir le comhlánú Leathanaigh Chaipitil V10, sonraí na maoine, an Ráiteas ar Rialú Inmheánach agus gach fiosrúchán maidir leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Cuireadh Plean Ilbhliantúil Soláthair an BOO faoi bhráid BOOÉ i gcomhréir leis an tréimhse ama agus na ceanglais tuairiscithe. Ghlac foireann na Rannóige Soláthair páirt i bhforbairt ghairmiúil fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon in 2024 i ndáil le forbairtí i soláthar, bainistíocht tionscadal agus bainistíocht fuinnimh i gcomhthéacs comhlíonadh agus dea-chleachtas a chinntiú ar fud na heagraíochta.

Lean an Rannóg um Aeráid, Caipitil agus Bainistíocht Eastát ar aghaidh den Soláthar Poiblí Glas a chur i bhfeidhm, ag baint úsáide as Treoirlínte agus critéir na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil maidir le Soláthar Poiblí

	mar a bhaineann le seirbhísí agus trealamh TF a sholáthar.	Glas/Critéir ar líne de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais maidir le Soláthar Poiblí Glas.
3.5 Cloí le próisis éifeachtacha um chosaint sonraí, rúndacht agus bainistiú taifead.	<p>Leanann Privacy Engine ar aghaidh ag cuidiú le RGCS agus ag cinntiú a chomhlíonta.</p> <p>Tá oiliúint nua ar RGCS deartha ag BOOÉ agus cuirfear ar fáil í do gach ball foirne in 2024.</p> <p>Leantar ar aghaidh ag athbhreithniú na mbeartas.</p>	<p>Leanann Privacy Engine ag comhoibriú leis na BOOanna chun ardán bogearraí láidir a sheachadadh atá deartha chun freastal ar riachtanais shonracha ár n-eagraíochta. Tá feidhmiúlacht fheabhsaithe san áireamh san ardán anois a chuireann ar ár gcumas tuarascálacha rialta a ghiniúint maidir le comhlíonadh, rud a chinntíonn go bhfuilimid ailínithe go comhsheasmhach leis na rialacháin agus na dea-chleachtais ábhartha.</p> <p>Ina theannta sin, tá athbhreithniú cuimsitheach ar siúl faoi láthair ar bheartais ar an leibhéal náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar athruithe reachtaíochta le déanaí. Tá an próiseas seo ríthábhachtach chun a chinntiú go bhfanfaidh ár mbeartais cothrom le dáta, go gcomhlíonann siad dlíthe atá ag teacht chun cinn, agus go dtacaíonn siad go héifeachtach le cuspóirí leanúnacha an BOO.</p>
	Déanfaidh Rannóg Seirbhísí Corparáideacha an BOO a chinntiú go ndéanfar athbhreithniú leanúnach ar an gCóras Bainistíochta Taifead (DSM) in 2024 agus go leanfar dá chur chun feidhme de réir Bheartas Coinneála agus Bainistíochta Taifead an BOO.	Leanann athbhreithnithe bliantúla ar aghaidh lena chinntiú go bhfuil an BOO ag cloí le Sceideal Coinneála Taifead na heagraíochta.
3.6 Straitéis éifeachtach cumarsáide a choinneáil, a fheabhsú agus a leabú.	Cuirfidh an Rannóg Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta Creat Cumarsáide i dtoll a chéile in 2024, a mbeidh Maitrís Cumarsáide Inmheánaí ina cuid de, ina soiléireofar struchtúir, ról agus freagrachtaí eagraíochtúla agus ina leagfar amach na próisis éifeachtacha chumarsáide agus chinnteoireachta atá le húsáid laistigh de Bhord	Tacaíonn sé seo le bainistíocht agus foireann an BOO trí na teicneolaíochtaí is déanaí agus is éifeachtaí a sholáthar chun cumarsáid a fheabhsú, mar aon leis an oiliúint riachtanach, cur i bhfeidhm leanúnach na Straitéise don Ghnáth-Bhéarla agus forbairt leanúnach shuíomh gréasáin an BOO agus meán sóisialta eile chun a chinntiú go bhfuil an BOO ag soláthar faisnéise ábhartha dá fhoireann agus

	<p>Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, lena n-áirítear na Rannóga BOaO, TFE agus Scoileanna. I measc na ngníomhartha breise atá le déanamh in 2024 tá:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Tacú le lucht bainistíochta agus le foireann an BOO trí na teicneolaíochtaí is déanaí agus is éifeachtaí, chomh maith leis an oiliúint is gá, a chur ar fáil d'fhonn cumarsáid a fheabhsú. • Leanúint den Straitéis Gnáth-Bhéarla a chur i bhfeidhm. • Suíomh gréasáin an BOO agus na meáin shóisialta eile a fhorbairt go leanúnach chun a chinntiú go mbíonn an BOO ag cur faisnéis ábhartha ar fáil dá chuid ball foirne agus páirtithe leasmhara. • Teagmháil agus líonrú leanúnach le páirtithe leasmhara ar na leibhéil áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta (féach 1.8). 	<p>dá pháirtithe leasmhara i gcomhréir lena Bheartas Cumarsáide.</p>
	<p>I gcomhréir le ceanglais chomhlíonta faisnéise poiblí, leanfaidh suíomh gréasáin an Choláiste BOaO lena phróiseas athdhearaidh, chun a chinntiú go mbeidh rochtain éasca ag gach páirtí leasmhar ar fhaisnéis thábhachtach. Tá an fócas ar chomhéadan an fhoghlaimora lena chinntiú gur féidir le foghlaimoirí reatha agus ionchasacha rochtain a fháil ar fhaisnéis ábhartha.</p> <p>Bhí Seirbhís Tacaíochta FCT i gceannas ar athfhorbairt shuíomh SharePoint TEL, agus thacaigh sí le hathfhorbairt a dhéanamh ar 6 shuíomh SharePoint eile, (DC, F&FG, Earcaíocht & Treoir, Rannpháirteachas Fiontraíochta, Pleanáil,</p>	<p>In 2024, chomhoibrigh an TELSS le STIG chun sraith físeán a chruthú chun tacú le hlonduchtú Digiteach Foghlaimoirí FCT comhsheasmhach agus éifeachtach. Is treoracha céim ar chéim iad na beochana seo maidir lenár bpríomhardáin foghlama, lena n-áirítear Microsoft 365, MS Teams, MS Outlook, MS OneDrive, agus Moodle. Scaoileadh na hacmhainní seo i Meán Fómhair 2024 agus tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choláiste BOaO do gach foghlaimoir gan aon ghá le síniú isteach.</p> <p>Chomh maith leis sin, tá tús curtha againn anois le hobair ar shuíomh SharePoint a chruthú go sonrath d'fhoghlaimoirí tar éis dul i gcomhairle le Seaimpíní Digiteacha, foghlaimoirí agus cleachtóirí foghlama. Táthar ag súil go</p>

	<p>Monatóireacht & Meastóireacht, Pleanáil & Tacaíocht Oibríochta). Ba é aidhm na hathfhorbartha cumarsáid a fheabhsú agus acmhainní a threorú go soiléir do gach úsáideoir foirne BOaO.</p>	<p>bhfásfaidh an suíomh seo mar ‘Chrios Foghlaimeoirí’ ar líne nó mar thairseach d’fhoghlaimeoirí inar féidir leo rochtain a fháil ar an bhfaisnéis uile a theastaíonn uathu. Leanfaidh TELSS leis an obair ar an tionscadal seo in 2025 chun feabhas a chur ar thaithí ionduchtaithe digiteach fhoriomlán an fhoghlaimeora.</p>
<p>3.7 Comhaontuithe seirbhíse/meabhráin tuisceana agus prótacail a choinneáil agus a mhonatóiriú le gníomhaireachtaí seachtracha dá dtugaimid deontais/acmhainní.</p>	<p>Cinntoidh Rannóg Airgeadais an BOO go mbeidh Comhaontú Seirbhíse/Meabhrán Tuisceana foirmiúil i bhfeidhm ag gach gníomhaireacht sheachtrach a gcuireann an t-údarás deontais/acmhainní ar fáil di, de réir Chiorclán 13/2014 ón RCPA. Nuair is iomchuí, áireofar leis sin Aguisín um Chosaint Sonraí maidir le haistriú sonraí pearsanta idir an rialaitheoir sonraí agus an próiseálaí sonraí faoi Airteagal 28 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.</p>	<p>Leanann Rannóg Airgeadais an BOO, i gcomhar le Rannóg na Scoileanna agus BOaO atá ag fáil deontas/acmhainní, ag obair leis na gníomhaireachtaí seachtracha uile chun a chinntiú go gcomhlíontar Ciorclán 13/2014 ón RCPA.</p>
	<p>In 2024, leanfaidh Coláiste BOaO an BOO de Chomhaontuithe Seirbhíse a úsáid le páirtithe leasmhara seachtracha lena n-áirítear comhpháirtithe Oideachais Pobail dá dtugann sé deontais agus acmhainní.</p>	<p>Tá ár bPróiseas Gnó Áitiúil um Oideachas Pobail oscailte agus ionchuimsitheach do gach grúpa/eagraíocht pobail ar fud Luimnigh agus an Chláir chun clárú mar chomhpháirtí pobail leis an BOO. Cuireann sé seo ar a gcumas iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú i.e. uaireanta teagaisc chun cúrsaí áitiúla atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir a sheachadadh. Cuirtear Comhaontuithe Seirbhíse i bhfeidhm ansin. Tá próisis agus córais Oideachais Pobail cuíchóirithe agus éifeachtúil (i.e. creatlach an chúrsa, cód iompair, cead grianghraf, measúnú ar riosca, polasaí oibríthe aonair, clár ama, CTFC, FETCH).</p> <p>Bíonn na dara soláthraithe, amhail Soláthraithe Sainoilúna, Ionaid Oilíúna Pobail agus Tionscnaimh Oilíúna Áitiúla,</p>

	(ar lean)	páirteach i bpróiseas pleanála gnó chun togra airgeadais agus oiliúna a chur isteach. Má cheadaíonn an BOO, sínítear comhaontú comhoibrithe ansin.
<p>3.8 Cultúr féinmheastóireachta a chur chun cinn san eagraíocht trí chéile chun tacú le próiseas feabhsaithe leanúnaigh trí éifeachtúlacht na gcóras agus na gcleachtas riaracháin a mheasúnú go rialta.</p>	<p>Déanfaidh an PF agus an Stiúrthóir TFE féinmheasúnú in 2024, de réir mar éilítear sa Chód Cleachtas chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú.</p>	<p>Rinneadh féinmheasúnú in 2024 i gcomhréir leis an gCód Cleachtas chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú.</p>
	<p>Tá an BOO, tríd an gColáiste BOaO, tiomanta do Ghuth an Fhoghlaimeora a leathnú agus a neartú.</p> <p>In 2024, foilseofar Beartas nua um Ghuth an Fhoghlaimeora don earnáil BOaO agus cuirfear i bhfeidhm é ar fud na gcampas BOaO go léir é. Leagtar amach ann raon feidhme, príomhphrionsabail agus cuspóirí rannpháirteachas lánbhí le foghlaimeoirí BOaO chun a dtuairimí faoina dtaithí foghlama a chomhroinnt. Leagtar amach ann chomh maith raon na sásraí gutha foghlaimeora a úsáidtear ar fud an Choláiste BOaO agus na príomhróil agus na freagrachtaí atá i gceist.</p> <p>Bunófar Grúpa Stiúrtha Guth Foghlaimeoirí BOaO in 2024 chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an bheartais nua.</p>	<p>Bhí forbairt sásraí comhsheasmhacha agus ardchaighdeán chun aiseolas na bhfoghlaimeoirí a bhailiú mar chuid de na moltaí ón Athbhreithniú Institiúideach ar Dhearbhú Cáilíochta (2020).</p> <p>Seoladh an Suirbhé bliantúil Guth an Fhoghlaimeora arna dhéanamh ag an gColáiste BOaO i mí Aibreáin 2024, agus fuarthas 1,977 freagra ón earnáil soláthair BOaO ar fad. Cé gur léirigh Suirbhé 2024 roinnt dúshláin leanúnacha, léirigh sé treochtaí dearfacha i sástacht agus rannpháirteachas le foghlaimeoirí.</p> <p>Ina theannta sin, d'eagraigh TELSS grúpaí fócais le foghlaimeoirí chun a gcuid eispéiris dhigiteacha ar chúrsaí agus ar champas an Choláiste BOaO a thaifeadh. Is tionscnamh leanúnach é seo a bhaileoidh guthanna foghlaimeoirí ó gach campas ar fud Luimnigh agus an Chláir. Cuirfidh TELSS roinnt ceisteanna nua a bhaineann le Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT) san áireamh i</p>

	<p>Leanfaimid orainn ag forbairt sásraí agus gníomhaíochtaí aiseolais foghlaimeoirí tras-BOaO, lena n-áirítear Suirbhé Foghlaimeoirí ar fud BOaO chun aiseolas a fháil ó phríomhpháirtithe leasmhara.</p> <p>Feabhsóidh an BOO a gcur chuige foghlaimeoir-lárnach maidir le cumarsáid agus margaíocht le feachtais mhargaíochta atá dírithe go háitiúil agus comhéadan feabhsaithe foghlaimeoirí leis an suíomh gréasáin collegeoffet.ie.</p> <p>In 2024, glacfaidh an Coláiste BOaO le Creat Athbhreithnithe Cáilíochta agus cuirfidh sé i bhfeidhm é chun tacú le campais BOaO féinmheastóireachtaí a dhéanamh ar gach gné dá soláthar agus dá bpróisis dea-rialachais.</p> <p>Leanfaidh an Coláiste BOaO ar aghaidh ag cloí le ceanglais féinmheastóireachta agus tuairiscithe lena n-áirítear: dréachtaí le cur i bplean Seirbhíse agus tuarascálacha bliantúla an BOO, Tuarascáil Bhliantúil an Choláiste BOaO, agus Tuarascáil Bhliantúil Athbhreithnithe Institiúidigh DCCÉ ar Dhearbhú Cáilíochta atá nua san earnáil.</p>	<p>Suirbhé ginearálta ar Fhoghlaimeoirí an Choláiste BOaO do 2025.</p> <p>Bunaíodh Grúpa Stiúrtha Cur Chun Feidhme chomh maith chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Bheartas an Choláiste BOaO um Ghuth an Fhoghlaimeora, lena n-áirítear glacadh leis an gcur chuige ‘Dúirt Sibh é Seo, Rinneamar é Seo’ chun a chinntiú gur féidir aiseolas foghlaimeoirí a nascadh le feabhsuithe cáilíochta sa Choláiste BOaO.</p>
<p>3.9 Comhlíontacht de réir na reachtaíochta a chinntiú.</p>	<p>Leanfaidh Rannóg Acmhainní Daonna an BOO, faoin Rannóg TFE, de chomhoibriú a dhéanamh le foireann tionscadal na bPinsean Náisiúnta mar fhreagairt ar cheanglais bheartais náisiúnta in 2024.</p>	<p>D’oibrigh Rannóg Airgeadais agus Rannóg Acmhainní Daonna an BOO faoi TFE go rathúil leis an tionscadal Pinsean Náisiúnta in 2024 agus leanfaidh an obair seo ar aghaidh in 2025.</p>
	<p>Shainnadh an chéad Athbhreithniú ar Dhearbhú Cáilíochta, arna thionscnamh ag DCCÉ mar údarás rialála, 29 moladh le haghaidh gníomhaíochta. Tá</p>	<p>Cuireadh tuarascáil leantach QAIR (Athbhreithniú Tosaigh ar an Soláthar Dearbhaithe Cáilíochta) an BOO do 2024 curtha faoi bhráid DCCÉ i gcomhréir le ceanglais rialála.</p>

	<p>plean gníomhartha mionsonraithe curtha faoi bhráid DCCÉ mar fhreagra. Tá sé riachtanach an Tuarascáil Bhliantúil ar Cháilíocht a thabhairt ar ais chuig DCCÉ faoi Mhárta 2024 mar chuid de phróisis rialachais DC.</p>	<p>(ar lean)</p>
	<p>Ba cheart go gceptar Comhaltaí chun na gCoistí Iniúcháireacht agus Riosca agus Airgeadais seo a bhfuil na sainscileanna, an saineolas agus an tsaintaithí acu sna réimsí ábhartha seo.</p>	<p>Tá na scileanna speisialaithe, an t-eolas agus an taithí riachtanach ina réimsí faoi seach ag gach ceapachán chuig na Coistí seo.</p>
<p>3.10 Freagracht shóisialta chorparáideach agus éiteas inbhuanaithe comhshaoil a chur chun cinn lena gcinnteofar go léirítear iad sin san eagraíocht trí chéile.</p>	<p>Le linn 2024, cinnteoidh Rannóg Scoileanna an BOO go dtacófar le scoileanna páirt a ghlacadh sa chlár bainistíochta agus oideachais comhshaoil de chuid an Taisce, is é sin Tionscnamh na Scoileanna Glasa.</p> <p>Déanfaidh scoileanna tuairisceáin ráithiúla ar shonraí maidir le busanna a úsáid le haghaidh turais scoile.</p>	<p>In 2024, thacaigh Rannóg Scoileanna an BOO go gníomhach le scoileanna agus iad ag gabháil don inbhuanaitheacht chomhshaoil agus don ghníomhaíocht aeráide, ag díriú ar oideachas agus ar chur i bhfeidhm praiticiúil. I measc na bpríomhthionscnamh, bhí:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Tacaíocht do Thionscnamh na Scoileanna Glasa: Tacaíodh le scoileanna agus iad ag gabháil do Thionscnamh na Scoileanna Glasa de chuid an Taisce, ag cur bainistíocht agus oideachas comhshaoil chun cinn. • Rannpháirtíocht sa Chlár Aeráide ‘Take 1’: Ghlac scoileanna BOO páirt gníomhach sa chlár ‘Take 1’ maidir leis an aeráid i rith na bliana, ag léiriú tiomantas láidir d’inbhuanaitheacht chomhshaoil agus do ghníomhú ar son na haeráide. • Feasacht agus Gníomhú ar son an Athraithe Aeráide: Ghlac scoileanna páirt i ngníomhaíochtaí agus i dtionscnaimh éagsúla chun feasacht a mhúscailt faoin athrú aeráide, lorg carbóin a laghdú, agus cleachtais inbhuanaithe a chur chun cinn. Tionscadail chomhoibríocha dírithe ar

(ar lean)

- chaomhnú comhshaoil, fuinneamh in-athnuaite, laghdú dramhaíola agus caomhnú bithéagsúlachta.
- **Comhtháthú Curaclaim:** Chuir an clár 'Take 1' creat struchtúrtha ar fáil chun oideachas aeráide a chomhtháthú i gcuraclaim agus i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim, ag oiliúint daltaí ar chúiseanna agus tionchair an athraithe aeráide agus ar thábhacht na gníomhaíochta.
 - **Bearta Praiticiúla Comhshaoil:** Chuir scoileanna bearta praiticiúla i bhfeidhm chun tionchar comhshaoil a laghdú, lena n-áirítear tionscnaimh coigilte fuinnimh, straitéisí bainistíochta dramhaíola, agus cur chun cinn iompair atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil. Eagraíodh imeachtaí feasachta, feachtais plandála crann, agus gníomhaíochtaí for-rochtana pobail chomh maith.
 - **Tiomantas don Todhchaí Inbhuanaithe:** Trí rannpháirtíocht sa chlár 'Take 1', léirigh scoileanna BOO tiomantas do mhaoirseacht chomhshaoil, ag cur le forbairt saoránach atá feasach ar an gcomhshaoil.
 - **Sonraí Iompair do Thurais Scoile:** Chuir scoileanna sonraí ráithiúla ar fáil maidir le húsáid busanna le haghaidh turais scoile.
 - Fuair Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí nuashonrú ó
 - Dhréachtaigh an Fhoireann Tacaíochta Ráiteas beartais do scoileanna maidir le Sraith Straitéisí um Ghníomhú ar son na hAeráide maidir le hOideachas don Inbhuanaitheacht: i gcomhar le Foireann Fuinnimh TFE.

Éilíonn an t-aistriú glas cur chuige uile-institiúideach, lena n-áirítear ‘glasú’ ábhar an churaclaim agus an timpeallacht foghlama, glasú an champais, forbairt scileanna do mhúinteoirí agus comhoibriú leis an tionscal, institiúidí taighde agus go leor páirtithe leasmhara seachtracha eile. In 2024, leanfaidh an Coláiste BOaO de chultúr na **hinbhuanaitheachta inár gcampais a chur chun cinn**.

Cuireann an BOO béim láidir agus mhéadaitheach ar **scileanna glasa agus Foirgnimh Beagnach Nialasacha Fuinnimh (FBNF)**. Tá sé ar cheann de 6 BOO a bhfuil Ionad Sármhaitheasa FBNF tiomnaithe acu. Is mór an uaimhian atá ann an soláthar seo a fhás i gcomhréir leis na gealltanais náisiúnta a leagtar amach sa Straitéis Tithíochta do Chách agus sa Phlean Náisiúnta um Théarnamh agus Athléimneacht.

Is éard atá san oiliúint faoi láthair ná oiliúint i mbunghnéithe FBNF, Athfheistiú, Inslíú Ballaí Seachtracha, Aerdhíonacht, agus Suiteáil Inslithe. Cuirfear feabhas breise air seo trí chúrsaí uasoiliúna i dTeicneolaíochtaí Gréine agus Caidéil Teasa in 2024.

Cuireann an tsaoirid oiliúint scileanna ar fáil do dhaoine atá dífhostaithe agus do dhaoine atá i bhfostaíocht ar mian leo a gcuid scileanna a fheabhsú. Cuirfidh an tIonad Barr Feabhais Nua-aimseartha agus Athchóirithe de chuid an BOO i Roxboro oiliúint ar thart ar 1,500 foghlaimoir in 2024 agus is cuid den fhorbairt níos leithne ar an gCampas Nuálaíochta Glas é.

I gcomhréir le hAlt 3.2 de Shainordú Gníomhaíochta Aeráide na hEarnála Poiblí – Plean Gníomhaíochta Aeráide 2023, tá iniúchadh ar phróisis pháipéarbhunaithe ar leibhéal Champas BOaO tosaithe ag an gColáiste BOaO chun na féidearthachtaí maidir le digitíú a mheas agus próisis pháipéarbhunaithe a dhíchur a mhéid is féidir.

Is í an fhorbairt is suntasaí i gcúrsaí aistrithe glas an Choláiste BOaO ná an Campas Nuálaíochta Glas a fhorbairt in 2022 i mBaile an Róistigh - ceann de na 6 ionad barr feabhais do scileanna glasa ar fud na tíre. Cuirtear cúrsaí oiliúna scileanna agus ardú feasachta ar fáil maidir le hAthfheistiú agus Foirgnimh Beagnach Nialasacha Fuinnimh (NZEB), lena n-áirítear oiliúint i mbunghnéithe NZEB, Athfheistiú, Inslíú Ballaí Seachtracha, Aerdhíonacht & Rialú Gaile, Suiteáil Inslithe Teirmigh agus Aeráil. Cuirfear feabhas breise air seo trí chúrsaí uasoiliúna i dTeicneolaíochtaí Gréine agus Caidéil Teasa in 2025.

I mí na Nollag 2024, bhain an Campas Nuálaíochta Glaise i mBaile an Róistigh garsprioc amach nuair a chuir siad fáilte roimh a 1,000^ú foghlaimoir chuig an oiliúint NZEB.

Chomh maith leis sin, thosaigh an Coláiste BOaO ag cur micreacháilíochtaí glasa ar fáil.

Tá neart deiseanna neamhfhoirmiúla agus foirmiúla ann chomh maith foghlaim faoin timpeallacht ar champais. Tá éileamh méadaithe ar ghairneoireacht, ar ghairdíní pobail a bhunú, ar uaschúrsáil/athchúrsáil, etc.

In 2024, bhain Campas Shráid Mulgrave an Marc Taistil Níos Cliste amach ag leibhéal Cré-umha as a thiomantas do thionscnaimh taistil inbhuanaithe. Is tionscnamh faoi

	<p>In 2024, cuirfimid uasoiliúint ar fáil don fhoireann trí na hacmhainní oiliúna don oiliúnóir agus cuirfimid í seo i bhfeidhm mar chlár cumaiscthe ar fud an tsoláthair FET, agus trí mhodúl scileanna glasa náisiúnta ar líne atá ar fáil tríd an r-Choláiste.</p>	<p>chúram an Údaráis Náisiúnta Iompair é an gradam Taisteal Níos Cliste.</p>
	<p>Tá an BOO tiomanta do dhíriú leanúnach ar Bhainistíocht Fuinnimh agus ar laghdú astaíochtaí Carbóin i bhfianaise ‘Ní mór do Chomhlachtaí Poiblí ról eiseamláireach a ghlacadh maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus iad ag saothrú Spriocanna agus gníomhartha atá sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh’ (S.I.426.).</p> <p>Táthar ag súil go nglacfar le Straitéis Fuinnimh Comhlachta Earnála Poiblí an BOO faoi R1 2024.</p> <p>Déanfaidh Rannóg Aeráide, Caipitil agus Bainistíocht Eastát an BOO, i gcomhréir le freagrachtaí mar Chomhlacht Earnála Poiblí, a dícheall chun an sprioc úsáid fuinnimh a laghdú 50% agus Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa a laghdú 51% faoi 2030 a bhaint amach. Le linn 2024, leanfaidh an BOO de bheith páirteach i dtionscnaimh ábhartha chun an infheistíocht leanúnach i mbearta laghdaithe fuinnimh a chur chun cinn. I measc na dtionscnamh sin tá an Clár Ceannródaíoch Náisiúnta agus Clár de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.</p> <p>Leanfaidh an BOO ar aghaidh ag obair leis an Roinn Oideachais agus RBATNE chun an infheistíocht i Scoileanna agus Ionaid an BOO a uasmhéadú</p>	<p>Is ball den Ghrupa Stiúrtha an BOO, leis an Roinn Oideachais agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, ar an gClár Pathfinder Píolótach Náisiúnta Fuinnimh do na Scoileanna. Lean an Clár Pathfinder seo ar aghaidh in 2024 chun cur chuige éagsúla a chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach chun athchóirithe fuinnimh domhain a dhéanamh ar scoileanna ar fud na tíre. Áiríodh leis seo dámhachtain an chonartha do Chlár Dearaidh agus Tógála Coláiste Collchoile, Drom Collachair, a críochnaíodh in 2024.</p> <p>Feidhmíonn an BOO mar chliant agus ceannaire riaracháin chomh maith do Thionscadal Re-Power EU do na suirbhéanna ar thionscadal €81 milliún do na 40 scoil rannpháirteacha ar fud na tíre. Bainfidh na scoileanna roghnaithe leas as athchóiriú domhain lena n-áirítear caidéal teasa agus MVHR a shuiteáil agus uasghráduithe fabraice a dhéanamh agus é mar aidhm rátáil BER B nó níos airde a bhaint amach.</p>

d'fhonn a chinntiú go mbeidh na saoráidí go léir ag teacht leis an reachtaíocht agus leis na rialacháin ábhartha ar fad, agus go mbeidh na caighdeáin is airde ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh de ag baint leo.

(ar lean)

Spríoc Straitéiseach 4: Comhpháirtíocht

Aidhm: Freagraí agus tacaíochtaí ábhartha a sholáthar de réir mar a éilíonn an Roinn Oideachais agus ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais eile, agus comhpháirtíochtaí éifeachtacha a fhorbairt, ar féidir leo freagairt do riachtanais oideachais agus oiliúna an réigiúin, anois agus feasta. Is éard atá i gceist leis seo ná freagra a thabhairt ar oibleagáidí reachtúla agus comhpháirtíochtaí ábhartha a thógáil chun ról an oideachais agus na hoiliúna a chur chun cinn ar mhaithe le hiomaíochas eacnamaíochta agus cuimsiú sóisialta ár réigiún a fhorbairt.

Cuspóir ón Ráiteas Straitéise	An gealltanas a thugtar i bPlean Seirbhíse 2024	Éachtaí in 2024
4.1 Cultúr comhoibrithe a shaibhriú san eagraíocht trí chéile.	Chun comhoibriú idir rannóga a éascú ionas go spreagfar úsáid a bhaint as acmhainní, saoráidí agus seirbhísí inmheánacha chun cur leis an taithí a bhíonn ag baill foirne, mic léinn/daltaí agus foghlaimeoirí.	<p>Lean an Rannóg Bainistíochta Aeráide, Caipitil & Eastáit ag obair i gcomhar agus i gcomhpháirtíocht chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal nuálacha éagsúla nach tionscadail BOO iad a sheachadadh i gcomhréir le Comhaontuithe Seirbhíse agus Nósanna Imeachta na Roinne Oideachais in 2024 do gach páirtí leasmhar inár réigiún.</p> <p>In 2024, lean an BOO agus Coláiste BOaO an BOO orthu ag nuashonrú a suíomhanna SharePoint chun cumarsáid a fheabhsú agus acmhainní a threorú go soiléir do gach úsáideoir foirne.</p>
4.2 Cultúr comhoibrithe, nuálaíochta agus comhpháirtíochta a chur chun cinn chun deiseanna a fheabhsú dár bpáirtithe leasmhara uile sa réigiún.	<p>Leanfaidh Rannóg Aeráide, Caipitil agus Bainistíocht Eastát an BOO de thionscadail a bhainistiú agus a sholáthar do scoileanna nach bhfuil faoi scáth an BOO le linn 2024 chun a chinntiú go mbainfear an úsáid is éifeachtaí agus is éifeachtúla ó thaobh costais de as cistiú poiblí.</p> <p>Oibreoidh an BOO leis na scoileanna seo a leanas nach scoileanna BOO iad d'fhonn a chinntiú go gcuirfear tionscadail i gcrích trí straitéisí éifeachtacha bainistíochta tionscadail a chur i bhfeidhm:</p> <ul style="list-style-type: none">• Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg, Inis.• Scoil Mhóin an Lín, Móin an Lín.• Gaelscoil Donncha Rua, Sionainn.	<p>Rinne Rannóg Aeráide, Caipitil agus Bainistíocht Eastát an BOO de na tionscadail seo a leanas a bhainistiú agus a sholáthar do scoileanna nach bhfuil faoi scáth an BOO lena chinntiú go mbainfear an úsáid is éifeachtaí agus is éifeachtúla ó thaobh costais de as cistiú poiblí.</p> <ul style="list-style-type: none">• Gaelscoil Mhíchíl Uí Chíosóg, céim 2b ceadaithe, Rannpháirtíocht leis an bhFoireann Dearaidh chun tosú ar an láthair i R3 2025.• Tá próiseas tairisceana Mhóin an Lín fós ar siúl agus ceapfar conraitheoir chun an tógáil a thosú i R2 2025.• Cuireadh tús le Gaelscoil Donncha Rua i Sionainn a thógáil i Meán Fómhair 2024 agus táthar ag súil go gcuirfear i gcrích í i R1 2025.

	<ul style="list-style-type: none"> • Scoil Bhríde Naofa, Luimneach. • Scoil Náisiúnta Mhuire, Luimneach. • Coláiste na Sailéiseach, Pailís Chaonraí. • Coláiste San Cleimint, Luimneach. • Gaelscoil Uí Choimín, Cill Rois. 	<ul style="list-style-type: none"> • Scoil Náisiúnta Naomh Bríd, Luimneach - pleanáil ceadaithe agus conraitheoir ceaptha in 2024. Tógáil curtha i gcrích i R2 2025. • Scoil Náisiúnta Naomh Muire, Luimneach – Tuarascáil mhionsonraithe chéim 2a curtha isteach in 2024. • Coláiste na Sailéiseach, Pailís Chaonraí – Tuarascáil mhionsonraithe chéim 1 curtha isteach agus ceadaithe in 2024. Obair ar siúl ar thuarascáil Chéim 2a. • Coláiste Naomh Cleimint – Tuarascáil chéim 1 leasaithe curtha isteach agus ceadaithe ag an Roinn Oideachais. Ag dul ar aghaidh chuig iarratas pleanála. • Scoil Chuimsitheach Naomh Pádraig, Sionainn – Forbairt dearaidh ar siúl agus tuarascáil chéim 1 le cur isteach, tuilleadh ionchuir agus soiléirithe á lorg ón Roinn Oideachais maidir le raon feidhme na n-oibreacha. • Gaelscoil Uí Choimín, Cill Rois - tuarascáil chéim 1 ceadaithe ag an Roinn Oideachais. Oibreacha ar siúl ar thuarascáil chéim 2a.
	<p>I bPlean Seirbhíse 2024, tá sé mar aidhm ag Obair don Óige comhoibriú a dhéanamh go fairsing le fóraim réigiúnacha agus sheachtracha éagsúla chun na nithe seo a leanas a bhaint amach:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann leis an obair don óige, agus infheictheacht na hoibre sin, mar idirghabháil ríthábhachtach do gach duine óg. • Bealaí cumarsáide láidre a bhunú i measc eagraíochtaí atá tiomanta do rannpháirtíocht na hóige laistigh den réigiún. 	<p>Plean Seirbhíse um Obair don Aos Óg 2024</p> <p>In 2024, rinne an earnáil um Obair don Aos Óg comhoibriú fairsing le fóraim réigiúnacha agus sheachtracha chun na nithe seo a leanas a bhaint amach:</p> <p>Rinneadh ardú ar Thábhacht agus ar Fheiceálacht na hOibre don Aos Óg</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cothaíodh feasacht ardaithe ar obair don aos óg mar idirghabháil ríthábhachtach trí fheachtais spriocdhírthe agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha. Ceann dár bpríomhimeachtaí ná comhdháil BOOÉ dar teideal Youth Work Matters a reáchtáladh i mí na Bealtaine, agus bhí an

- Ról gníomhach a ghlacadh i bhforbairt beartais a bhaineann le hobair don aos óg agus na réimsí gaolmhara a mhúnlú.

ócáid seo ríthábhachtach chun béim a chur ar thábhacht na hEarnála Oibre don Aos Óg.

- Méadaíodh aitheantas an phobail agus páirtithe leasmhara ar an luach a thugann obair don aos óg d'fhorbairt agus folláine daoine óga.
- Cinntíodh ionadaíocht níos láidre d'obair don aos óg i bpleananna straitéiseacha réigiúnacha agus i dtionscnaimh forbartha pobail ar fud an réigiúin.

Bunaíodh bealaí cumarsáide láidre ar fud na hEarnála

- Forbraíodh agus cothaíodh líonra réigiúnach d'eagraíochtaí rannpháirteachais leis an aos óg, ag cur comhoibriú agus foghlaim chomhroinnte chun cinn. I mí Feabhra 2024, reáchtálar sraith ceardlann UBU le páirtithe leasmhara chun comhoibriú agus líonrú a chinntiú.
- Éascaíodh comhroinnt faisnéise comhsheasmhach trí chruinnithe rialta idirghníomhaireachta agus ardáin dhigiteacha, lena n-áirítear cur i bhfeidhm córas iarratais ar líne SUBMIT le haghaidh Deontas do Chlubanna Óige Áitiúla.
- Neartaíodh comhpháirtíochtaí tras-earnálacha, rud a fhágann go mbeidh seirbhísí óige níos comhordaithe agus níos freagraí ann. Ba cheann de na príomhéachtaí ná an Cúrsa Oiliúna um Obair don Aos Óg, a reáchtálfar in 2025.

Glacadh ról gníomhach i bhforbairt beartais a mhúnlú

- Glacadh páirt i gcomhairliúcháin beartais agus cuireadh le grúpaí oibre a bhí dírithe ar shaincheisteanna a bhaineann leis an óige, lena n-áirítear Líonra Oibre Óige BOOÉ agus raon grúpaí áitiúla.
- Imríodh tionchar ar chreataí beartais áitiúla agus réigiúnacha chun léiriú níos cruinne a thabhairt ar thábhacht na hoibre don aos óg.

Trína choláiste BOaO, tá an BOO páirteach sna comhoibrithe seo a leanas:

- Rannpháirteachas le fostóirí idir an BOO agus comhlachtaí ar nós Comhlachais Tráchtála, OFÁna, IBEC, GFT, RGFCs, Comhairlí Contae, etc.
- Ball gníomhach d'Fhóram Scileanna Réigiúnach an Iarthair Láir.
- Grúpa Comhairleach Saineolaithe RBATNE ar Scileanna Gaoithe Amach ón gCósta agus Riachtanais Lucht Oibre.
- Tá STRF ina chomhchathaoirleach ar Bhraisle Oideachais agus Oiliúna In-athnuaite an Iarthair Láir.
- Tá STRF ina chathaoirleach ar an mBraisle Bogearraí Tumthach le BOOanna agus Scileanna Glasa
- Tá STRF ina chathaoirleach ar Líonra Oiliúna Scannán agus Oideachais an Iarthair Láir.
- Grúpaí braisle tionscail san Iarthair Láir, i.e. Fáilteachas agus Turasóireacht, Innealtóireacht, TF, Miondíol.
- Cathaoirleach Learning Limerick UNESCO.
- Grúpa Náisiúnta Maoirseachta agus Comhairleach Tógála
- Comhpháirtithe pobail amhail Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, ionaid acmhainní teaghlaigh, líonraí foghlama náisiúnta, grúpaí pobail áitiúla, seirbhísí promhaidh príosúin, botháin na bhfear agus na mban, seirbhísí andúile, etc.
- Tá Campas Shionainne ag obair leis an earnáil eitlíochta chomh maith chun an acmhainn a mhéadú in 2024 chun freastal ar an éileamh méadaitheach ó Cothabháil, Deisiú agus athchóiriú (MRO) ar phrintísigh agus ar theicneoirí araon.

Maidir le rannpháirteachas le fostóirí, tá comhpháirtíochtaí tábhachtacha forbartha ag Seirbhís Tacaíochta um Rannpháirteachas le Fostóirí (STRF) an Choláiste BOaO chun a chinntiú go n-aithnítear an BOO mar pháirtí leasmhara lárnach i bhforbairt scileanna i réigiún Luimnigh agus an Chláir.

In 2024, trí líonrú a dhéanamh le Fóram Scileanna Réigiúnach an Iarthair Láir, an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail (GFT), na Comhairlí áitiúla, IBEC, Cuideachtaí Forbartha Pobail áitiúla, Comhpháirtíocht PAUL, Fiontair OFÁ, tionscail agus FBManna, etc., rinne Seirbhís Tacaíochta Rannpháirtíochta Fostóirí an Choláiste BOaO idirghabhálacha spriocdhíritha a fhorbairt trí Scileanna chun Dul Chun Cinn a Dhéanamh (STA) agus soláthar eile. Mar thoradh ar rannpháirteachas leanúnach le braislí tionscail, glacadh le cláir Scileanna chun Dul Chun Cinn a Dhéanamh le cuideachtaí ar nós Conack, Samco, Aughinish Alumina, Vitalograph, Coimpléasc Spóirt Iarthair Luimnigh agus Johnson & Johnson. Mar thoradh ar chomhoibriú eile, tá soláthar nua tagtha chun cinn san earnáil eitlíochta, san fháilteachas agus sna hearnálacha scileanna glasa.

Tá na ról seo a leanas ag an BOO chomh maith, tríd an STRF:

- Cathaoirleach ar Explore Engineering; Tá ról lárnach ag Explore Engineering, an comhoibriú comhghuaillíochta faoi stiúir an tionscail leis na ceithre chomhpháirtí oideachais, i gcur chun cinn Printíseachtaí don tionscal innealtóireachta agus déantúsaíochta.
- Comhchathaoirleach ar Bhraisle Oideachais agus Oiliúna In-athnuaite an Iarthair Láir. (BOO + OL, OTS & OTM, Wind Energy Ireland)
Tá an BOO ina bhall den Bhraisle Bogearraí Tumthach le BOOanna agus Scileanna Glasa

- Tá Campas an Ráithín ag obair leis an tionscal áitiúil chun sraith cúrsaí oiliúna Déantúsaíochta Ardleibhéil a chur ar fáil in 2024.

- Tá STRF ina chathaoirleach ar Líonra Oiliúna Scannán agus Oideachais an Iarthair Láir. (foghrúpa de Innovate Limerick)

Tá an Coláiste BOaO, tríd an STRF, ina chathaoirleach ar Learning Limerick, grúpa stiúrtha ilghníomhaireachta atá i gceannas ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus ar choincheap an réigiúin foghlama a chur chun cinn. I mí an Mhárta 2024, bhí áthas ar Champas Shráid Mulgrave seoladh oifigiúil Fhéile Foghlama ar Feadh an tSaoil Luimnigh a óstáil, don 14^ú bliain den Fhéile agus an clár imeachtaí ba chuimsithí riamh ag gabháil léi. Bhí an Fhéile ar siúl ó Dé Luain an 15 go dtí Dé Domhnaigh an 21 Aibreán 2024 agus *Foghlaim, Fás, Taiscéal mar théama aici*. Reáchtáladh breis is 150 imeacht agus gníomhaíocht saor in aisce i rith na seachtaine, idir imeachtaí ar líne agus imeachtaí aghaidh ar aghaidh.

Aithníonn Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) Luimnigh agus an Chláir an ról ríthábhachtach atá ag an oideachas i ndul i ngleic le heaspa agus eisiámh sóisialta. Tá soláthar BOaO an BOO i gcomhréir leis na cuspóirí áitiúla seo, go háirithe ina fhócas ar oiliúint scileanna ar an mbonnleibhéal trí Leibhéil DCCÉ 1–4. In 2024, bhí dul chun cinn chuig foghlaim dheimhnithe dul i méid laistigh den soláthar oideachais phobail agus scileanna lárnacha, mar thoradh ar chomhairle agus tacaíocht leanúnach ó mheantóireacht teagascóra, rochtain ar an tSeirbhís um Threoir san Oideachas Aosach agus comhoibriú agus pleanáil chomhpháirteach a tharlaíonn trí na líonraí foghlama agus laistigh de sholáthar an Choláiste BOaO.

Tá ról ríthábhachtach agus uathúil ag an Oideachas Pobail sa chóras BOaO agus i bpobail áitiúla Luimnigh agus an Chláir. Tá ár bPróiseas Gnó Áitiúil um Oideachas Pobail oscailte agus

	(ar lean)	ionchuimsitheach do gach grúpa/eagraíocht pobail ar fud Luimnigh agus an Chláir chun clárú mar chomhpháirtí pobail leis an BOO. Cuireann sé seo ar a gcumas iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú i.e. uaireanta teagaisc chun cúrsaí áitiúla atá dírithe ar an bhfoghlaim a sheachadadh.
	<p>Tá an BOO páirteach sna comhoibrithe seo a leanas, trína Rannóg Scoileanna:</p> <p>Oibríonn Rannóg na Scoileanna agus grúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh & Ospidéal Lár-Iarthair FSS chun roghanna gairme a bhaineann le cúram sláinte a chur chun cinn.</p> <p>Is imeacht bliantúil é an tImeacht Luathghairme sna hEolaíochtaí Sláinte Sóisearacha a eagraíonn Acadamh na nEolaíochtaí Sláinte i Luimneach agus sa Chlár. Tá sé deartha chun daltaí na hIdirbhliana agus an Chúigiú Bliain a chur in aithne do shaol spreagúil na ngairmeacha cúraim sláinte. Soláthraíonn an t-imeacht seo ardán do dhaltáí chun foghlaim faoi raon leathan gairmeacha cúraim sláinte, líonrú le gairmithe, agus roghanna gairme a bhaineann lena gcuid spéiseanna a iniúchadh.</p> <p>Is é príomhchuspóir Imeacht Luathghairme na nEolaíochtaí Sláinte Sóisearacha feasacht a mhúscailt i measc daltaí na hIdirbhliana agus an Chúigiú Bliain faoi na deiseanna éagsúla agus luachmhara atá ar fáil in earnáil an chúraim sláinte. Trí mhic léinn a chur i láthair réimse gairmeacha cúraim sláinte, tá sé mar aidhm ag an imeacht a spéis a spreagadh sa réimse seo agus iad a spreagadh chun gairmeacha cúraim sláinte a mheas mar roghanna inmharthana dá dtodhchaí. Tá réimse gníomhaíochtaí idirghníomhacha agus tarraingteacha mar chuid den</p>	<p>In 2024, lean Rannóg Scoileanna BOO Luimnigh agus an Chláir lena chomhoibriú rathúil le hOllscoil Luimnigh agus Grúpa Ospidéal an Iarthair Lár de chuid FSS, ag cur roghanna gairme a bhaineann le cúram sláinte chun cinn go suntasach i measc daltaí meánscoile.</p> <p>Bhí tionchar mór ag an Imeacht Luathghairme sna hEolaíochtaí Sláinte Sóisearacha bliantúil, arna eagrú ag Acadamh na nEolaíochtaí Sláinte, maidir le blaiseadh a thabhairt do dhaltáí na hIdirbhliana agus an Chúigiú Bliain ar réimse éagsúil agus fiúntach an chúraim sláinte. D'éirigh leis an tionscnamh seo ardán a chur ar fáil do dhaltáí chun réimse leathan gairmeacha cúraim sláinte a iniúchadh, nascadh le gairmithe tionscail, agus léargais luachmhara a fháil ar chosáin ghairme féideartha.</p> <p>Príomhthorthaí Imeacht 2024:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Feasacht Mhéadaithe: Chuir an t-imeacht go mór le feasacht a chothú i measc na ndaltaí a ghlac páirt faoi na deiseanna éagsúla agus sásúla laistigh d'earnáil an chúraim sláinte. • Léargais Ghairmiúla: Bhain daltaí leas as cuir i láthair mealltacha a thug raon éagsúil gairmithe cúraim sláinte, lena n-áirítear dochtúirí, altraí, fisiteiripeoirí agus cógaiseoirí, agus fuair siad eolas díreach ar a ról agus ar na cáilíochtaí riachtanacha. • Iniúchadh Gairme: Chuidigh gníomhaíochtaí idirghníomhacha iniúchta gairme, amhail taispeántais phraiticiúla agus ceardlanna, le tuiscint na ndaltaí ar a

Imeacht Luathghairme sna hEolaíochtaí Sláinte Sóisearacha, lena n-áirítear:

- Cur i láthair ó ghairmithe cúraim sláinte: Beidh deis ag daltaí éisteacht le réimse gairmithe cúraim sláinte, lena n-áirítear dochtúirí, altraí, fisiteiripeoirí, cógaiseoirí, agus daoine eile. Tabharfaidh na cuir i láthair seo léargas ar obair laethúil gairmithe cúraim sláinte agus ar na scileanna agus na cáilíochtaí atá riachtanach do na gairmeacha seo.
- Gníomhaíochtaí iniúchta gairme: Is féidir le daltaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí éagsúla a chabhróidh leo a gcuid spéiseanna a iniúchadh agus gairmeacha féideartha cúraim sláinte a aithint a oireann dá scileanna agus dá n-uailmhianta. D'fhéadfadh taispeántais phraiticiúla, cleachtaí rólghlactha agus ceardlanna idirghníomhacha a bheith san áireamh sna gníomhaíochtaí seo.
- Deiseanna líonraithe: Cuireann an t-imeacht seo ardán uathúil ar fáil do dhaltaí chun líonrú le gairmithe cúraim sláinte agus nascadh le daltaí eile ar spéis leo cosáin ghairme comhchosúla a shaothrú. Is féidir leis an líonrú seo naisc luachmhara a chothú agus doirse a oscailt chuig deiseanna amach anseo.

gcuid spéiseanna agus ar na gairmeacha a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach dóibh.

- **Rathúlacht Líonraithe:** Chothaigh an t-imeacht deiseanna luachmhara líonraithe, rud a chuir ar chumas na ndaltaí nascadh le gairmithe cúraim sláinte agus le piaraí, rud a chruthaigh conairí féideartha le haghaidh forbairt gairme amach anseo.
- **Rannpháirteachas le Daltaí:** D'fhreastail breis is X mac léinn ó scoileanna BOO agus scoileanna eile sa réigiún ar an ócáid, agus fuarthas aiseolas dearfach maidir le méadú ar spéis i ngairmeacha cúram sláinte. (replace X with the actual number).
- **Aiseolas Dearfach:** Léirigh aiseolas ó dhaltaí agus ó ghairmithe cúraim sláinte araon an tábhacht a bhaineann leis na himeachtaí maidir le naisc a chruthú idir an t-oideachas agus gairmeacha beatha amach anseo.
- Seoladh suíomh gréasáin tiomnaithe na comhpháirtíochta i Meán Fómhair 2024. Is iad seo a leanas príomhaidhmeanna an tsuímh ghréasáin www.healthcareers.ie:
- **Gairmeacha cúraim sláinte a chur i láthair do dhaltaí meánscoile:**
 - Tá sé deartha chun faisnéis agus deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí na hIdirbhliana agus na hArdteistiméireachta.
 - Is í an sprioc feasacht a mhúscailt faoin raon éagsúil gairmeacha cúraim sláinte.
- **Eolas a chur ar fáil faoi oideachas cúraim sláinte agus conairí gairme:**
 - Cuireann an suíomh acmhainní ar fáil amhail seimineáir ghréasáin agus agallaimh le gairmithe cúraim sláinte.

	(ar lean)	<ul style="list-style-type: none"> ○ Cuireann sé i láthair na disciplíní éagsúla laistigh de chúram sláinte, lena n-áirítear leigheas, altranas, fisiteiripe, agus go leor eile. ● Iniúchadh gairme agus líonrú a éascú: <ul style="list-style-type: none"> ○ Cuidíonn an suíomh gréasáin le daltaí a gcuid spéiseanna a iniúchadh agus gairmeacha féideartha sa chúram sláinte a aithint. ○ Cuireann sé deiseanna ar fáil chun nascadh le gairmithe cúraim sláinte agus foghlaim faoi na scileanna agus na cáilíochtaí atá riachtanach do ról éagsúla.
	<p>Cur chun cinn a dhéanamh ar an gclár ETIM 'BD STEM Stars' trí Rannóg na Scoileanna:</p> <ul style="list-style-type: none"> ● Is comórtas ETIM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic) do dhaltai meánscoile i réigiún Mumhan in Éirinn é BD STEM Stars. Is é BD Research Centre Ireland, rannóg de BD (Becton, Dickinson and Company), i gcomhpháirtíocht leis an BOO a eagraíonn é. ● Tá an comórtas deartha chun daltaí meánscoile a spreagadh chun tabhairt faoi ábhair ETIM agus a gcuid scileanna réitithe fadhbanna, smaointeoireachta criticiúla agus smaointeoireachta cruthaithí a fhorbairt. Tugtar dúshlán do mhic léinn réitigh nuálacha a fhorbairt ar fhadhbanna fíorshaoil a bhaineann le cúram sláinte, inbhuanaitheacht chomhshaoil, agus réimsí eile. ● Tá an comórtas oscailte do gach dalta meánscoile i réigiún na Mumhan, beag beann ar a gcúlra acadúil nó a dtaithe in ábhair ETIM. Is féidir le daltaí páirt a ghlacadh sa chomórtas ina n-aonar nó mar chuid d'fhoireann. 	<p>D'éirigh le comórtas BD STEM Stars 2024, tionscnamh comhoibríoch idir BD Research Centre Ireland agus Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) i gCúige Mumhan, daltaí meánscoile a spreagadh chun iniúchadh dinimiciúil a dhéanamh ar Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (ETIM/STEM). Bhí sé mar aidhm ag an gcomórtas seo paisean do dhisciplíní ETIM a spreagadh i measc foghlaimoirí óga, agus iad a spreagadh chun a gcuid eolais agus cruthaitheachta a chur i bhfeidhm chun dúshlán an tsaoil réadaigh a réiteach.</p> <p>Ghlac daltaí ó áiteanna éagsúla ar fud Chúige Mumhan páirt, ag cur i láthair tionscadal nuálacha a léirigh a gcuid scileanna réitithe fadhbanna, a dtuiscint eolaíoch, agus a n-intleacht innealtóireachta. Thug an comórtas ardán do dhaltai chun smaointeoireacht chriticiúil, obair foirne agus scileanna cumarsáide a fhorbairt, rud atá riachtanach le go n-éireoidh leo amach anseo i réimsí ETIM.</p> <p>Chuir BD Research Centre Ireland, mar nuálaí ceannródaíoch i dteicneolaíocht leighis, meantóireacht agus acmhainní luachmhara ar fáil, ag cur taighde agus forbairt</p>

	(ar lean)	<p>cheannródaíoch i láthair na ndaltaí. Chinntigh an chomhpháirtíocht leis na BOOanna rochtain agus rannpháirtíocht leathan ó scoileanna ar fud an réigiúin. Chríochnaigh BD STEM Stars 2024 le searmanas bronnta duaiseanna, imeacht a thug aitheantas ar éachtaí iontacha na ndaltaí a ghlac páirt ann. Ní hamháin gur cheiliúir an comórtas éachtaí na ndaltaí ach neartaigh sé chomh maith tábhacht an oideachais ETIM chun nuálaíocht a spreagadh agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlám shoचाीocha. Leag an t-imeacht béim rathúil ar an iarracht chomhoibríoch idir an tionscal agus an t-oideachas chun an chéad ghlúin eile de cheannairí ETIM a chothú i gCúige Mumhan.</p>
	<p>Is cur chuige scoile uile é Tionscnamh Meabhairshláinte agus Folláine Jigsaw ar a dtugtar ‘One Good School’ chun meabhairshláinte agus folláine a chur chun cinn i measc daoine óga. Tá an tionscnamh bunaithe ar phrionsabail timpeallacht scoile thacúil agus chuimsitheach a chruthú, oideachas agus oiliúint a sholáthar maidir le meabhairshláinte agus folláine, agus iompraíochtaí lorg cabhrach a spreagadh. Tá Coláistí Pobail Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir páirteach sa tionscnamh seo agus cuireann an BOO an chomhpháirtíocht chun cinn agus moltar go hard í ag an lá bronnta na ngradam bliantúil.</p>	<p>Léirigh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir tiomantas láidir do thacú le meabhairshláinte agus folláine na hóige trína rannpháirtíocht ghníomhach sa tionscnamh ‘One Good School’ de chuid Jigsaw. Aithníonn an BOO an ról ríthábhachtach atá ag scoileanna ó thaobh timpeallacht dhearfach a chothú ina gcuirtear an mheabhairshláinte chun cinn. Trí chomhoibriú le Jigsaw, d’éascaigh an BOO cur i bhfeidhm an chláir One Good School ina scoileanna ar fud an réigiúin. Tugann an clár seo cumhacht don phobal scoile ar fad—lena n-áirítear daltaí, foireann agus tuismitheoirí—chun freagracht chomhroinnte a ghlacadh as an meabhairshláinte. Bhí tacaíocht an BOO ríthábhachtach chun scoileanna a chumasú chun:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Páirt a ghlacadh i gceardlanna agus in oiliúint. • Gníomhaíochtaí atá bunaithe ar fhianaise a chur i bhfeidhm. • Cur chuige scoile uile a fhorbairt i leith na meabhairshláinte.

	<ul style="list-style-type: none"> Tionscadal ‘The Care Aware Crew’ – Céim 2 do Bhunscoileanna 	<p>Is comhoibriú é an Tionscadal ‘The Care Aware Crew’ idir Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, Acadamh na nEolaíochtaí Sláinte Sóisearacha, Ollscoil Luimnigh, Ospidéal Ollscoile Luimnigh agus Cúram Sláinte Pobail FSS an Iarthair Láir. Is é fócas an tionscadail sraith ceachtanna nuálacha Scileanna Saoil agus Garchabhrach a sheachadadh atá furasta le húsáid ag daltaí/múinteoirí — arna dtáirgeadh go háitiúil agus ina bhfuil saineolas chomhairligh Ospidéal Ollscoile Luimnigh, foireann Scoil an Leighis agus daoine eile — do dhaltaí bunscoile i rang 3 & 4 i scoileanna ar fud Luimnigh agus an Chláir.</p> <p>I measc na bpríomhghnóthachtálacha in 2024 bhí: Socrú (earcú rannpháirtithe [scoileanna], cruinnithe le Príomhoidí agus Múinteoirí Ranga i scoileanna, seachadadh ábhar, lena n-áirítear ábhair chlóite agus trealamh leighis); Comhordú a dhéanamh ar sheachadadh ceachtanna ón Care Aware Crew do 400 dalta i seomraí ranga bunscoile ar fud 13 scoil; Bailiú leabhar oibre comhlánaithe na ndaltaí agus aiseolas (lena n-áirítear cuairteanna ar sheomraí ranga); Bailiú aiseolais ó mhúinteoirí agus ó Phríomhoidí (trí agallamh agus ceistneoir).</p>
<p>4.3 Comhpháirtíochtaí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta a fhorbairt tuilleadh chun dea-chleachtas a roinnt agus chun ár bpróifíl a fheabhsú mar cheann de na príomhsholáthraithe</p>	<p>In 2024, tabharfaidh an Rannóg BOaO faoi thionscadail soghluaisteachta foghlama Erasmus+ faoi Phríomhghníomh 1 an Chláir chun tacaíocht a thabhairt d’eagraíochtaí deiseanna gairmiúla agus deiseanna forbartha pearsanta a sholáthar do mhúinteoirí, d’oiliúnoirí agus do bhaill foirne oideachais eile.</p> <p>Leanfaimid ar aghaidh leis an dea-chleachtas a scaipeadh ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta i gcomhdhálacha, san oiliúint agus i bpáipéir a chomhroinntear le soláthraithe foghlama.</p>	<p>In 2024, leathnaíodh Clár Soghluaisteachta Foirne Erasmus Plus an Choláiste BOaO, rud a thug deiseanna breise don fhoireann páirt a ghlacadh i dturais shoghluaisteachta tríd ár dTionscadail Creidiúnaithe VET agus Oideachais Aosach. Ghlac 29 ball foirne san iomlán (13 VET agus 16 ADU) páirt sna heispéiris idirnáisiúnta seo, lena n-áirítear freastal ar chúrsaí nó scáthú poist chun tacú lena bhforbairt ghairmiúil.</p> <p>I measc na ndeiseanna in 2024, bhí:</p> <ul style="list-style-type: none"> I mí Aibreáin, bhí Campas Inis Díomáin ina óstach don chéad chuairt ó shaineolaithe an Choláiste BOaO arna

oideachais agus oiliúna
ardchaighdeán.

(ar lean)

mhaoiniú ag Erasmus le haghaidh tionscnamh ealaíon atá rannpháirteach go sóisialta dar teideal *Making Cultural Acts in Public Space*. Thug an cheardlann trí lá seo baill foirne agus foghlaimeoirí ó Thuaisceart an Chláir le chéile chun iniúchadh a dhéanamh ar chuir chuige nuálacha maidir le gníomhartha cultúrtha a chruthú ina mbíonn pobail áitiúla páirteach.

- Comhpháirtíocht KA2 nua - Fiontraíocht do Chinn Scríbe Tuaithe Glasa. Tugann an tionscadal Erasmus dhá bhliain seo comhpháirtithe ó shé thír le chéile chun scileanna fiontraíochta a fhorbairt i gceantair thuaithe, ag díriú ar ghnó glas agus inbhuanaithe.
- Chuir Ionad Oideachais agus Oiliúna an Fháilteachais (IOOF) fáilte roimh roinnt grúpaí beaga foirne agus foghlaimeoirí ón Ísiltír agus ón nGearmáin chuig an gColáiste BOaO. Chomh maith leis sin, bhí comhghleacaithe ó Réigiún Nouvelle Aquitaine sa Fhrainc ina n-óstach againn mar chuid den socrú nasctha idirnáisiúnta idir réigiúin oideachais na Fraince agus na BOOanna.
- Cúrsa Oiliúna Foirne dar teideal 'Green Skills for Education: Promoting Environmental Awareness and Sustainable Actions in the Classroom'.
- Tionscadal Soghluaisteachta Foirne Erasmus Plus, Scáthchóiriú Poist Stiúideonna Scannán Origo, Búdaipeist.
- Chuir foireann na Foghlama Teaghlaigh clár scáthú poist Erasmus i gcrích in Hamburg le déanaí.

Tá BOO Luimnigh agus an Chláir páirteach sna comhoibrithe seo a leanas trína Rannóg BOaO:

- Fóram Scileanna Réigiúnach an Iarthair Láir.
- Cathaoirleach ar UNESCO Learning Limerick City.

(ar lean)

- Cathaoirleach ar Ghrúpa Oideachais agus Oiliúna Scannán an Iarthair Láir.
- Comhchathaoirleach ar Líonra Oiliúna agus Oideachais Fuinnimh In-athnuaite an Iarthair Láir.
- Ballraíocht i gComhlachais Tráchtála.
- Ballraíocht sna braislí tionscail seo a leanas:
 - Information Technology
 - Lóistíocht
 - Eitlíocht
 - Food Partnership
 - Explore Engineering
 -

Tá Rannóg na Scoileanna agus Dámh an Oideachais i gColáiste Mhuire gan Smál (MIC) i mbun tionscnaimh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh faoi láthair ina bhfuil 16 institiúid nua [um Acadamh Múinteoirí Erasmus](#), a bhainfidh leas as €22.5 milliún ó [bhuiséad Erasmus+](#) thar trí bliana chun deiseanna foghlama a chur ar fáil do mhúinteoirí i ngach céim dá ngairmeacha beatha, lena n-áirítear soghluaisteacht, ardáin foghlama agus pobail ghairmiúla.

Aguisín 2

Soláthar agus Seirbhísí

SCOILEANNA

Scoileanna Náisiúnta Pobail

SNP Mhol an Óige, Inis Díomáin, Co. an Chláir (ina bhfuil Seomra Ranga Satailíte an Ghleanna Rua, An Gleann Rua, Co. Luimnigh)

SNP Choill na Ráithíní, Tuaim Gréine, Co. an Chláir

SNP Fheadamair (Croi na Coille), Feadamair, Co. Luimnigh

Scoil Speisialta

Scoil Speisialta Pobail Luimnigh, An Drom Dearg, Mungairit, Co. Luimnigh

Coláistí Pobail

Coláiste Chaladh an Treoigh, Caladh an Treoigh, Luimneach

Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh

Coláiste Íde agus Iosef, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh

Coláiste Iósaef, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh

Coláiste Mhuire, Eas Géitine, Co. Luimnigh

Coláiste na Trócaire, Ráth Caola, Co. Luimnigh

Coláiste Dheasumhan / Gaelcholáiste Uí Chonba, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh

Coláiste Pobail Inse/Gaelcholáiste an Chláir, Inis, Co. an Chláir

Gaelcholáiste Luimnigh, Sir Harry's Mall, Limerick

Coláiste Collchoille, Drom Collachair, Co. Luimnigh

Coláiste Pobail Mhungairit, Mungairit, Co. Luimnigh

Coláiste Pobail na Scairbhe, An Scairbh, Co. an Chláir

Coláiste Pobail Naomh Áine, Cill Dalua, Co. an Chláir

Coláiste Pobail Naomh Eoin Bosco, Cill an Dísirt, Co. an Chláir

Coláiste Pobail Naomh Iósaf, Cill Chaoi, Co. an Chláir

Coláiste Pobail Chill Michíl, Cill Michíl, Co. an Chláir

Coláiste Pobail Thuamhain, Páirc Mhaoilis, Luimneach

Scoileanna Pobail

Scoil Phobail Eoin Baiste, Ospidéal, Co. Luimnigh

Scoil Phobail Chill Rois, Cill Rois, Co. an Chláir

Scoil Phobail Naomh Caimín, Sionainn, Co. an Chláir

Scoil Chuimsitheach Naomh Pádraig, Sionainn, Co. an Chláir

Scoil Phobail Inis Díomáin, Inis Díomáin, Co. an Chláir

FEIDHM UM OBAIR DON ÓIGE

Seirbhísí do Chathair agus Contae Luimnigh

- Coláiste Breisoideachais & Oiliúna, Campas Ascaill Uí Chonaill, Luimneach

Seirbhísí do Chontae an Chláir

- Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, Bóthar an Stáisiúin, Inis, Co. an Chláir

COLÁISTE BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

Campas Mhainistir na Féile, Mountmahon, Mainistir na Féile Co. Luimnigh

Campas na Ceapaí Móire, Drom Saileach, An Cheapach Mhór, Co. Luimnigh

Campas Chromadh, An tSráid Ard, Cromadh, Co. Luimnigh

Campas Orgánach/An tIonad Glas, An Cheathrú Ard Thiar, Drom Collachair, Co. Luimnigh

Campas Inse, Páirc Ghnó Chluain Ráda, Cluain Ráda, Inis, Co. an Chláir

Campas Inis Díomáin, Sráid na hEaglaise, Inis Díomáin, Co. an Chláir
 Campas Ospidéal, An Phríomhshráid, Ospidéal, Co. Luimnigh
 Campas Fáilteachais, Páirc LEDP, Baile an Róistigh, Luimneach
 Campas Bhóthar Chill Mocheallóg, Bóthar Chill Mocheallóg, Luimneach
 Campas Bhaile Chill Mocheallóg, Bóthar an Iarnróid, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh
 Campas Chill Rois, Bóthar Chuar an Chláir, Cill Rois, Co. an Chláir
 Campas Shráid na Cathrach, Bóthar an Bhaile Aird, Sráid na Cathrach, Co. an Chláir
 Campas Shráid Mulgrave, Sráid Mulgrave, Luimneach
 Campas an Chaisleáin Nua, Bóthar an Stáisiúin/Bóthar Naomh Muire, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh
 Campas Ascaill Uí Chonaill, An Institiúid Theicniúil, Ascaill Uí Chonaill, Luimneach
 Campas an Ráithín, Ascaill Chloch an Chéitinnigh, Páirc Ghnó an Ráithín, Luimneach
 Campas Nuálaíochta Glaise, Páirc LEDP, Baile an Róistigh, Luimneach
 Campas Acadamh Óige Mhaigh Rois, The Bays, Bóthar Chnoc an Lisín, Maigh Rois, Luimneach
 Campas na Scairbhe, Baile Driú, An Scairbh, Co. an Chláir
 Campas Seanghualann, An Phríomhshráid, Seanghualainn, Co. Luimnigh
 Campas na Sionainne, Eastát Tionsclaíochta na Sionainne, Sionainn, Co. an Chláir
 Campas Lár Bhaile na Sionainne, Brú na Sionna, Co. an Chláir
 Campas Thuaim Gréine, Áras Bhriain Bhórú, An Phríomhshráid, Tuaim Gréine, Co. an Chláir
 Campas Chrois Theach na Foraíre, Bóthar Chill Liaile, Luimneach
 Ionaid Oiliúna Pobail
 Cathair Luimnigh - faoi choimirce Sheirbhís Óige Luimnigh
 Inis - faoi choimirce Sheirbhís don Óige an Chláir

SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA BREISOIDEACHAIS & OILIÚNA

An tSeirbhís Tacaíochta Faisnéise, Earcaíochta agus Treorach

Cathair agus Contae Luimnigh - Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna, Campas Ascaill Uí Chonaill, Cathair Luimnigh

Contae an Chláir - Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna, Campas Inse, Inis, Co. an Chláir

Seirbhís Tacaíochta um Rannpháirtíocht Fiontar

Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna, Campas an Ráithín, Luimneach

Seirbhís Tacaíochta um Chuimsiú Gníomhach

Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna, Campas Bhóthar Chill Mocheallóg, Luimneach

Seirbhís Tacaíochta um Nuálaíocht, Forbairt agus Cáilíocht

Taighde, Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta agus Forbairt Ghairmiúil - Coláiste Breisoideachais agus

Oiliúna, Campas Bhóthar Chill Mocheallóg, Luimneach

Dearbhú Cáilíochta - Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna, Campas Inse, Inis, Co. an Chláir

SOLÁTHAR OIDEACHAIS & OILIÚNA ALLAMUIGH

Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Bhoirne, Béal an Chloga, Co. an Chláir

Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Chill Fhionáin, Cill Fhionáin, Co. Luimnigh

SOLÁTHAR OIDEACHAIS CEOIL

Scoil Cheoil Luimnigh

Music Generation Chathair Luimnigh

Music Generation Chontae Luimnigh

Music Generation an Chláir

SOLÁTHAR OIDEACHAIS SA PHRÍÓSÚN

Ionad Oideachais, Príosún Luimnigh, Sráid Mulgrave, Luimneach

Aguisín 3 Gluais Giorrúchán

AEGI	Tionscnamh Treorach don Oideachas Aosach
AMIF	An Ciste Tearmainn, Imirce agus Comhtháthaithe
BTEI	An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas
MRB	Measúnú Rangbhunaithe
PF	Príomhfheidhmeannach
CP	Coláiste Pobail
CTET	Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha
CBO	Coláiste Breisoideachais
CGVU	Láraonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána
IL	Imlitir
SNP	Scoileanna Náisiúnta Pobail
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
POS	Príomh-Oifig Staidrimh
RLCMLÓ	An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
RGFCM	An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
DEIS	Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna
RO	An Roinn Oideachais
RBATNE	An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
TA	Teagmhálaí Ainmnithe
RCPA	An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
BCTE	Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile
ITLM	Iarraidh agus Tuairisciú ar Leithdháileadh Maoinithe
BOO	Breisoideachas agus Oiliúint
RGCS	Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
GG5	Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána
S&S	Sláinte agus Sábháilteacht
MeT	Measúnú Tosaigh
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
FET	Faisnéis, Earcaíocht agus Treoir
CCBSA	Creat Cáilíochta Ag breathnú ar an Scoil Againne
CFPÁ	Coiste Forbartha Pobail Áitiúil
CFÁ	Cuideachta Forbartha Áitiúil
PEPÁ	Plean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil
PIS	Plean Ilbhliantúil Soláthair
MT	Meabhrán Tuisceana
FRSIL	Fóram Réigiúnach Scileanna an Iarthair Láir
ANLA	A Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh
nZEB	Caighdeán Fairgnimh atá nach mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh de
IOOA	Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh
OSR	An Oifig um Sholáthar Rialtais
TFE	Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta
FG	Forbairt Ghairmiúil
CSF	Comhaontú Soláthair Feidhmíochta
SFGM	An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí
IA	Iar-Ardteistiméireacht
CTFC	Córas Tacaíochta d'Fhoghlaimoirí Cláir

DC	Dearbhú Cáilíochta
DCCÉ	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
SLA	Comhaontú Seirbhíse
FAB	Foireann Ardbhainistíochta
CFS	Comhaontú Feidhmíochta Straitéisí
SOLAS	An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
FS	Féinmheastóireacht Scoile
ETIEM	Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Ealaín agus Matamaitic
ETIM	Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic
FCT	Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta
TBCTE	Teagasc an Bhéarla do Chainteoirí Teangacha Eile
ARO	Anailís ar Riachtanais Oiliúna
DUF	Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim
TFF	Timpeallacht Fhíorúil Foghlama
CGO	Coiste Gairmoideachais
SDOG	Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais
MSU	Meastóireacht Scoile Uile